Clár Rialtais:

Tuarascáil Bhliantúil 2013

Rialtas do Théarnamh Náisiúnta 2011-2016

Márta 2013

Clár

1. Réamhfhocal
2. An Geilleagar
3. Athchóiriú
4. Cothroime
5. Dul chun cinn
6. Na Gealltanais atá á nAthbhreithniú

Aguisín 1: Reachtaíocht Rialtais arna Achtú ó mhí an Mhárta 2012

Aguisín 2: Cuíchóiriú Comhlachtaí Stáit

1. Réamhfhocal

Bliain 2: Atógáil

Nuair a bhunaíomar an Rialtas seo i Márta 2011 ba é an príomhghealltanas a thugamar do mhuintir na hÉireann ná go réiteoimis na fadhbanna a bhí leis an ngeilleagar agus go gcuirfimis Éire ag obair arís. Tá an rialtas ag obair ó shin i gcomhar leis na daoine chun an plean a comhaontaíodh i ndáil le téarnamh geilleagair a chur i bhfeidhm. Tá an plean sin ag obair.

Tá an obair chrua agus na híobairtí atá á dhéanamh ag daoine ag déanamh difir. Tá Éire ag déanamh athnuachan uirthi féin agus a cáil, ag cothú muiníne arís agus ag leagan bunchloch do thodhchaí níos fearr. Leagtar amach sa dara tuarascáil bhliantúil seo an dul chun cinn atá déanta ar fud an Rialtais le bliain anuas. Léiríonn sí Rialtas atá ag obair go crua, ag athchóiriú, ag reachtú agus atá ag comhlíonadh a chuid gealltanas. Tar éis dhá bhliain, tá fianaise cheart ann den atógáil atá ar bun.

Muinín agus Cobhsaíocht Airgeadais a Athnuachan

Ag tógáil ar an gcéad ath-idirbheartaíocht a rinneadh ar an socrú tarrthála tá laghdú breise déanta ar chostais iasachta le leachtú An Banc Angla-Éireannach agus Irish Nationwide agus le fáil réidh leis na nótaí gealltanais.

Tá athstruchtúrú agus athchaipitliú déanta ar bhainc eile agus boird nua agus foirne nua bainistíochta i bhfeidhm. Tá deireadh le scéim ráthaíochta na mbanc, tá breis scaireanna sna bainc díolta, tá éarlaisí ag teacht isteach agus tá laghdú mór ar chomh mór is a bhíothas ag brath ar mhaoiniú éigeandála ón mBanc Ceannais.

Tá an leasú ar airgeadas poiblí de réir sprice agus 90% de comhdhlúthú fioscach tugtha chun críche agus iasachtaíocht le titim faoi 3% den sprioc GDP faoi 2015 mar atá leagtha amach.

Tá a shliocht anois ar an obair chrua atá ar bun chun a gcáil idirnáisiúnta maidir le bainistíocht airgeadais freagrach a athnuachan agus toradh bannaí fadtéarmacha rialtais anois níos lú ná 4%. Cuirfidh na hullmhúcháin atá ar bun ag Éirinn agus Uachtaránacht an AE tuilleadh leis an seasamh atá againn.

Cuidiú le Daoine Dul ar Ais ag Obair

An tosaíocht is mó a bhí againn ná daoine a chur ar ais ag obair mar tá i bhfad an iomarca fós gan post. D'éirigh linn 92% den 270 gníomh sa Phlean maidir le Poist 2012 a chur i

bhfeidhm. Plean é seo a leagadh amach lena dhéanamh níos éasca poist a chruthú agus a chosaint agus bhaineamar amach an spreagadh €2.25 billiún i dtionscadail infreastruchtúir phoiblí lena mbaineann go leor post. Thugamar faoi 18 misean trádála in 2012 arbh fhiú €200 milliún iad i ndíolacháin nua easpórtála.

Bhunaíomar beagnach 30,000 áit nua oiliúna agus oideachais do lucht cuardaigh poist agus sheolamar Intreo, seirbhís nua tacaíochta agus fostaíochta. Choinníomar a ngealltanas gan cáin a ardú ar obair ná ar ioncam.

An Té is Leochailí a Chosaint agus Cothroime a Chinntiú

Tá na príomhrátaí seachtainiúla leasa shóisialaigh coinnithe againn agus leanaimid ag tabhairt cosaint do na teaghlaigh is mó a raibh tionchar ag an gcúlú eacnamaíochta orthu. Thugamar €2.5 milliún isteach chun maoiniú a dhéanamh ar Chur Chuige Ceantar-Bhunaithe maidir le Bochtaineacht i measc Leanaí.

Rinneamar reachtaíocht nua dócmhainneachta pearsanta a achtú chun cuidiú le hiasachtaithe a bhí i gcruachás réiteach a dhéanamh le hiasachtóirí agus deis acu fanacht ina dtithe. D'aistríomar 5,000 líon tí isteach faoin scéim cóiríochta ar cíos go fadtéarmach.

Chaith NAMA €1bn ar mhaoin neamhchríochnaithe a chríochnú agus tá líon na bhforbairtí tithíochta neamhchríochnaithe anois tite 37% ó 2010.

Tá cinnte déanta againn de go bhfuil gach duine ag tabhairt go cóir don iarracht náisiúnta go háirithe nuair a rinneadh cáin a ardú ar chaipitil agus rachmas agus trí dheireadh a chur le bealaí éalaithe cánach a bhíodh ann riamh acusan ab fhearr a bhí as.

Polaitíocht a Athchóiriú

Tá ollchóiriú á dhéanamh againn ar an gcóras polaitíochta le go mbeidh sé níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla agus lena chinntiú go roinnfidh polaiteoirí na híobairtí atá á ndéanamh ag an tír ar fad. Tá ardú 30% curtha againn ar líon laethanta oibre na Dála. Tá pá agus costais polaiteoirí gearrtha againn agus laghdú eile déanta ar an gcostas a bhaineann le hAirí a iompar agus úsáid scairdeitleáin an Rialtais.

Leanadh leis an leasú ar an mBunreacht nuair a ritheadh Reifreann na Leanaí ag láidriú cearta a gcuid leanaí agus obair an Choinbhinsiúin ar an mBunreacht. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar athchóiriú na hEarnála Poiblí agus seirbhísí agus comhlachtaí anois níos sruthlínithe, níos mó seirbhísí roinnte, scileanna breise agus seirbhísí níos fearr á seachadadh.

Táimid ag déanamh athrú ó bhun ar an gcóras rialtais áitiúil lena dhéanamh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla agus ag dul ag déanamh laghdú d'aon trian ar líon na gcomhairleoirí.

Príomhsheirbhísí a Chosaint

Ainneoin ciorruithe buiséid riachtanacha, táimid ag cosaint oideachas, sláinte agus príomhsheirbhísí eile trí chostais a ghearradh, deireadh a chur le fuíoll, múinteoirí nua chomh maith le foirne riachtanacha príomhchúraim agus sláinte a earcú. Tá socruithe suntasacha nua déanta le dochtúirí comhairleacha ospidéil agus le tionscal na cógaisíochta chun costais a laghdú agus cur le seirbhísí sláinte.

Tá treoir de 48 bpríomhgníomhaíocht leagtha amach againn chun príomhchúram agus cúram ospidéil a athchóiriú le seirbhís sláinte cothrom agus inbhuanaithe a chinntiú amach anseo. Lean tAonad Seachadta Speisialta lena chuid oibre i gcomhar le hospidéil agus laghdaíodh tuilleadh amanna ar thralaithe agus feithimh ospidéil le linn 2012.

D'osclaíomar Aonad nua Fiobróise Cistí 34 leaba in Ospidéal Naomh Uinseann agus roghnaíomar campas Ospidéal San Séamus ar láthair Ospidéal nua na Leanaí.

Tosaíochtaí an Chláir agus Clocha Míle do Bhliain seo chugainn

Sa mbliain atá romhainn, leanfaimid leis an obair atá ar bun againn ag atógáil na tíre, ag cur a gcuid beartas i bhfeidhm chun athrú a mbeidh tionchar aige ar an saol do dhaoine a thabhairt chun cinn:

- Dlús a chur le réiteach a fháil ar an ngéarchéim morgáiste lena chinntiú go dtairgfear réiteach inmharthana d'fhormhór na dteaghlach faoin mbliain seo chugainn;
- Borradh a chur faoin ngeilleagar chun poist a chruthú, Plean Gníomhaíochta maidir le Poist 2013 a fheidhmiú, reachtaíocht maidir le NewEra agus Ciste Infheistíochta Straitéisí a achtú agus tionscadail nua sna príomhearnálacha straitéiseacha a mhaoiniú;
- A chinntiú nach rachaidh an téarnamh eacnamaíochta thar líonta tí atá gan post – straitéis níos láidre 'Bealaí chun Oibre' lena chinntiú gur daoine ar an mbeochlár a gheobhaidh poist nua;
- Athchóirithe breise polaitíochta agus reachtaíochta a sheachadadh i reifreann an Fhómhair ar dheireadh a chur leis an Seanad, leanúint le hobair an Choinbhinsiúin ar an mBunreacht agus athrú a chur ar fhorálacha um Shaoráil Faisnéise;
- Imeacht as an gclár IMF-EU agus cloí le iasachtaíocht agus fiachas a laghdú go dtí leibhéil inbhuanaithe;
- Seirbhís túslíne a chosaint trí bhreis táirgiúlachta agus athchóiriú ar sheirbhísí poiblí;
- Athrú nua suntasach ar bheartas a chuirfidh le saol na ndaoine, lena n-áirítear straitéis sláinte agus folláine, athchóirithe ar phríomhchúram, an córais oideachais a nua-chóiriú agus cur le seirbhísí teaghlaigh agus leanaí.

Cuirimid an tuarascáil seo i láthair mar thaifead ar an dul chun cinn atá déanta agus ar an tuiscint go bhfuil neart fós le baint amach sna trí bliana atá fanta de théarma an Rialtais. Leanfaimid orainn i dtreo na sprice, todhchaí na hÉireann a bhaint amach arís do na daoine agus déanfaimid sin le hobair chrua agus díograis.

Enda Kenny T.D.	Eamon Gilmore T.D.
An Taoiseach	An Tánaiste

2. An Geilleagar

Na Príomhbhuaicphointí

Beartas Baincéireachta agus Fioscach

- Margadh ar an bhfiachas bainc agus iasacht an Stáit a laghdú €20 billiún thar 10 mbliana
- Deireadh le Scéim Ráthaíochta na mBanc
- IBRC (An Banc Angla-Éireannach agus Irish Nationwide mar a bhí) a dhúnadh
- Irish Life a dhíol
- An t-easnamh is mó a bhí ag Éirinn riamh a laghdú agus bonn láidir a chur faoin airgeadas náisiúnta
- Tá Stát na hÉireann agus bainc na hÉireann tar éis filleadh ar na margaí bannaí fadtéarmacha don chéad uair ó mhí Mheán Fómhair 2010
- Ghlac na daoine leis an Reifreann Cobhsaíochta, agus chuidigh sin chun muinín a thabhairt arís trí ráthaíocht a thabhairt do rochtain na hÉireann ar an Sásra Cobhsaíochta Eorpach
- Taiscí ag filleadh ar bhainc na hÉireann agus brath níos lú ar mhaoiniú éigeandála ón ECB
- Roinnt de shealúchais an Stáit i mbainc diúscartha
- Ciste réitigh bainc nua bunaithe i gcás éagobhsaíocht airgeadais sa todhchaí
- Athstruchtúrú ar earnáil na gComhar Creidmheasa

Poist a Chruthú agus dul i ngleic le Dífhostaíocht

- Fostaíocht san earnáil phríobháideach ag ardú arís agus ardú bliantúil ar fhostaíocht taifeadta don chéad uair ó 2008
- Lean an geilleagar ag filleadh ar fhás agus bhí ardú 1.4% ar GDP in 2011, agus tá fás eile tuartha do 2012 agus 2013
- Ba í 2012 an bhliain ba mhó rath ó thaobh cruthú post don IDA agus d'Fhiontar Éireann ó 2006
- An ráta cánach corparáide a choimeád trédhearcach agus comhsheasmhach
- Seoladh an Plean Gníomhaíochta maidir le Poist 2013 agus seachadadh 92% de na 270 gníomh a bhí sa Phlean do Phoist 2012
- Torthaí dul chun cinn dár gcláir intéirneachta náisiúnta, JobBridge, ar an gceann is fearr san Eoraip
- Beagnach 30,000 áiteanna nua oideachais agus oiliúna curtha ar fáil do chuardaitheoirí poist
- 'Intreo' á leathadh amach – an tseirbhís ilfhreastail nua tacaíochta agus fostaíochta
- €60.5 milliún i maoiniú chuig 85 tionscadal ceannródaíoch chun deiseanna tráchtála nua a fhorbairt
- Seoladh Agenda 2020, plean chun cur an méid agus is féidir leis an bpoitéinseal cruthú poist a bhaineann le taighde SFI

- Infheistíocht shuntasach déanta in Ionaid Taighde Teicneolaíochta nua ar chaighdeán domhanda
- Síneadh ar an gclár tarscaoilte víosaí gearrfhanachta chuig 17 tír
- Síneadh ar leathadh amach an réimis víosa iontrála ilbhlianta do lucht taistil gnó
- Tacaíocht do mhórimeachtaí turasóireachta ar luach €110 milliún do gheilleagar na hÉireann
- Oideachas idirnáisiúnta ar luach €1 billiún go hÉirinn – comhaontú nua sínithe leis an mBrasaíl

Gnólachtaí a fhás

- Plean Athchóirithe Cánach ina bhfuil 10 bPointe tugtha isteach i mBuiséad 2013, plean a dhéanfaidh difríocht mhór do SMEanna
- Bearta nua chun €900 milliún a sholáthar i maoiniú breise do SMEanna
- Scéimeanna nua infheistíochta caipitil fiontair do chuideachtaí meánmhéide agus do chuideachtaí nuathionscanta
- 18 misean trádála rathúla in 2012 ar luach €200 milliún
- Meabhrán tuisceana nua sínithe leis an tSín as a leanfaidh caidrimh thráchtála nua shuntasacha
- Costas rómhaorlathais laghdaithe 19% ar luach beagnach €289 milliún sa bhliain
- Éasúint cíosa ag NAMA ar mhaoin thráchtála ar luach €13.5 milliún do ghnólachtaí
- Scéim nua chun creidmheas a sholáthar do ghnólachtaí beaga ar luach €150 milliún
- Ollchóiriú stairiúil ar dhlí fhéimheachta na hÉireann
- Beidh díolúine cáin chorparáide ar fáil do chuideachtaí nuathionscanta maidir le cuideachtaí a thosóidh i mbun trádála in 2013 agus in 2014

Infreastruchtúr Tábhachtach

- Pacáiste spreagtha €2.25 billiún infheistíochta i dtionscadail infreastruchtúir poiblí ina raibh a lán post
- Clár bóithre €850 milliún athbhunaithe mar chuid den phacáiste spreagtha
- Plean Leathanbhanda Nua chun leathanbhanda ardluais a sholáthar do gach teach, baile agus gnó
- €70 milliún de Chiste Éifeachtúlachta Fuinnimh a chruthú
- Infheistíocht €200 milliún i gclár infheistíochta seirbhísí uisce na hÉireann
- Idirnascaire Thoir-Thiar a bheidh ag nascadh eangaí cumhachta na hÉireann agus na Breataine

2. An Geilleagar

An Cur i bhFeidhm

Baincéireacht agus Clár Tacaíochta IMF/AE a Athchaibidliú

Inbhuanaitheacht an Airgeadais Náisiúnta a Fheabhsú
Laghdóidh an margadh ar na nótaí gealltanais, a cinntíodh i mí Feabhra 2013, riachtanais iasachta na hÉireann €20 billiún sna deich mbliana atá amach romhainn. Ní dhéanfar an chéad íocaíocht ar an mbunairgead faoin margadh nua anois go dtí 2038, agus déanfar an íocaíocht dheiridh in 2053. Ina theannta sin, laghdóidh díolachán Irish Life agus sealúchas an Stáit i Nótaí Caipitil Teagmhasach Bhanc na hÉireann Riachtanais Iasachta an Státchiste thart ar €2.4 bhilliún in 2013.

Athchóirithe Struchtúrtha chun Fás a Luathú agus Inbhuanaitheacht Fiachais
Cuireadh roinnt athchóirithe struchtúrtha chun cinn in 2012, ina measc:

- Tuilleadh díghiaráil ar bhainc, ag teacht leis an gClár Bearta Airgeadais 2011
- Athchóiriú dócmhainneachta pearsanta chun éascú le réiteach a fháil ar fhiachas pearsanta neamh-inbhuanaithe
- Reachtaíocht a fhoilsiú chun go mbeidh sé níos éasca do SMEanna inmharthana a gcuid fiachas a athstruchtúrú
- Bearta chun go mbeidh sé níos éasca ag gnólachtaí teacht ar chreidmheas
- Athchóiriú breise ar an gcreat oibre Buiséadach chun go bhféadfar pleanáil níos fearr
- Reachtaíocht don Chonradh Cobhsaíochta Fioscaigh ina leagtar amach rialacha nua buiséadacha agus fiachais
- Athchóiriú ar struchtúir caidrimh san ionad oibre agus ar shásraí socraithe pá earnálach
- Seirbhís nua tacaíochta agus fostaíochta lánpháirtithe chun feabhas a chur ar sheirbhísí gníomhachtúcháin an mhargaidh saothair agus an baol a bhaineann le dífhostaíocht fadtéarmach a laghdú
- Laghdú tapa ar líon na n-oibrithe san earnáil phoiblí
- Dul chun cinn i dtreo thabhairt isteach Íocaíocht Chúnamh Tithíochta nua chun córas níos inbhuanaithe a chruthú agus bacainní ar fhostaíocht a laghdú
- An bonn cánach a leathnú trí cháin mhaoine áitiúil nua chun íoc as seirbhísí áitiúla

Athchaipitliú na mBanc
Cuireadh athchaipitliú na mbanc siar go dtí gur tugadh na tástálacha struis a rinneadh in Athbhreithniú Measúnú Caipitil Stuamachta 2011 (PCAR) chun críche. Den €24 bhilliún i

gcaipitil a aithníodh a bhí riachtanach i ndiaidh an phróisis PCAR 2011, sholáthair an Stát €17.8 billiún agus fuarthas an iarmhéid trí chomhroinnt dualgas le sealbhóirí bannaí fo-ordaithe, infheistíocht phríobháideach, diúscairt sócmhainní agus cruthú caipitil inmheánach. Chuidigh sin chun córas airgeadais slán do thaiscí a sholáthar agus a chinntiú go mbeadh sreabhadh creidmheasa ann do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí na hÉireann.

An méid a bhíonn na Bainc ag brath ar Bhanc Ceannais na hÉireann agus ar an mBanc Ceannais Eorpach a Laghdú

Tá na bainc atá i mbun feidhme in Éirinn go leanúnach ag laghdú an leibhéal iasachta a fhaightear ón ECB. I rith Eanáir 2013, laghdaigh an maoiniú a tarraingíodh trí oibríochtaí athmhaoinithe an ECB €0.9 billiún go dtí €70.1 billiún – an leibhéal is ísle ó mhí Mheán Fómhair 2008. Ó mhí na Samhna 2012, d'fhill AIB, Banc na hÉireann agus Permanent TSB go léir ar na margaí fiachais idirnáisiúnta, agus bhailigh sin €2.6 bhilliún i maoiniú nua.

Mar thoradh ar chinneadh Rialtais, tiocfaidh Scéim Ráthaíochta na mBanc chun críche maidir le gach dliteanas nua ó mheán oíche an 28ú Márta 2013, agus sin céim shuntasach chun cinn ó thaobh normalú ár gcóras baincéireachta. Cuideoidh deireadh na scéime agus deireadh a bheith á chur de réir a chéile leis an dliteanas sin ón gcáiníocóir chun go bhféadfaidh Éire filleadh an athuair ar na margaí idirnáisiúnta.

Creidmheas a chinntiú do SMEanna

Chomhlíon na príomhbhainc a ngealltanas €3.5 bhilliún creidmheas a chur ar fáil do SMEanna in 2012 agus tá gealltanas tugtha acu €4 bhilliún eile creidmheas a chur ar fáil in 2013.

Chuir an Oifig Athbhreithnithe Creidmheasa ar ceal os cionn 50 faoin gcéad de na cinntí iasachtaithe a ndearnadh achomharc chuig an Oifig ina leith ó 2010 – agus d'fhág sin go raibh os cionn 10 milliún creidmheas breise ann do SMEanna.

Tá an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean chun infheistiú i sraith de thrí chiste fadtéarmacha nua, agus soláthróidh sin cothromas, creidmheas agus infheistíocht do SMEanna na hÉireann:

- Díreoidh Ciste Cothromais na SMEanna, ina bhfuil €300 milliún, ar ghnólachtaí sláintiúla a bheidh ag iarraidh fás.
- Díreoidh Ciste Slánúcháin na SMEanna, ina bhfuil €100 milliún, ar ghnólachtaí tearcfheidhmíochta, atá i dtuilleamaí dócmhainneachta nó gar dó ach lena mbaineann poitéinseal athstruchtúrú.
- Díreoidh Ciste Creidmheasa na SMEanna, ina bhfuil €450 milliún, ar SMEanna níos mó agus ar ghnólachtaí corparáide meánmhéide a bhfuil ag éirí leo.

Tá Ciste Iasachta Micrifhiontair bunaithe chun éascú le os cionn €90 milliún in iasachtaí breise do ghnólachtaí nua-thionscanta, do thrádálaithe aonair agus do mhicrifhiontair.

Réimeas Réitigh Speisialta agus Tobhach na mBanc
Sholáthar Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011 do dhéanamh socrú maidir le Córas Réitigh Speisialta éifeachtach dlúsúil d'fhorais chreidmheasa, chun cáiníocóirí a chosaint an méid agus is féidir ó dheacrachtaí san earnáil airgeadais sa todhchaí. Bunaíodh Ciste Réitigh Bainc de €250 milliún, arna mhaoiniú ag tobhach ar fhorais chreidmheasa, in 2012 chun foinse maoinithe a sholáthar chun réiteach a fháil ar éagobhsaíocht airgeadais i bhforais chreidmheasa.

An Sciar Poiblí sna Bainc a Dhiúscairt
D'éirigh leis an Stát an sealúchas €1 bhilliún in iomlán de Chaipiteal Teagmhasach Nótaí i mBanc na hÉireann a dhiúscairt, agus ba é an toradh a bhí air sin gur íocadh €1.056 bhilliún leis an Stát, ús agus brabús san áireamh.

NAMA a dhéanamh níos Trédhearcaí
Bhunaigh NAMA Rannán Straitéise agus Cumarsáide nua in 2012 chun tacú tuilleadh lena chaidreamh gníomhach le hionadaithe poiblí, gnó, na meáin agus muintir an phobail. Cinnteoidh na forálacha Saorála Faisnéise nua a bheidh á gcur chun cinn in 2013 go mbeidh NAMA faoi réir iarrataí FOI don chéad uair.

Comhair Creidmheasa
Bunaíodh Bord Athstruchtúraithe Comhar Creidmheasa ar bhonn riaracháin in 2012 chun maoirsiú agus éascú le hathstruchtúrú earnáil na gcomhar creidmheasa. Bhunaigh *The Credit Union and Co-Operation with Overseas Regulators Act 2012* an Bord go reachtúil agus soláthraítear do chobhsaíocht, rialachas treisithe agus creat oibre rialála do chomhair creidmheasa.

An Clár maidir le Poist

Ag cur le mar a d'éirigh leis an Tionscnamh Post 2011, sheol an Rialtas an Plean Gníomhaíochta maidir le Poist in 2012 mar an chéad thráthchuid de phróiseas uaillmhianach ilbhliantúil, dírithe ar 100,000 breise a chur ag obair in Éirinn. Bhí feidhmiú an phlean dírithe go maith, agus 92% de na 270 beart seachadta go rathúil, tacaíodh le fás ar thrádáil agus ar onnmhairiú, feabhsaíodh rochtain ar mhaoiniú, infheistíodh i dtaighde, feabhsaíodh iomaíochas ó thaobh costais agus baineadh leas as deiseanna earnálacha.

Cé go bhfuil dífhostaíocht ard go maith i gcónaí, tá comharthaí ann go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh sa mhargadh saothair. Mar shampla, in 2012, chruthaigh cuideachtaí de chuid IDA Ireland an líon is airde post nua le deich mbliana agus taifeadadh 6,570 post nua, agus

ba í 2012 an bhliain ab fhearr a bhí ag cliantchuideachtaí de chuid Fhiontar Éireann ó 2006 agus cruthaíodh os cionn 3,000 glanphost nua.

Seoladh an Plean Gníomhaíochta maidir le Poist 2013 i mí Feabhra, ina raibh 333 gníomh le feidhmiú ar feadh na bliana, agus tógfaidh sin ar dhul chun cinn a rinneadh in 2012 chun leanúint ar aghaidh ag cur feabhais ar thacaíocht do ghnólachtaí cruthaithe post agus ag cur deireadh le bacainní do chruthú fostaíochta feadh an gheilleagair.

An Beartas maidir leis an Margadh Saothair

In 2012, sheol an Rialtas a ráiteas beartais ar ghníomhachtú an mhargaidh saothair, dar teideal *Conairí i dTreo Oibre*. Leagtar amach leis sin cur chuige nua maidir le conas a ghníomhaíonn an Stát le daoine atá dífhostaithe dul ar ais ag obair agus conas tacú leo, agus nasctar íocaíocht teidlíochtaí do ghníomhachtú aonair i gcláir ghníomhachtúcháin. Díreoidh sin ar idirghníomhú rialta, spriocdhíriú níos fearr, dreasacht a thabhairt d'fhostóirí agus do chliaint agus córais a athchóiriú.

Tionscnaimh Gníomhachtúcháin Oibre

Faoi dheireadh na bliana 2012, bhí tús curtha ag 13,232 duine le socrúchán JobBridge. Fuair an mheastóireacht neamhspleách a rinneadh anuraidh amach gur beart gníomhachtúcháin a bhí ag éirí go han-mhaith leis a bhí ann, agus 52 faoin gcéad de na hintéirigh ag dul ar aghaidh go dtí fostaíocht íoctha. Seo ceann de na torthaí dul chun cinn is fearr do chláir socrúcháin oibre in áit ar bith san Eoraip.

Faoi dheireadh 2012, bhí 7,305 duine tar éis na socrúcháin oibre *Tús* a chríochnú nó bhíodar fós ina mbun agus choinnigh sin daoine ullamh chun oibre, go háirithe iad sin a bhí as obair go fadtéarmach.

Sholáthair Buiséad 2013 €11 milliún i maoiniú do 10,000 áit bhreise feadh raon clár gníomhachtúcháin.

Áiteanna Oideachais agus Oiliúna Breise

Tá an sprioc 30,000 áit bhreise oideachais agus oiliúna a sholáthar beagnach comhlíonta, agus tá na nithe a leanas bainte amach go dtí seo:

- 5,800 áit ar an gclár FÁS Oiliúint i Scileanna Sonracha
- 5,000 áit ar chlár Springboard 2011
- 4,121 áit ar an tionscnamh Fill ar an Oideachas
- 1,000 áit Iar-Ardteistiméireachta
- 6,500 áit ar an gCiste Oideachais agus Oiliúna don Mhargadh Saothair
- 6,000 áit ar chlár Springboard 2012

Cuireadh €48 milliún in iomlán ar fáil don Chiste Oiliúna Náisiúnta do bhearta gníomhachtúcháin saothair agus d'oiliúint scileanna spriocdhírithe in 2013.

Seirbhís Nua Náisiúnta Fostaíochta agus Teidlíochtaí
Seoladh Intreo, an tseirbhís nua lánpháirtithe fostaíochta agus tacaíochta, i mí Dheireadh Fómhair 2012. Is seirbhís ilfhreastail nua é Intreo ina lánpháirtítear raon seirbhísí éileamh, gníomhachtúcháin, fostaíochta agus rialaithe le próiseas cinntithe aonair chun maorlathas a laghdú agus luas a chur faoi chinntí agus próiseáil éileamh agus rochtain luath a chinntiú ar sheirbhísí fostaíochta. Cuireadh tús le leathadh amach na seirbhísí go céimneach lena chinntiú go mbeidh siad ar fáil ar fud na tíre faoi 2014.

Tá an reachtaíocht foilsithe chun cur ar chumas bhunú SOLAS, an comhlacht nua a bheidh freagrach as an earnáil bhreisoideachais agus oiliúna a lánpháirtiú, a fhorbairt agus a nua-aoisiú.

Cur le hOnnmhairiú

D'ardaigh luach onnmhairiú earraí 1 faoin gcéad in 2012 go dtí €92 bhilliún, an figiúr is airde ó 2002. Léiríonn na figiúirí is déanaí atá ar fáil gur tháinig ardú os cionn 11 faoin gcéad ar onnmhairiú seirbhísí don chéad naoi mí i 2012, sin le rá gur dócha go mbeidh an t-ardú foriomlán bliantúil ar onnmhairiú in 2012 suntasach go maith.

Clár ón mBaile go hOnnmhairiú a Chruthú
Tá Rannán Onnmhaireoirí Féideartha nua bunaithe ag Fiontar Éireann chun cuideachtaí lena mbaineann poitéinseal fás a atreorú ón margadh baile go dtí an margadh idirnáisiúnta. Tá clár píolótach nua chun cur le comhoibriú idir cuideachtaí Éireannacha agus cuideachtaí ilnáisiúnta seolta agus tá tús curtha le forbairt freisin ar an gclár idirnáisiúnta meantóra-comhairleora. Cuireadh síneadh i mBuiséad 2013 ar an scéim ar Asbhaint Tuilleamh Iasachta, chun tacú le cuideachtaí onnmhairiúcháin chun 'bonn a bheith acu ar an talamh' in ocht dtír bhreise.

Caidrimh Thrádála le Geilleagair atá ag Teacht Chun Cinn a Fheabhsú
Bhí ocht misean trádála déag ann in 2012, ag cur Éire chun cinn mar thrádálaí tábhachtach agus mar cheann scríbe infheistíochta i margaí bunaithe agus i margaí atá ag teacht chun cinn mar Stáit Aontaithe Mheiriceá, Ceanada, An Afraic Theas, an tSín, an Rúis agus an Bhrasaíl. Síníodh conarthaí agus gealltanais le luach féideartha os cionn €200 milliún i rith na misin sin. Reáchtáladh dhá Choimisiún Eacnamaíoch i gComhar ar éirigh go maith leo i dtreo dheireadh 2012, ag cur tuilleadh lenár naisc thrádála agus eacnamaíoch leis an tSín agus leis an gCóiré Theas.

Bunaíodh Ciste nua Forbartha Agraibhia na hAfraice ar luach €2 mhilliún ar bhonn píolótach in 2012 chun comhpháirtíochtaí a fhorbairt idir Earnáil Agraibhia na hÉireann agus tíortha na hAfraice.

Scéimeanna Scoláireachta a Fhorbairt le Margaí atá ag teacht chun cinn

Tá scéim nua Scoláireachta na hÉireann dírithe ar mhúinteoirí Béarla ón iasacht a mhealladh go hÉirinn chun cur lena scileanna teanga, ag díriú ar phríomh-mhargaí idirnáisiúnta. Bronnadh dhá scoláireacht déag in 2012 agus déanfar an scéim a leathnú tuilleadh in 2013 go dtí an Rúis agus go dtí an tSín.

Bronntar Scoláireachtaí Idirnáisiúnta Rialtas na hÉireann ar mhic léinn ardchumais chun staidéar in Éirinn ar feadh tréimhse bliana. Téann na scoláirí a n-éiríonn leo i mbun staidéir le bheith ina *n-Ambasadóirí Oideachais in Éirinn* agus baintear leas as na meáin shóisialta chun branda na hÉireann a chur chun cinn ina dtíortha dúchais. Bronnadh dhá scoláireacht agus fiche in 2012, go príomha ar mhic léinn ón India agus ón tSín. Déanfar an scéim a leathnú tuilleadh in 2013 tráth a mbeidh an scéim ar fáil sa Bhrasaíl.

Nuálaíocht agus Tráchtálaíocht

Trádáil agus Infheistíocht sa Gheilleagar Cliste
Rinneadh dul chun maith suntasach in 2012, i bhfeidhmiú na moltaí atá leagtha amach sa Tuarascáil ar Thrádáil agus Infheistiú sa Gheilleagar Cliste:

- Shínigh 110 ball den Líonra Éireannach Domhanda an Clár Teagmhálacha Éireannach Domhanda, ina ndéantar an Diaspóra a chur i dteagmháil le cuideachtaí a bhíonn ag iarraidh leathnú amach go hidirnáisiúnta;
- Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh *Succeed in Ireland*, a seoladh i mí an Mhárta 2012, 5,000 post a chruthú laistigh de chúig bhliana tríd an Diaspóra a dhreasú chun dul ag obair ar son na hÉireann chun infheistíochtaí iasachta soghluaiste a aimsiú. Cuireadh isteach 485 infheistíocht fhéideartha go dtí seo.

Tacú lenár dTionscal Cluichí Digiteacha Dúchais

Tá Foireann Forbartha Bhraislithe faoi stiúir an tionscail bunaithe chun stiúir a chur faoi fheidhmiú Straitéis Chluichí Forfás. Tá aird ar leith á díriú ar riachtanais oideachais agus oiliúna na gcuideachtaí a bhíonn i mbun oibre in earnáil na gcluichí.

Tá treoir foilsithe ag Fiontar Éireann ar chreidmheasanna cánach R&D, ag leanúint ar aghaidh ó shraith ceardlanna R&D a bhí ar siúl le tionscal na gcluichí in 2012.

Seoladh an ceathrú Clár Luathaithe Fáis Idirlín i mí Dheireadh Fómhair 2012, agus bhí 36 cuideachta rannpháirteach ann. Is clár forbartha bainistíochta dian é seo do chuideachtaí idirlín/cluichí ardphoitéinsil, atá dírithe air iad a ullmhú le huirlisí praiticiúla atá riachtanach chun pleananna fáis idirnáisiúnta a fhoirmliú agus a ngnólachtaí a scálú.

Ríomhsheirbhísí an Rialtais

Tá 45 gníomh i Straitéis Ríomhsheirbhísí an Rialtais nua a seoladh in Aibreán 2012 chun mar a bhíonn saoránaigh agus gnólachtaí ag idirghníomhú leis an Stát a athrú, chun costas seachadadh na seirbhíse poiblí a laghdú agus a chinntiú go mbeidh sochar ag Éirinn as deiseanna a sholáthraíonn teicneolaíochtaí ICT nua agus cinn atá ann cheana féin. Éascaíonn láithreán gréasáin nua, e.gov.ie, le comhlachtaí poiblí chun dul chun cinn a thuairisciú agus ligeann don phobal féachaint ar mar a bhíonn an straitéis á feidhmiú.

Tá Teach Glantacháin maidir le Roinnt Sonraí bunaithe chun roinnt sonraí a chur chun cinn feadh na seirbhíse poiblí, chun go laghdófar an líon amanna a iarrtar ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí an t-eolas céanna a sholáthar.

Éire a bheith mar Cheannródaí ó thaobh Néalríomhaireacht

Leagtar amach leis an Straitéis Néalríomhaireachta nua don tSeirbhís Phoiblí, a foilsíodh i mí Iúil 2012, raon tionscnamh ar thráthchlár chun cur an méid agus is féidir leis an bpoitéinseal atá ag néalríomhaireacht chun seachadadh seirbhísí ICT a athchóiriú agus éifeachtúlachtaí a sheachadadh. Ceann de na haidhmeanna don bhliain 2013 infreastruchtúr líonraithe riachtanach a fheidhmiú chun tacú le Néal Pobail de chuid na Seirbhíse Poiblí.

Seoladh Ionad na hÉireann do Néalríomhaireacht agus Tráchtáil (IC4) i mí na Samhna 2012 chun dlús a chur faoi fhorbairt agus ghlacadh teicneolaíocht néalríomhaireachta in Éirinn, agus cumais na hÉireann a fhorbairt agus a léiriú agus poist a chruthú san earnáil ICT.

Taighde agus Nuálaíocht Teicneolaíochta a Chur Chun Cinn

Tá Beartas nua Náisiúnta Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta 2013-2017 bunaithe ag an nGrúpa Gnímh Tosaíochta Taighde. Tá Pleananna Gnímh glactha ag an nGrúpa freisin maidir leis na 14 réimse tosaíochta a moladh i dTuarascáil Tosaíochta Taighde Náisiúnta 2011, chun maoiniú taighde poiblí iomaíoch a ailíniú thart ar réimsí tosaíochta sa chúig bhliana atá amach romhainn.

I mí na Samhna 2012, sheol Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) a straitéis nua *Agenda 2020 – Excellence with Impact*, plean ocht mbliana chun eolaithe ar ardchaighdeán a choinneáil in Éirinn agus a mhealladh go hÉirinn agus cur an méid agus is féidir leis na

torthaí forbartha eacnamaíoch agus sochaí ón taighde a fhaigheann tacaíocht ón SFI. Cuirfidh reachtaíocht, a foilsíodh in 2012, ar chumas SFI tacú le taighde ar bhonn uile-oileánda agus fud fad na hEorpa, agus ceadófar d'fhoirne arna maoiniú ag SFI leibhéil bhreise de mhaoiniú nach maoiniú státchiste é a thabhairt isteach go hÉirinn.

I mí Eanáir 2013, faoin gClár Infheisteoirí, bhronn SFI €60.8 milliún in iomlán chun ochtú cúig tionscadal ceannródaíoch a mhaoiniú, agus tacóidh sé sin go díreach le 250 post taighde. Tá naisc ag na tionscadail atá á maoiniú le tríocha sé chuideachta tráchtála go dtí seo, agus poitéinseal suntasach acu do chruthú post.

Sheol Fiontar Éireann Tionscnamh Treisithe Aistrithe Teicneolaíochta 2013-2016 ar luach €22 milliún d'ollscoileanna agus d'Institiúidí Teicneolaíochta, chun idirghníomhú a spreagadh idir tionscal agus institiúidí ardoideachais. Meastar go mbeidh 150 cuideachta nua mar thoradh ar an tionscnamh faoi 2016.

Osclaíodh Campas Nuálaíochta DCU, ionad náisiúnta nua don nuálaíocht san earnáil teicneolaíochta glan, i mí Eanáir 2013. Beidh an campas nua ina ionad ardrogha do ghnólachtaí nua teicneolaíochta glan, SMEanna agus cuideachtaí níos mó agus meastar go dtiomáinfidh sé fás geilleagar glas suntasach, go dtacófar le 200 post thar an chéad ocht mí dhéag agus 500 sa chéad chúig bhliana.

Trí chomh-infheistíocht €300 milliún ón Stát agus ó thionscal, a fógraíodh i Feabhra 2013, tá seacht nIonad Taighde nua ar chaighdeán domhanda le forbairt i gCorcaigh, i Luimneach, i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath. Tabharfaidh na hionaid sin tacaíocht do bhreis agus 800 eolaí chun comhpháirtíochtaí bríomhara nua le tionscal a mhealladh, d'fhonn teicneolaíochtaí nua agus taighde ceannródaíoch a thráchtálú.

D'éirigh thar cionn le Cathair Bhaile Átha Cliath na hEolaíochta 2012 agus os cionn 600,000 duine ag glacadh páirte in imeachtaí eolaíochta fud fad na tíre. Mheall os cionn 160 imeacht agus gníomhaíochtaí ina raibh na heolaithe is mó atá chun cinn ar domhan cuairteoirí agus iriseoirí ó bhreis agus 70 tír. Ag cur le mar a d'éirigh leis, reáchtálfar Féile Fiosrachta go bliantúil i mBaile Átha Cliath, agus cuirfear tús leis sin i mí Iúil 2013.

Líonra d'Ionaid Taighde Teicneolaíochta a Bhunú

Is aonáin chomhoibríocha iad Ionaid Taighde Teicneolaíochta a bhunaigh an tionscal agus atá faoi stiúir an tionscail; dírithe ar thaighde agus tionchar díreach ar an tionscal. Tá dhá ionad déag nua bunaithe, agus leis sin tá 223 post nua cruthaithe i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach agus i gCill Dara. Beidh na hIonaid sin ag idirghníomhú le 220 cuideachta in 2013, tacófar le tráchtálú smaointe taighde, mac-chuideachtaí agus chun

tuilleadh post a chruthú. Tá obair ullmhúcháin ar siúl do chúig ionad eile sna réimsí sláinte, anailísíocht sonraí, teicneolaíocht déiríochta, fearais leighis agus cógaisíocht.

Creidmheasanna Cánach R&D a bheith níos Inrochtana do SMEanna
Déanfaidh an Bille Airgeadais 2013 an soláthar 'Príomh-fhostaí' den réimeas creidmheasa cánach R&D a leasú tríd an cion ama a bhféadfaidh fostaí a chaitheamh i mbun gníomhaíochtaí R&D agus sin amháin a laghdú – ó 75% go dtí 50% , chun cáiliú don chreidmheas.

Tacú le SMEanna

Fáil Phoiblí a Athchóiriú
Tá athchóiriú radacach á dhéanamh ar fháil lárnach, agus pleananna ann do bhunú Oifig Fála Náisiúnta, faoi stiúir an Phríomh-Oifigigh Fála a ceapadh le déanaí. Cinnteoidh lánpháirtiú beartas fála, straitéisí agus oibríochtaí isteach in aon oifig amháin costais i bhfad níos lú (os cionn €250 milliún in aghaidh na bliana) agus luach níos fearr ar airgead, mar aon le rannpháirtíocht SMEanna níos mó a chothú chun tairiscint a dhéanamh ar chonarthaí poiblí.

An Reachtaíocht Féimheachta a Athchóiriú
Tá athrú cuimsitheach déanta ar dhlí féimheachta na hÉireann ag an Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 le tabhairt isteach urscaoileadh uathoibríoch ón bhFéimheacht, faoi réir choinníollacha áirithe, i ndiaidh 3 bliana, seachas 12 bliain mar a bhí.

Struchtúr an Chomhchoiste Oibreachais a Athchóiriú
Rinne an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012 athrú ó bhun ar na sásraí socraithe pá reachtúla agus iad níos cothroime agus níos sofhreagraí d'imthosca eacnamaíoch a bhíonn ag athrú agus coinníollacha an mhargaidh oibreachais. Mar a foráladh san Acht, tá an Chúirt Oibreachais ag comhlíonadh athbhreithniú ar na Comhchoistí Oibreachais atá ann cheana féin, agus beidh sin tugtha chun críche i mí Aibreáin. Tá an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais tar éis tús a chur le comhairliúcháin le geallsealbhóirí ar obair an Domhnaigh agus rátaí ragoibre a chaighdeánú trí Chóid Chleachtais atá comhaontaithe go náisiúnta.

Cíos Tráchtála a Laghdú
Mar a tuairiscíodh anuraidh, níor éirigh le hidirghabháil reachtúil sa réimse athbhreithnithe cíosa ar bhonn ardaithe cíosa amháin teacht ar aon réiteach. Mar sin féin, oibríonn NAMA go forghníomhach chun éascú le héasúint cíosa i gcásanna a mbíonn iasacht faighte acu ar mhaoin tráchtála, nuair a léiríonn tionónta go mbíonn an cíos iníoctha faoi léas níos mó ná na leibhéil margaidh reatha agus go mbíonn inmharthanacht na gnólachta i gcontúirt mar

thoradh air sin. Faoi dheireadh na bliana 2012, bhronn an Ghníomhaireacht 212 iarratas ar chealú cíosa, le luach bliantúil comhiomlán de €13.5 mhilliún.

Costais Chomhlíonta do Mhicrifhiontair a Laghdú

Mar a tuairiscíodh anuraidh, léiríonn anailís nach bhféadfaí 'Cáin Ghnó Aonair' mar a moladh roimhe seo sa Chlár Rialtais a sheachadadh sa bhfoirm a bhí molta. Mar rogha air sin, fógraíodh Plean Athchóirithe Cánach mar chuid de Bhuiséad 2013 chun an costas a bhaineann le comhlíonadh cánach a laghdú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus nach mbeidh sé chomh deacair sin a dhéanamh. Áirítear leis an bplean síneadh ar an bhfaoiseamh cánach corparáide trí bliana do chuideachtaí nua-tionscanta agus roinnt beart chun nuálaíocht a spreagadh, cuidiú le sreabhadh airgid agus feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú.

Rómhaorlathas Rialtais ar Ghnólachtaí a Laghdú

Trí iarrachtaí feadh an Rialtais laghdaíodh an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí 19% i rith 2012, agus is ionann sin agus coigilteas féideartha bliantúil os cionn €289 milliún do ghnólachtaí. Soláthraíonn láithreán gréasáin nua, a seoladh i mí an Mheithimh 2012, (www.businessregulation.ie) foinse amháin eolais do ghnólachtaí maidir le conas cloí le riachtanais rialála arna fheidhmiú feadh na breis is tríocha comhlacht Rialtais.

Comhdhlúthaíonn Bille na gCuideachtaí na 16 Acht Cuideachtaí a bhí ann isteach in aon cheann amháin agus laghdóidh sin maorlathas agus déanfar oibleagáidí dlí cuideachta níos éasca le tuiscint. Mar thoradh air sin, sábhálfaidh 12,500 cuideachta nua-thionscanta gach bliain níos mó ná €6 mhilliún in iomlán i dtáillí gairmiúla a bhaineann le cuideachta a bhunú. Tá an Bille, ceann de na píosaí reachtúla is substaintiúla ó bunaíodh an Stát, foilsithe agus rachaidh sé tríd an Oireachtas i rith 2013.

Cur ar chumas SMEanna a bhFiachas a Athstruchtúrú

Tá forálacha sa Bhille Cuideachtaí freisin a chuirfidh ar chumas SMEanna iarratas a dhéanamh go díreach chuig an gCúirt Chuarda scrúdaitheoir a cheapadh, rud a fhágfaidh go mbeidh sé sin níos saoire agus níos éasca do ghnólachtaí inmharthana a bhfiachas a athstruchtúrú.

Conraitheoirí Tógála Beaga a Chosaint

Soláthróidh an Bille Conarthaí Tógála, a rithfear ina Acht i mbliana, cosaint níos fearr d'fho-chonraitheoirí beaga trí na nithe a leanas:

- cinnteacht a bhunú maidir le ham agus suim na n-íocaíochtaí;
- bealach éifeachtach forfheidhmithe a sholáthar i ndáil le híocaíochtaí déanacha, neamhíocaíochtaí nó íocaíochtaí i bpáirt;

- ceart a thabhairt díospóidí íocaíochta a chur ar aghaidh lena mbreithniú;
- cosc a chur ar fhorálacha "íocfar tú nuair a íocfar muid" i gconarthaí tógála.

Seirbhísí Airgeadais agus Creidmheas do Ghnólachtaí

Scéim Ráthaíochta Creidmheasa a Fheidhmiú
Tháinig an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2012 agus meastar go n-éascóidh sin le hiasachtú breise iomlán de €450 milliún do ghnólachtaí beaga, sna chéad trí bliana eile atá amach romhainn. Meastar go bhfaighidh 5600 gnólacht leas as an scéim seo agus go gcruthófar 4000 post. Tá an Scéim dírithe ar ghnólachtaí a bhfuil poitéinseal fáis agus cruthú post acu, agus a bhíonn deacrachtaí acu rochtain a fháil ar chreidmheas mar gheall nach mbíonn dóthain comhthaobhacht acu, nó mar gheall go n-oibríonn siad in earnálacha nach mbíonn dóthain eolais ag bainc orthu. Tá dhá ráthaíocht creidmheasa déag ceadaithe go dtí seo, agus is ionann sin agus saoráidí creidmheasa iomlána de bhreis agus €1.4 mhilliún arna soláthar do SMEanna.

Ciste Iasachta Micrifhiontair a Bhunú
Éascóidh an Ciste Iasachta Micrifhiontair, a tionscnaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2012, os cionn €90 milliún in iasacht bhreise do ghnólachtaí nua-thionscanta, do thrádálaithe aonair agus do mhicrifhiontair ar diúltaíodh rochtain ar chreidmheas dóibh ó na bainc. Leis an scéim, soláthrófar iasachtaí suas go dtí €25,000 do ghnólachtaí inmharthana agus meastar go gcuideoidh sin le 5,500 micrifhiontar chun 7,700 post a sholáthair sna deich mbliana atá amach romhainn, agus tá 24 iasacht curtha ar fáil go dtí seo.

Caipiteal Fiontair
Is tionscnamh é Ciste Nuálaíochta Éireann chun bainisteoirí idirnáisiúnta ceannródaíocha cistí caipitil fiontair a mhealladh go hÉirinn. Faoin gcéad iarraidh ar léiriú spéise rinneadh roinnt infheistíochtaí suntasacha lena n-áirítear €28.7 milliún in 2012 i Sofinnova Ventures – ciste caipitil fiontair cúraim sláinte idirnáisiúnta a bhfuil a n-oifig in Éirinn lonnaithe acu i mBaile Átha Cliath. Cuideoidh an infheistíocht sin lena chinntiú go mbeidh rochtain ag cuideachtaí ardteicneolaíochta atá bunaithe in Éirinn sna príomhearnálacha ar mhaoiniú. Seoladh an dara iarradh ar léiriú suime in 2012, agus infheisteoidh an Rialtas os cionn €60 milliún i gcistí a lonnóidh in Éirinn.

Seoladh an Scéim um Chaipiteal Forbartha i mí Aibreáin 2012 agus tá síneadh curtha leis an scéim sin anois chun €225 milliún de mhaoiniú in iomlán a sholáthar do chuideachtaí meánmhéide, do chuideachtaí ardfháis agus do chuideachtaí dúchais a bhfuil gach seans ann go gcruthófar poist agus fás ar onnmhairiú. Tacóidh an Scéim seo le cuideachtaí nach mbeadh ag titim go ginearálta laistigh d'fhócas ciste caipiteal síl agus fiontair

I mí an Mheithimh 2012, d'fhógair an Cúlchiste Náisiúnta Fiontair (NPRF) caidreamh comhoibritheach le Silicon Valley Bank, dírithe ar thacú leis an earnáil nuálaíochta teicneolaíochta in Éirinn. Measann an banc go mbeifear ag tabhairt US$100 milliún in iasachtaí do ghnólachtaí teicneolaíochta, eolaíocht bheatha, teicneolaíochta glan, cothromais phríobháideach agus caipitil fiontair atá ag fás go tapa sna cúig bhliana atá amach romhainn.

Chun breis forbartha a dhéanamh ar an gcóras caipitil fiontair baile seo, soláthraíodh €175 milliún de mhaoiniú i mBuiséad 2013 don Scéim Caipiteal Síl agus Fiontair 2013-2018. Spriocdhíreoidh sé sin €525 milliún eile ón earnáil phríobháideach, lena infheistiú i gcuideachtaí nua-thionscanta ardphoitéinsil agus i gcuideachtaí scálaithe.

Ag tacú le Comharchumainn

Laghdaigh Cláraitheoir na gCara-chumann raon táillí a bhítear a ghearradh ar chomharchumainn idir 33 agus 80 faoin gcéad, agus táthar ag teacht a bheag nó a mhór anois le táillí a ghearrtar ar chuideachtaí.

Éascóidh *The Friendly Societies and Industrial and Provident Societies (Miscellaneous Provisions) Bill* an t-ualach rialála ar chomharchumainn agus beidh sé níos éasca comharchumann a rith mar fhoirm eile d'eagraíocht fiontair.

Straitéisí Earnálacha

Cur leis an Earnáil Agraibhia

Athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta a Chinntiú

Caibidlíochtaí ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020 a bhreithnigh an clúdach maoinithe foriomlán don Chomhbheartas Talmhaíochta (CAP) agus na scaireanna do na Ballstáit aonair agus tháinig sin chun deireadh i mí Feabhra 2013. Chinntigh an buiséad a comhaontaíodh maoiniú os cionn €1.5 bhilliún in aghaidh na bliana d'Éirinn ón CAP, agus is ionann sin agus os cionn €11 bhilliún thar an tréimhse seacht mbliana. Beidh teorainn Íocaíochtaí Dírigh na hÉireann os cionn €1.2 bhilliún in aghaidh na bliana, agus beidh laghdú an-bheag ann chun freastal ar bhallstáit nua.

Leathnú agus Nuálaíocht bhreise san Earnáil Déiríochta agus san Earnáil Feola

Is é an toradh a bhí le Misean Trádála go dtí an tSín i mí Aibreáin 2012 go raibh teacht ar an margadh ar agraibhia na hÉireann, beatha d'ainmhithe agus táirgí bia mara, agus gnó nua don earnáil eachaí. Comhaontaíodh roinnt comhaontuithe in 2012 a chur ar chumas tuilleadh onnmhairiú a dhéanamh ar tháirgí feola na hÉireann go Singeapór, go dtí Aontas

na nÉimíríochtaí Arabacha agus go dtí an Afraic Theas. Tháinig ardú 4 faoin gcéad ar luach iomlán onnmhairiú feola agus beostoc in 2012 agus b'ionann sin agus beagnach €3 bhilliún in iomlán.

Seo roinnt de na fiontair chomhoibritheacha agus nuálaíocha suntasacha a cuireadh ar aghaidh sa mhargadh baile in 2012:

- Kerry Foods chun €100 milliún a infheistiú i bpríomhionad nua Taighde agus Nuálaíochta sa Nás, le 900 post.
- Glanbia chun €21 mhilliún a infheistiú ina monarcha siúd i mBéal Átha Ragad, chun caipitliú ar an Margadh Cothaithe Spóirt.
- Chinntigh Marketplace International, an fóram ceannaitheoirí bia agus dí is mó in Éirinn, conarthaí díolacháin os cionn €27 milliún in 2012 – ardú €16 milliún ar 2011.
- Ghlac os cionn 4,800 feirmeoir beostoic páirt sa Chlár nua Glactha Teicneolaíochta Mairteola.
- Tá clár glactha teicneolaíochta d'earnáil na gcaorach seolta agus tá buiséad €3 mhilliún ag an gclár sin.

Soghluaisteacht Talún a Chur Chun Cinn

Fógraíodh leathnú ar shainmhíniú chomhpháirtíochtaí feirme cláraithe mar chuid de Bhuiséad 2013, ionas go bhféadfaidh níos mó feirmeoirí leas a bhaint as an ráta 50 faoin gcéad d'fhaoiseamh stoic. Fógraíodh faoiseamh ó cháin ghnóchan caipitiúil mar thoradh ar dhiúscairtí talamh feirme suas go dtí 2015 do chríocha athstruchtúrú feirme freisin.

Gnólachtaí Bia Nua a Fhorbairt

Anuraidh, tógadh smaoineamh gnó tríocha fiontraithe chun cinn trí chlár bliana iomlán agus tá aon cheann déag de na tionscadail is indéanta agus is inscálaithe roghnaithe anois don chéim dheiridh agus tá a bpleananna gnó tástáilte á bhforbairt, mar ullmhúchán lena seoladh ar an margadh in 2013.

Branda Amháin d'Agraibhia na hÉireann

Tá straitéis aon bhranda amháin a fhorbairt dírithe ar Éirinn a bheith ag bunú a clú mar cheannródaí domhanda i dtáirgeadh bia ar ardchaighdeán. I mí an Mheithimh 2012, seoladh Clár Inbhuanaitheachta faoi stiúir Bhord Bia, Origin Green, don tionscal. Is é seo an chéad chaighdeán inbhuanaitheachta náisiúnta ar domhan, agus tá rannpháirtithe ag tabhairt gealltanais go laghdófar a n-ionchuir fuinnimh go forchéimneach, go n-íoslaghdófar a lorg carbóin agus go laghdófar a dtionchar foriomlán ar an gcomhshaol. Tharraing Origin Green tacaíocht ardleibhéal ón tionscal agus tá 175 cuideachta bia agus dí a bhfuil a leasa féin cláraithe acu go dtí seo.

Straitéis Bia Mara na hÉireann

Tá sé mar aidhm leis an straitéis do bhia mara na hÉireann, mar atá leagtha amach i bhFómhar Bia 2020, caipitliú ar an éileamh láidir atá ar tháirgí bia mara agus a bhfuil an t-éileamh sin ag fás an t-ioncam a ardú ó €700 milliún go dtí €1 bhilliún faoin mbliain 2020. Bhí Bord Iascaigh Mhara (BIM) ag cuidiú le hearnáil phróiseála na hÉireann leathnú amach i margaí nua agus tá toradh ar an gcúnamh sin, agus onnmhairiú bia mara ag leanúint ag fás go láidir in 2012, ag ardú 18% go dtí €493 milliún.

Is é Ionad Forbartha Bia Mara BIM an chéad ionad de chuid an Stáit atá dírithe ar fhorbairt táirgí nua agus ar chuir i láthair níos fearr ar ár dtáirgí bia mara. Anuraidh, bhain 330 cuideachta nua-thionscanta nuálaíoch bia mara agus próiseála bia leas as an Ionad agus tá na díolacháin táirgí nua a forbraíodh ansin ar luach thart ar €10 milliún in aghaidh na bliana agus tá an figiúr sin ag dul in airde. Le 12 mí anuas, d'fháiltigh Bord Bia roimh thart ar 30 ceannaitheoir bia mara idirnáisiúnta in Éirinn ó raon margaí lena n-áirítear an tSín, an tSeapáin, an Rúis, an Ostair, na Stáit Aontaithe, an Eilvéis agus an Ghearmáin.

An Táirge Turasóireachta a Fheabhsú

I rith 2012, mheall feachtas leanúnach Turasóireacht Éireann *Global Greening* rannpháirtithe ardiomrá mar Niagra Falls, Leaning Tower of Pisa, London Eye, Pálás na bPrionsaí i Monaco, Burj al Arab i Dubai agus an Sydney Opera House agus chuidigh sin chun poiblíocht dhearfach a chruthú d'Éirinn ar luach os cionn €5 milliún ó thaobh luach fógraíochta.

Socruithe Nua do Víosaí Cuairteoirí

Tá síneadh curtha le Clár Tarscaoilte Víosaí Gearrfhanachta na hÉireann, a bunaíodh in 2011, ar feadh tréimhse ceithre bliana eile agus tá ardú go dtí seacht dtír déag ar an líon tíortha atá clúdaithe. D'ardaigh cuairteanna ó thíortha arna chlúdach ag an gclár 21 faoin gcéad sa tréimhse dhá mhí dhéag i ndiaidh dó teacht i bhfeidhm.

Le linn Cluichí Oilimpeacha Londain 2012, glacadh leis an gcáipéis creidiúnaithe Oilimpeach a eisíodh d'iomaitheoirí, do chóitseálaithe, do lucht oifigiúla agus d'ionadaithe na meán maidir le víosa Éireannach dóibh sin ar theastaigh uathu cuairt a thabhairt ar Éirinn. Chuir os cionn 30 tír foireann nó lúthchleasaithe go hÉirinn chun dul i mbun oiliúna roimh na gCluichí Oilimpeacha in 2012.

Tá Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann ag leanúint ag leathadh amach réimeas víosa iliontrála do lucht taistil gnó, a cheadaíonn víosaí iliontrála a bhronnadh de thréimhse suas le trí bliana. Feidhmíodh é sin i réigiún na Murascaille in 2011, sa Rúis agus sa tSín in 2012, agus tá sé beartaithe an réimeas a shíneadh go dtí an India in 2013.

Chun cur le mar a éireoidh le Tóstal Éireann, féadfaidh daoine a bheidh ag freastal ar imeachtaí a bheidh ceadaithe ag an Tóstal iarratas a dhéanamh saor in aisce ar víosaí, agus próiseálfar iad ar bhonn tosaíochta.

Sciar de Mhargadh na Breataine a athghnóthú
D'fhoilsigh an Tascfhórsa Gnóthaithe Turasóireachta straitéis nua in 2012 maidir le mar a fhéadfaidh oileán na hÉireann tuilleadh cuairteoirí a mhealladh as an mBreatain Mhór. Léirítear moltaí na tuarascála i bPleananna Gnó 2013 na Gníomhaireachtaí Turasóireachta.

Ríomh-acmhainneacht ár dTáirge Turasóireachta a fheabhsú
I mí Eanáir 2013 sheol Turasóireacht Éireann www.Ireland.com, an láithreán gréasáin idirnáisiúnta nua do chúrsaí turasóireachta d'oileán na hÉireann, agus tá an t-eolas air le fáil i roinnt teangacha éagsúla.

Tá Wi-Fi saor in aisce suiteáilte i 17 Oifig Eolais do Thurasóirí go dtí seo. Tá Wi-Fi saor in aisce tugtha isteach ar sheirbhísí iarnróid Dart agus ar sheirbhísí iarnróid chomaitéireachta Iarnród Éireann, ar sheirbhísí Idirchathrach Iarnród Éireann, ar phríomhbhealaí comaitéara Bhus Éireann agus ar fheithiclí roghnaithe de chuid Bus Átha Cliath. Leathfar amach an Wi-Fi saor in aisce go dtí an Luas, agus go dtí na flíteanna eile de chuid Bhus Éireann agus Bhus Átha Cliath, in 2013.

Turasóireacht atá dírithe ar Ócáidí áirithe
Áirítear ar na himeachtaí móra a fuair tacaíocht in 2012 Rás Aigéin an Volvo i nGaillimh, Rás na Long Ard i gcalafort Bhaile Átha Cliath agus an cluiche idir Notre Dame agus Navy i mBaile Átha Cliath. Léiríonn staidéir tionchar eacnamaíoch gur chruthaigh Rás Aigéin an Volvo agus Rás na Long Ard sochar díreach do gheilleagar na hÉireann de €22.3 milliún, agus tháinig 35,000 lucht tacaíochta ar eitiltí go hÉirinn don chluiche idir Notre Dame agus Navy agus meastar gur chaith gach cuairteoir ar an meán thart ar €2,500.

Rinneadh go leor obair ullmhúcháin i rith 2012 do Thóstal Éireann 2013, agus tá os cionn 3,000 féile agus ócáidí beartaithe, an tionscnamh turasóireachta is mó a reáchtáladh riamh in Éirinn. Infheistíodh €5 milliún in 2012 agus tá buiséad €7 milliún á sholáthar i mbliana, agus is é an aidhm atá ann 325,000 cuairteoir eile a mhealladh chuig sráidbhailte, bailte agus cathracha na tíre seo.

Oideachas Idirnáisiúnta

Tuilleadh Mic Léinn Idirnáisiúnta a Mhealladh
Tá an feachtas idirnáisiúnta *Education in Ireland* leata amach i roinnt príomh-mhargaí, lena n-áirítear Stáit Aontaithe Mheiriceá, an tSín agus an Rúis. Tá raon tionscnamh eile á ndéanamh chun Éirinn a chur chun cinn i measc mic léinn idirnáisiúnta, lena n-áirítear

margaíocht ar na meáin shóisialta agus clár píolótach Ambasadóra do Mhic Léinn. Tá ardú 16% tagtha ar líon na mac léinn Béarla ó 2010.

In 2012, thug misin oideachais faoi stiúir an Aire cuairt ar an tSín, an India, Vítneam agus an Mhalaeisia. Bhí ionadaíocht ag an earnáil oideachais freisin ar mhisean faoi stiúir an Uachtaráin go dtí an Bhrasaíl, áit ar síníodh oll-chomhaontú oideachais agus taighde. Leis seo, tiocfaidh suas le 5,500 mac léinn go hÉirinn ar scoláireacht a bheidh maoinithe go hiomlán chun dul i mbun staidéir don chéad cheithre bliana eile.

Poist Ghlasa a chruthú

Le Ráiteas Beartais an Rialtais ar Fhás agus ar Fhostíocht sa Gheilleagar Glas *Delivering our Green Potential* a foilsíodh i mí na Samhna 2012, leagtar amach raon gníomhartha chun fás a sheachadadh agus suas le 10,000 post, iad seo a leanas san áireamh:

- Ar a laghad 200MW de chruthú in-athnuaite nua a cheangal leis an eangach gach bliain.
- Oibriú le cuideachtaí dúchais chun deiseanna onnmhairithe a aithint agus a fhorbairt d'earraí agus do sheirbhísí glasa
- Tosaíocht a thabhairt do thaighde agus d'fhorbairt i réimse lena n-áirítear Bia Inbhuanaithe, Fuinneamh In-athnuaite Mara agus Eangaí/Cathracha Cliste

Éifeachtúlacht Fuinnimh

Foilsíodh an dara Plean Gnímh Náisiúnta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh de chuid na hÉireann i mí Feabhra 2013 agus tá gealltanas ann go mbainfear amach sprioc choigilteas fuinneamh náisiúnta de 20 faoin gcéad faoin mbliain 2020. Leagfaidh an earnáil phoiblí síos sampla maith, agus laghdú 33 faoin gcéad in úsáid fuinnimh spriocdhírithe do 2020.

Soláthraíodh €35 mhilliún i mBuiséad 2013 don Chiste Éifeachtúlachta Fuinnimh nua, a bhfuil sé mar aidhm leis €35 mhilliún eile a ghiaráil ón earnáil phríobháideach, chun iasacht tionscadail a sholáthar d'oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh sna hearnálacha poiblí agus tráchtála. Tá an poitéinseal ag infheistíocht ón gCiste fostaíocht ollmhór a chruthú agus a choimeád feadh raon leathan earnálacha a bhaineann le tógáil.

Éire a bhunú mar Mhol Déantúsaíochta In-athnuaite

Seoladh an Straitéis d'Fhuinneamh In-athnuaite 2012-2020 in 2012 agus léirítear ann spriocanna straitéiseacha agus gníomhartha sonracha chun cur an méid agus is féidir le poitéinseal eacnamaíoch fhuinneamh in-athnuaite. Áiríodh na nithe seo a leanas orthu: cur le húsáid fuinneamh ón bhfarraige agus ón gcósta, earnáil bithfhuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt, taighde agus forbairt a chothú, cur le hiompar inbhuanaithe agus líonraí fuinnimh cliste fuinniúla agus éifeachtúla a thógáil.

Éire a shuíomh mar Phríomhimreoir sa Mhargadh Carbóin Domhanda

Tá an tionscnamh GIFSC (Ionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta Glas) ag obair chun caipitliú ar riachtanais airgeadais an gheilleagair ghlas sa todhchaí, sa bhaile agus go hidirnáisiunta araon. Seo a leanas roinnt forbairtí le déanaí:

- Fágann athruithe cánach nua a tugadh isteach go bhfuil Éire ar cheann de na chéad rialtais ar domhan chun creidmheasanna carbóin foraoise a aithint i reachtaíocht cánach.
- Teastas Iarchéime agus MSC in Airgeadas Fuinneamh Inbhuanaithe nua atá creidiúnaithe go hidirnáisiúnta, ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Seoladh an tionscnamh 'Glasú an IFSC' in 2012
- Branda soiléir a fhorbairt, a léireoidh seasamh uathúil na hÉireann san earnáil seo.

Straitéis Infheistíochta

An Ciste Infheistíochta Straitéiseach

Tá obair ar bun chun reachtaíocht a fhorbairt chun an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF) a athdhíriú ar infheistíocht in Éirinn, faoin tionscnamh An Ciste Infheistíochta Straitéiseach. Is príomhphrionsabal den chiste go mbeadh infheistíocht bunaithe go hiomlán ar bhonn tráchtála, agus an Ciste ag lorg infheistíocht mheaitseála ó infheisteoirí tríú páirtí. Ag an am céanna, leanann an NPRF ag obair ar chur le chéile agus ar fhorbairt píblíne de dheiseanna tráchtála eile don Chiste Infheistíochta Straitéiseach. Áirítear ar ghealltanais atá déanta ag an NPRF go dtí seo suas le €500 milliún de mhaoiniú chuig SMEanna agus €125 mhilliún de mhaoiniú nuálaíochta do chuideachtaí.

NewERA

NewERA

Bunaíodh NewERA ar bhonn neamhreachtúil laistigh den NTMA agus tá obair an-luachmhar déanta i réimsí éagsúla, lena n-áirítear:

- Ciste Éifeachtúlacht Fuinnimh nua ar luach €70 milliún a bhunú;
- Uisce Éireann agus an clár méadrú uisce baile a bhunú;
- pleananna d'onnmhairiú fuinneamh in-athnuaite idir Éirinn agus an Bhreatain;
- ciste diúscartha sócmhainní an Stáit.

Líonra Uisce Nua

Mionsonraítear straitéis sa Straitéis Feidhmiúcháin d'Athchóiriú na hEarnála Uisce, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2012, chun feabhas a chur ar cháilíocht seirbhísí uisce, cur le héifeachtúlacht costas agus ár n-acmhainn náisiúnta a chaomhnú. Áirítear gníomhartha agus amlínte sonracha sa straitéis do bhunathrú na hearnála uisce sa tréimhse go dtí 2017,

agus dírítear go háirithe ar shaincheisteanna a chaithfear aghaidh a thabhairt orthu chun freagracht reachtúil a aistriú do sheirbhísí uisce ó údaráis áitiúla go dtí Uisce Éireann le héifeacht ó mhí Eanáir 2014.

Tá Uisce Éireann á bhunú faoi láthair mar chuideachta neamhspleách faoi úinéireacht an stáit laistigh de Ghrúpa Bhord Gáis agus tá reachtaíocht á chur chun cinn tríd an Oireachtas chun go bhféadfaidh sé sin tarlú idir an dá linn. Déanfar suiteáil méadair uisce a leathadh amach go forghníomhach ar fud na tíre, agus cuirfear tús leis sin níos déanaí i mbliana, agus cruthófar thart ar 1,600 post le conraitheoirí áitiúla.

Sholáthair Banc Infheistíochta na hEorpa iasacht €200 milliún chun tacú le feabhsúcháin láithreach ar Chlár Infheistíochta Sheirbhísí Uisce na hÉireann, trí 23 tionscadal a mhaoiniú chun príomhlíonraí uisce nua, saoráidí cóireála uisce agus fuíolluisce agus taiscumair a sholáthair mar aon le bearta chun feabhas a chur ar chaomhnú uisce.

An Chéad Ghlúin Eile den Leathanbhanda

Leagtar amach leis an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda, a foilsíodh i mí Lúnasa 2012, clár chun leathanbhanda ardluais a sholáthair do gach teach baile agus gnólacht sa Stát thar shaolré an Rialtais, trí mheascán de thacaíocht beartais d'infheistíocht na hearnála tráchtála agus ionchur díreach ar an margadh nuair nach mbíonn an margadh ábalta na nithe a sheachadadh. Mar chéim mhór thábhachtach chun cinn i dtreo chomhlíonadh an ghealltanais seo, sheol an Rialtas le déanaí tairiscint do shaineolaithe chun cuidiú le dearadh, pleanáil agus fáil na hinfheistíochta faoi stiúir an Stáit. Tá an earnáil thráchtála ag déanamh infheistíochtaí cheana féin de thart ar €1 billiún, a sheachadóidh luais leathanbhanda de 30 Mbps go dtí 150Mbps chuig tithe baile agus gnólachtaí.

Eangach Cliste den 21ú hAois

Thosaigh an tIdirnascaire Thoir-Thiar, a nascann eangaí cumhachta na hÉireann agus na Breataine, i mbun oibriúcháin in 2012 agus is céim ollmhór chun cinn é sin i dtreo fhorbairt na hearnála onnmhairithe fuinnimh idir Éirinn agus an Bhreatain.

Mar chuid de Chlár 25 Eangach EirGrid, chuathas i mbun comhairliúcháin phoiblí in 2012 ar na tionscadail Grid Link agus Grid West. Leis na tionscadail seo tógfar líne chumhachta ardvoltais a nascóidh cúige Laighean agus Cúige Mumhan agus seachadófar infreastruchtúr fuinnimh den 21ú haois chuig Iarthar na hÉireann.

Is comhpháirtíocht nua idir EirGrid agus an Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh an Mol Nuálaíochta Eangaí Cliste, a seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2012. Cuirtear ar chumas

fiontraithe agus gnólachtaí teacht ar shaineolas i gcórais fuinnimh agus tugtar an deis dóibh a smaointe a léiriú ar chóras beo. Tá dhá thogra den sórt sin ó Glen Dimplex agus ó SSE/General Electric á mbogadh anois go dtí an chéim taispeána.

Sócmhainní Stáit

I mí Iúil 2012, d'fhógair an Rialtas pleananna d'infheistíocht bhreise €2.25 bhilliún i dtionscadail infreastruchtúir poiblí as a leanfadh a lán post. Tiocfaidh maoiniú ó dhíolachán sócmhainní Stáit, agus beidh tuilleadh ranníocaíochtaí ar fáil ón gCúlchiste Náisiúnta Pinsean, ó chomhpháirtíochtaí phoiblí-phríobháideacha agus ón mBanc Infheistíochta Eorpach. Seo a leanas roinnt de na príomhthionscadail :

- Suas le scór Ionad Cúraim Príomha nua
- Foirgnimh scoile nua agus athsholáthair
- Campas Ghráinseach Ghormáin de chuid DIT
- Saotharlann Paiteolaíochta Stáit nua
- €850 milliún chun uasghrádú a dhéanamh ar an líonra náisiúnta mótarbhealach agus príomhbhealach

Tá dul chun cinn déanta ar phleananna an Rialtais maidir le diúscairtí sócmhainní Stáit, agus meastar go seolfar roinnt idirbhearta sna míonna atá amach romhainn. Maidir le Fuinneamh Bhord Gáis, tá comhairleoirí in áit anois agus tá tús curtha le feachtas réamh-mhargaíochta sula seolfar an t-idirbheart go foirmiúil. Tá BSL ag leanúint ar aghaidh ag ullmhú do shraith sócmhainní a bheidh á dtabhairt chuig an margadh ar bhonn céimnithe agus cuirfear tús leis sin go luath. Tá obair ag dul ar aghaidh freisin maidir leis an díolachán atá beartaithe a dhéanamh ar chearta sábhála chuig foraoisí Choillte.

Beartas Fioscach

Bunaithe ar Thuairisceán an Státchiste ag deireadh mhí na Nollag 2012, meastar go mbeidh an tEasnamh Rialtais Ginearálta do 2012 níos lú ná 8 faoin gcéad den GDP – go maith laistigh den 8.6 faoin gcéad den sprioc GDP atá socraithe faoin gClár AE/IMF.

Ráta Cánach Éifeachtach Íosta do Dhaoine a bhfuil tuilleamh an-ard acu

Léiríonn tuarascáil na gCoimisinéirí Ioncaim ar éifeachtacht srianta a tugadh isteach do dhaoine a bhfuil tuilleamh an-ard acu, agus a foilsíodh in 2012, go bhfuil an cuspóir de ráta cánach éifeachtach a chinntiú de thart ar 30 faoin gcéad bainte amach acu.

An Cháin Mhaoine Áitiúil

Ghlac an Rialtas le formhór na moltaí a rinneadh i dTuarascáil an Shainghrúpa a bhain le cáin mhaoine chothrom a thabhairt isteach bunaithe ar luach an mhargaidh, seachas ar cháin ar luach an láithreáin. Achtaíodh an tAcht Airgeadais (An Cháin Mhaoine Áitiúil) i mí na Nollag

2012 agus tionscnófar an Cháin Mhaoine Áitiúil le héifeacht ón 1ú Iúil 2013 agus is iad na Coimisinéirí Ioncaim a bhaileoidh an cháin.

Bainfear leas as an airgead a bhaileofar chun seirbhísí áitiúla a mhaoiniú, agus beidh ar a laghad 65 faoin gcéad den ioncam ón gcáin mhaoine áitiúil imfhálaithe lena úsáid sna ceantair ina mbaileofar í. Ó 2015 ar aghaidh, beidh an chumhacht ag údaráis áitiúla na rátaí a ardú 15 faoin gcéad ó na rátaí náisiúnta lárnacha nó a ísliú 15 faoin gcéad ó na rátaí náisiúnta lárnacha chun go mbeidh sin ag teacht níos fearr lena riachtanais maoinithe. Beidh roinnt roghanna íocaíochtaí agus iarchur ann agus díolúine chun cuidiú leo sin a bhíonn deacrachtaí acu an íocaíocht a dhéanamh.

ÁSPC na bhFostóirí a Choimeád
Tá an ráta caighdeánach d'ÁSPC na bhfostóirí coimeádta ag 10.75%.

3. Athchóiriú

Na Príomhbhuaicphointí

Cúrsaí Bunreachta

- Glacadh leis an Reifreann maidir le Leanaí trínar treisíodh le cearta leanaí
- Coinbhinsiún ar bun chun réimse beart athchóirithe ar an mBunreacht a mheas
- Aontaíodh an Conradh um Chobhsaíocht Fhioscach chun cuidiú leis an téarnamh eacnamaíochta in Éirinn
- Reifreann faoi dheireadh a chur leis an Seanad faoi réir d'fhómhar na bliana 2013

Cúrsaí Polaitíochta

- Dlíthe nua ag cur srian ar thabhartais pholaitiúla agus chorparáideacha
- Rinneadh 2,921 dlí a bhí imithe i seandacht a aisghairm
- Laghdaíodh 50% ar an úsáid as scairdeitleán an Rialtais
- Ritheadh 57 mír reachtaíochta le dhá mhí dhéag anuas
- Córas nua achainíocha poiblí de chuid an Oireachtais ar siúl
- Ritheadh reachtaíocht d'fhonn cur le rannpháirtíocht na mban i gcúrsaí polaitíochta

An Earnáil Phoiblí

- Cuíchóiriú iomlán déanta ar 21 comhlacht Stáit agus an obair ar an gcuid eile faoi réir don bhliain 2013
- Moltaí an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais foilsithe tar éis na cainteanna faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí a thabhairt chun críche

- Feabhas curtha ar scileanna eacnamaíochta agus meastóireachta ar fud na Ranna Rialtais
- Breis soghluaisteachta agus Státseirbhísigh sinsearacha earcaithe ón earnáil phríobháideach
- *PeoplePoint* bunaithe – Ionad Seirbhísí Acmhainní Daonna i gComhar nua don Státseirbhís
- Sprioc níos airde maidir leis an laghdú ar líon na seirbhíseach poiblí
- Toradh níos mó ar shaothar na seirbhíse poiblí ainneoin laghdú ar acmhainní
- 111,800 Cárta Seirbhísí Poiblí nua eisithe go dtí seo
- Straitéisí maidir le r-Rialtas agus le Néalríomhaireacht seolta
- Athchóiriú ar an gcóras fála lárnaí d'fhonn sábháil €250 milliún in aghaidh na bliana a thabhairt i gcrích

An Rialtas Áitiúil

- Plean Gníomhaíochta nua foilsithe d'fhonn athchóiriú iomlán ar an rialtas áitiúil agus cumhacht a thabhairt dó
- Cáin Réadmhaoine Áitiúil tugtha isteach d'fhonn ciste a chur ar fáil do sheirbhísí áitiúla.
- Straitéis nua fiontraíochta agus post ag leibhéal an rialtais áitiúil, lena mbaineann Oifigí Fiontraíochta Áitiúla nua sna húdaráis áitiúla
- Cuireadh fixyourstreet.ie ar fáil ar fud na tíre

Trédhearcacht agus Cuntasacht

- IrelandStat seolta lena gcuirtear eolas mionsonraithe ar fáil faoi chaiteachas agus faoin úsáid as acmhainní an Rialtais
- 140 comhlacht poiblí eile a theacht faoi scáth an Ombudsman
- Tugadh reachtaíocht chun tosaigh d'fhonn Saoráil Faisnéise a chur ar ais mar a bhíodh agus a leathnú i ndáil leis na comhlachtaí poiblí go léir
- Táthar faoi réir chun reachtaíocht a thabhairt isteach faoina dtabharfaí cosaint do sceithirí, trína ndéanfaí rialáil ar stocaireacht, agus trína ndéanfaí soláthar d'fhiosrúcháin de chuid an Oireachtais
- Bonn reachtaíochta chur faoi Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann atá neamhspleách
- Leibhéal níos airde eolais faoi chúrsaí feidhmíochta i Meastacháin Leasaithe 2012

3. Athchóiriú

An Cur i bhFeidhm

Comhthéacs Athchóirithe

Reifreann chun deireadh a chur leis an Seanad
Tá ullmhúchán ar bun do reifreann faoi dheireadh a chur leis n Seanad a reachtálfár i rith fhómhar na bliana 2013. Tá aontaithe ag an Rialtas dréachtadh a dhéanamh ar Bhille an Reifrinn, a bheidh á fhoilsiú i rith an chéad Seisiún eile.

Reifreann maidir le Cearta Leanaí
Ritheadh an Reifreann ar Chearta Leanaí an 10 Samhain 2012. D'aontaigh mórchuid na ndaoine leis an Aonú Leasú agus Tríocha ar an mBunreacht chun ráiteas faoi leith faoi chearta leanaí a chur isteach sa Bhunreacht don chéad uair. Tráchtar ar roinnt réimsí de chearta na leanaí, idirbheartaíocht chun sábháilteacht agus leas leanaí a chosaint, uchtú agus cead cainte a bheith ag leanaí maidir le himeachtaí cúirte a bhaineann lena gcoinneáil nó lena gcuid leas.

Coinbhinsiún ar an mBunreacht a chur ar bun
Cuireadh an Coinbhinsiún ar an mBunreacht ar bun i mí Iúil 2012 le seasca sé saoránach agus tríocha trí polaiteoir faoi chathaoirleacht Tom Arnold Uasal. Bhí dhá chruinniú iomlán den Choinbhinsiún ann go dtí seo agus vótáladh i bhfabhar:

- an aois vótála a ísliú, arna mholadh go n-ísleofaí é go dtí 16 bliana d'aois
- leasú a dhéanamh ar an alt sa Bhunreacht maidir le "Mná sa Bhaile”
- breis bearta de chuid an Rialtais chun cur le rannpháirtíocht na mban sa saol poiblí agus i saol na polaitíochta
- bearta chun foclaíocht a thabhairt isteach sa Bhunreacht trína dtugtar inscní san áireamh

Tá diúltaithe ag an gCoinbhinsiún do mholtaí téarma oifige na huachtaránachta a ghiorrú ó seacht mbliana go dtí cúig bhliana agus a thabhairt ar aon bhuille le toghcháin áitiúla agus Eorpacha.

Tiocfaidh an Coinbhinsiún le chéile sé huaire eile an chuid eile den bhliain 2013 chun réimse leathan ábhar mar a leagtar amach i gClár an Rialtais a mheas agus tuairisc a thabhairt. Tá geallta ag an Rialtas freagra a thabhairt go poiblí ar aon mholtaí a dhéanann an Coinbhinsiún taobh istigh de ceithre mhí de thuarascáil a leagan os comhair an Oireachtais.

Athchóiriú ar Chúrsaí Polaitíochta

Laghdú ar líon na dTeachtaí Dála
Moladh i dTuarascáil an Choimisiúin um Thoghlaigh go n-ísleofaí líon na dTeachtaí Dála go dtí 158 agus líon na ndáilcheantar go dtí 40. Tá an reachtaíocht lena dtabharfar na hathruithe sin i bhfeidhm foilsithe agus beifear á cur tríd an Oireachtas i rith na bliana 2013.

Pinsin Pholaiteoirí
Níl pinsean Aire á íoc le comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas ó mhí Feabhra 2011 i leith. Ní íoctar pinsean feasta le Comhaltaí den Oireachtas a toghadh don chéad uair ón mbliain 2004 i leith go dtí go mbíonn 65 bliain slán acu.

Fiosrúcháin de chuid an Oireachtais
Tá aontaithe ag an Rialtas dréachtadh a dhéanamh ar reachtaíocht lena ndéanfar soláthar don Oireachtas tabhairt faoi fhiosrúchán taobh istigh den chreatlach bunreachta mar atá faoi láthair, agus sin maidir le cúig phríomhchatagóir:

- Fianaise a chur ar taifead agus tuairisc a thabhairt uirthi;
- Imscrúduithe maidir le feidhmeanna reachtaíochta na dTithe;
- Fiosrúchán maidir le sealbhóirí oifige áirithe a chur as oifig;
- Fiosrúchán maidir le hiompar Chomhalta de cheachtar Teach;
- Fiosrúchán maidir le míniú a iarraidh ar an Rialtas reatha.

I bhfianaise ar cuireadh in iúl d'ábhar buartha i rith an fheachtais maidir leis an reifreann faoi Fhiosruithe Thithe an Oireachtais i rith na bliana 2011, tá bearta cosanta suntasacha á gcur ar fáil leis an reachtaíocht bheartaithe seo chun cearta finnéithe faoin mbunreacht a chaomhnú, chun deis gan bhac ar na Cúirteanna a dheimhniú, chun deimhin a dhéanamh de nósanna imeachta córa agus chun cinntiú go ndéantar an baol go sílfí leatrom ar aon bhealach le coiste fiosrúcháin a mhaolú chomh mór agus is féidir.

Athchóiriú ar Chúrsaí Polaitíochta agus Rialtais

Leathnú Réimse maidir le Saoráil Faisnéise agus Sainchúram an Ombudsman
Faoin Acht Ombudsman (Leasú) 2012, tugtar 140 comhlacht poiblí breise faoi scáth shainchúram Oifig an Ombudsman. Táthar amach go mór san obair ar dhréachtadh Bille chun forálacha maidir le Saoráil Faisnéise a thabhairt i bhfeidhm in athuair agus gach comhlacht poiblí a thabhairt faoina scáth.

Srian ar Shíntiúis ó Chorparáidí agus ar Shíntiúis Polaitíochta
Rinneadh foráil leis an Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta) 2012 do chlár síntiúsóirí corparáide a chur ar bun, do shrianta suntasacha ar an méid is féidir a thabhairt do pháirtithe polaitíochta nó d'iarrthóirí gan a fhoilsiú go poiblí, agus dá bheith dlite ar gach

páirtí polaitíochta cláraithe ráiteas cuntasaíochta a ullmhú gach bliain agus sin, maille le tuarascáil iniúchóra, a fhoilsiú gach bliain.

Cothromaíocht níos mó maidir le hIonadaíocht sa Pholaitíocht
Foráiltear anois faoin Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta) 2012 go ndéanfar an maoiniú poiblí ar pháirtí polaitíochta a ghearradh faoina leath murar mná ar a laghad 30 faoin gcéad d'iarrthóirí an pháirtí agus murar fir ar a laghad 30 faoin gcéad d'iarrthóirí an pháirtí ag an gcéad olltoghchán eile.

An Togra Athchóirithe maidir le Dlí Reachta
Rinneadh aisghairm ar 2,921 reacht a ritheadh idir na blianta 1751 agus 1922, agus a bhí imithe as feidhm, leis an Acht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2012, an chéim is deireanaí den togra athchóirithe is forleitheadaí riamh ar an reachtaíocht. Tá Grúpa Comhairleach Saineolaithe faoin Dlí Reachta curtha ar bun chun cuidiú leis an gcéad chéim eile den simpliúchán ar chúrsaí reachtaíochta lena leagfar an bhéim ar reachtanna a ritheadh ón mbliain 1922 i leith.

Ceannaireacht a Léiriú

An Costas a ghabhann le hIompar Airí a Laghdú
Tar éis athbhreithniú a dhéanamh i rith na bliana 2012 ar chúrsaí iompair maidir le hAirí, tá glactha ag na hAirí agus ag na hAirí Stáit a úsáideann a gcuid carranna féin i mbun gnó oifigiúil le laghdú 10 faoin gcéad ar iomlán an mhíleáiste a ndéantar éileamh ina leith d'fhonn taisteal pearsanta a tharlaíonn a thabhairt san áireamh.

Scairdeitleán an Rialtais
Tá, de thoradh ar an gCód Cleachtais i ndáil leis a chur i bhfeidhm go docht, laghdú beagnach 50 faoin gcéad tagtha ar an úsáid a baineadh as an gCóras Aeriompair Aireachta sa bhliain 2011-2012 i gcomparáid leis an mbliain 2009-2010.

Athchóiriú na Dála

Ag leanacht ar aghaidh ón gcéad chéim de bhearta suntasacha athchóirithe maidir leis an Dáil a tugadh isteach sa bhliain 2011, táthar chun tosaigh go mór san obair ar an dara céim den athchóiriú. Tháinig fochoiste Athchóiriú na Dála le chéile trí huaire chun an dara céim de na bearta athchóirithe maidir leis an Dáil, atá le tabhairt isteach i rith earrach na bliana 2013, a phlé.

Bearta Leasaithe maidir le Coistí Oireachtais

Tar éis athbhreithniú ar an gcóras nua maidir le Coistí Oireachtais, a cuireadh ar bun mar gheall ar ghealltanais faoi leith, tugadh leasuithe nua isteach i mí Meitheamh 2012, iad seo a leanas ina measc:

- Foirceannadh agus atheagar ar roinnt Coistí riaracháin d'fhonn tús áite maidir le hacmhainní a thabhairt do na Coistí a phléann leis na Ranna Rialtais.
- Coiste a chur ar bun atá dírithe ar phoist agus ar an ábhar sin amháin.
- Coiste Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi leith a bhunú i bhfianaise ualach oibre níos troime ina leith sin.

Cur leis na laethanta a dtarlaíonn Suí Dála

Leanadh den bhreis oibre sa Dáil i rith na bliana 2012, nuair a shuigh an Dáil 123 lá, suí ar an Luan agus ar an Aoine san áireamh. Tá giorrú suas le sé seachtaine curtha ar shos samhraidh na Dála, sos na Nollag giorraithe trí seachtaine, agus suíonn an Dáil anois i rith sheachtain na Féile Pádraig. Ba ghnóthach an bhliain a bhí inti le dhá mhí dhéag anuas maidir le próiseáil reachtaíochta sa Dáil, agus achtaíodh caoga seacht mbille nua, a dtugtar liosta díobh in Aguisín 1.

Córas Achainí Dála

Is féidir le duine den phobal anois ní atá ina ábhar buartha aige faoi chúrsaí beartais poiblí a thabhairt chun aire Chomhchoiste an Oireachtais um Fhormhaoirsiú ar an tSeirbhís Phoiblí agus Achainíocha go díreach trí chóras achainíocha ar an idirlíon nó tríd an bpost. Déanfaidh an Coiste scrúdú ar aighneachtaí a fhaightear agus cuirfear tuarascáil ar fáil ina leagtar amach comhairle chríochnúil agus moltaí an Chomhchoiste, d'fhonn teacht ar bhealaí chun feabhas a chur ar na seirbhísí poiblí a chur ar fáil. Bhí naoi gcinn de sheisiúin phoiblí ag an gComhchoiste agus tháinig níos mó ná 60 achainí go dtí seo, rud a léiríonn leibhéal suntasach spéise ag an bpobal maidir leis an gcóras nua a úsáid.

Feidhmíonn an Comhchoiste freisin mar mhodh foirmiúil comhairle idir an tOireachtas agus an tOmbudsman, a tháinig os comhair an Chomhchoiste roinnt uaireanta chun an Bille Ombudsman (Leasú) a ritheadh le gairid a phlé agus chun tuarascálacha speisialta agus tuarascálacha bliantúla de chuid na hOifige a chur i láthair.

Rúndacht Eolas a chuirtear ar fáil d'Ionadaithe Poiblí a Chosaint

Tá aontaithe ag an Rialtas an Bille um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta) a dhréachtadh, trína ndéanfar foráil do chaidreamh rúnda a chosaint a tharlaíonn idir duine den phobal agus Comhalta de Thithe an Oireachtais ar mian leis an té sin drochobair a thabhairt chun a (h)aire ionas nach gcuirtear in iúl cén duine atá i gceist.

Grinnscrúdú Airgeadais Níos Éifeachtaí

Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann a chur ar bun go neamhspleách
Rinneadh foráil leis an Acht um Fhreagracht Fhioscach 2012 do bhonn reachtaíochta faoin gComhairle Fhioscach Chomhairleach agus rinneadh deimhin de neamhspleáchas na Comhairle. Rinne an Chomhairle dhá Thuarascáil Meastóireachta Fhioscach a fhoilsiú i rith na bliana 2012, arna gcur faoi bhráid an Rialtais, agus thángthas i láthair faoi dhó os comhair Chomhchoiste Airgeadais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Oireachtais chun torthaí na hoibre a phlé.

Cuntasaíocht san Earnáil Phoiblí
Bíonn bileog comhardaithe anois leis na Cuntais Leithreasa bhliantúla, arna n-ullmhú ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ina dtugtar eolas faoi riocht airgeadais chinn bhliana gach ceann de na Ranna Rialtais agus de na comhlachtaí earnála poiblí.

Orduithe Ceannacháin Rialtais dar luach níos mó ná €20,000 a fhoilsiú
Tá tosaithe ag gach ceann de na Ranna Rialtais agus ag cuid mhór Gníomhaireachtaí Stáit sonraí faoi gach Ordú Ceannacháin dar luach níos mó ná €20,000 a fhoilsiú. Meastar go ndéanfaidh gach Gníomhaireacht Stáit eile amhlaidh i rith na bliana 2013.

Príomhthosaíochtaí Straitéise a Leagan Amach
D'fhoilsigh gach Roinn Rialtais agus gach Comhlacht Stáit Ráiteas Straitéise i rith na bliana 2012 ina leagtar amach na príomhthosaíochtaí straitéise go dtí an bhliain 2014. Leagtar amach na cuspóirí ardleibhéil agus na haidhmeanna beartais i ngach ráiteas faoi seach le béim faoi leith ar a dtabhairt i bhfeidhm agus ar an fheidhmíocht a mheas.

Buiséadú Feidhmíochta
Tugadh an creat buiséid feidhmíochta i bhfeidhm i ndáil le nach mór gach ceann de na Vótaí leis na Meastacháin Leasaithe do na Seirbhísí Poiblí 2012. Tugadh líon níos mó ná riamh d'eolas faoi chúrsaí feidhmíochta san áireamh agus bhí an fhaisnéis sin mar chuid den lón eolais ina dhiaidh sin le linn dhíospóireachtaí na Roghchoistí ar na Meastacháin.

Ceannairí agus Scileanna Nua sa Roinn Airgeadais
Tá atheagar curtha ar an Roinn Airgeadais le ceithre cinn de rannóga faoi cheannaireacht nua chomh maith le dhá oifig saineolais lena gcuirtear bonn treise faoi riachtanais airgeadais, dlí, riosca agus comhlíonta. Tá eacnamaithe saineolais sa réimse maicreacnamaíochta agus sa réimse micreacnamaíochta araon sa Rannóg Eacnamaíochta nua leathnaithe a bhfuil taithí faighte acu san earnáil phríobháideach, in institiúidí airgeadais idirnáisiúnta agus sa tseirbhís phoiblí. Tá 44 ball foirne ar leibhéal céimí earcaithe ag an Roinn chomh maith atá oilte ar leibhéal Máistreachta nó ar leibhéal is airde ná sin san eacnamaíocht agus i réimsí léinn eile a bhaineann le hábhar, mar shampla cúrsaí cánachais, airgeadais agus cuntasaíochta.

An Pharlaimint Náisiúnta agus an tAontas Eorpach

An Reifreann faoin gConradh ar Chobhsaíocht Fhioscach
Ritheadh reifreann faoin gConradh ar Chobhsaíocht Fhioscach a dhaingniú ar an 31 Bealtaine 2012. D'aontaigh muintir na hÉireann leis an Tríochadú Leasú ar an mBunreacht trína gcinntítear go mbeidh Éirinn incháilithe maidir le ciste a fháil faoin Sásra Cobhsaíochta Eorpach, dá dtarlódh gá leis sin san am atá le theacht. Ciallaíonn daingniú an Chonartha chomh maith go mbeidh rialacha nua á leagan síos ag Éirinn agus tíortha eile limistéar an Euro d'fhonn cinntiú go ndéantar buiséadú níos stuama.

Seachtain na hEorpa
Eagraíodh sraith imeachtaí ar feadh seachtaine i mí Bealtaine 2012 mar cheiliúradh ar Lá na hEorpa, ina measc roinnt díospóireachtaí Oireachtais faoi réimsí mórthábhachta, mar shampla Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, reachtaíocht bheartaithe de chuid an AE, agus an t-athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta.

Cúrsaí na hEorpa a chur in iúl do Mhuintir na hÉireann
I rith na bliana 2012, tugadh cúnamh faoin Tionscnamh Cumarsáide faoin Aontas Eorpach atá ag an Rialtas maidir le 23 tionscadal ar fud na hÉireann atá dírithe ar thuiscint níos doimhne a chothú i measc an phobail ar an ról atá ag an Aontas Eorpach i ngnáthshaol na ndaoine.

Tá an bhliain 2013 ainmnithe mar Bhliain Eorpach na Saoránach agus sheol an Taoiseach, an Tánaiste agus an tUachtarán Barroso sin i mBaile Átha Cliath i mí Eanáir. Tá sraith Ócáidí Caidrimh le Saoránaigh á reáchtáil ar fud na tíre d'fhonn plé phoiblí a chothú faoinár gcuid ceart mar shaoránaigh de chuid an AE a chothú agus faoina bhfuil i gceist leis an mballraíocht san Aontas Eorpach.

Tar éis céim phíolótach, ar éirigh go maith leis, den Blue Star Programme anuraidh, tá clár na bliana 2012-2013 ar siúl agus páirt ann ag níos mó ná 90 scoil in 21 tír.

Athchóiriú a dhéanamh ar an Rialtas Áitiúil

Athchóiriú a dhéanamh ar an Rialtas Áitiúil
Is plean cuimsitheach atá in *Tús Áite do na Daoine, an Clár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach* a foilsíodh i mí Deireadh Fómhair 2012, maidir leis an athchóiriú is bunúsaí ar an gcóras rialtais áitiúil le breis agus céad bliain. Cuirfear le scóp agus feidhm an rialtais áitiúil trí ról breise maidir le forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúir agus le cúnamh tacaíochta don fhiontraíocht, ailíniú níos mine le hearnáil na forbartha áitiúla, agus feidhmeanna faoi leith a athrú ón leibhéal lárnach go dtí an leibhéal áitiúil.

Déanfar treisiú agus mínchóiriú ar struchtúir an rialtais áitiúil ar leibhéal an chontae, ar leibhéal fo-chontae agus ar leibhéal an réigiúin agus tabharfar sábháil mheasta suas le €420 milliún i gcrích le bearta éagsúla, ina measc laghdú ó 114 go dtí 31 ar líon na n-údarás áitiúil agus ar líon na suíochán ar Chomhairlí Baile, Contae agus Cathrach ó 1,627 go dtí líon nach mó ná 950.

Tá sábháil thart ar €195 mhilliún tugtha i gcrích le teann éifeachtachta go dtí seo mar gheall ar an gcomhairle a mhol an Grúpa Athbhreithnithe maidir le hÉifeachtacht an Rialtais Áitiúil a chur i bhfeidhm.

Cumhacht don Rialtas Áitiúil

Tá bonn treise le cur faoi chúrsaí maoinithe, cuntasachta agus rialachais i ndáil leis an rialtas áitiúil trí Cháin Réadmhaoine Áitiúil nua a thabhairt isteach a bheidh mar bhonn faoi chóras maoinithe seasmhach cóir don rialtas áitiúil. Beidh ar a laghad 65 faoin gcéad den fháltas ó cháin réadmhaoine saincheaptha lena úsáid sa limistéar ina mbailítear é agus, ón mbliain 2015 ar aghaidh, beidh de chumhacht ag údaráis áitiúla athrú suas le 15 faoin gcéad níos airde nó níos ísle ná na rátaí náisiúnta lárnacha a ghearradh d'fhonn teacht níos fearr lena gcuid riachtanais maoinithe.

Beidh córas nua maoirseachta á thabhairt isteach, lena mbaineann Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchtá a chur ar bun agus treisiú le gnéithe den chóras iniúchóireachta maidir leis an rialtas áitiúil.

Oifigí Fiontraíochta Áitiúla

Leagtar amach i straitéis nua fiontraíochta agus post an rialtais áitiúil, mar a seoladh i mí Meán Fómhair 2012, pleananna maidir le ról breise ag na húdaráis áitiúla i ndáil le forbairt eacnamaíochta agus cúnamh taca don fhiontraíocht agus Stiúrthóir Seirbhísí nua sainiúil maidir le Forbairt Eacnamaíochta agus Pobail i limistéir thábhachtacha agus Coiste Beartais Straitéiseach nua maidir le Forbairt Eacnamaíochta i ngach údarás áitiúil.

Tarlóidh leis an straitéis nua chomh maith go gcuirfear deireadh leis na Boird Fiontraíochta Contae agus Cathrach atá ar bun faoi láthair agus go gcruthófar Oifig Fiontraíochta Áitiúil (LEO) nua i ngach limistéar Údaráis Áitiúil, d'fhonn seirbhís chúnamh taca ilfhreastail a chur ar fáil d'earnáil na micrifhiontar agus na ngnóthas beag. Tá rannóg nua curtha ar bun ag Fiontar Éireann maidir le Micrifhiontraíocht agus Gnóthais Bheaga d'fhonn ceannródaíocht a dhéanamh maidir leis an gcóras nua seo don chúnamh taca i ndáil le lucht fiontraíochta agus gnóthas beag a thabhairt i gcrích i rith na bliana 2013, agus táthar i mbun an reachtaíocht lena dtabharfar an t-athchóiriú seo i bhfeidhm a dhréachtadh.

Athchóiriú ar an Earnáil Phoiblí

Trédhearcach agus Cuntasacht
Is láithreán gréasáin atá in *Ireland Stat*, a seoladh i mí Deireadh Fómhair 2012, ar a ndéantar an fheidhmíocht ar fud réimsí uile an Rialtais a mheas don saoránach. Cuirtear eolas faoi chláir de chuid an rialtais ar fáil ar bhealach áisiúil i ndáil leis an mbeartaíocht, an costas, a mbaintear amach agus ábhar comparáide idirnáisiúnta.

Tá teacht ar réimse cuimsitheach eolais ar Databank nua an Rialtais faoin mbealach ina gcaitear airgead poiblí in Éirinn. Tá eolas ar fáil ón mbliain 1994 anuas go dtí an lá atá inniu ann maidir leis na Ranna Stáit uile agus réimse de na comhlachtaí Stáit.

Laghdú ar líon na bhFostaithe san Earnáil Phoiblí
Tá glactha ag an Rialtas le sprioc níos déine maidir le líon na bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí a ísliú go dtí 282,500 faoi dheireadh na bliana 2014, seachas an bhliain 2015. Íslíodh líon na bhfostaithe san Earnáil Phoiblí go dtí 292,000 i rith na bliana 2012.

Tá aontaithe ar Scéim Iomarcaíochta Deonaí saindírithe d'fhonn cuidiú le hathstruchtúrú eagrúcháin in earnálacha na sláinte, an oideachais agus na talmhaíochta.

Tar éis idirbheartaíocht ghéar idir ceardchumainn na seirbhíse poiblí agus ionadaithe de chuid an Rialtais, tá moltaí ullmhaithe ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais atá dírithe ar ísliú breise a thabhairt i gcrích maidir le costas pá na seirbhíse poiblí. Beidh na moltaí anois á gcur faoi bhráid chomhaltaí cheardchumainn na seirbhíse poiblí d'fhonn vótáil orthu.

Lárionad Straitéiseach

Athchóiriú ar Roinn an Taoisigh
Ón mbliain 2011 i leith, tá athstruchtúrú suntasach curtha ar Roinn an Taoisigh d'fhonn an obair a dhíriú de réir Chlár an Rialtais. Tá curtha go mór le hacmhainn na Roinne maidir le beartas a cheapadh trí lucht foirne a fháil ar iasacht agus a earcú i rith na bliana 2012 agus iad curtha i mbun oibre le beartas an Rialtas a leagan amach agus a chur i bhfeidhm, go háirithe trí chóras na Comhairle Bainistíochta Geilleagair agus na gCoistí Comh-Aireachta. Laghdaíodh líon na foirne sa Roinn ó 211 go dtí 199 agus ísleofar arís é ar dheireadh a theacht le hUachtaránacht an AE.

Scileanna agus Déine Nua maidir le Beartas a Cheapadh
Tá Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES) curtha ar bun chun leathnú agus treisiú le hacmhainn na státseirbhíse maidir le cúrsaí eacnamaíochta agus

meastóireachta. Tá an chéad chéim den earcaíocht shainiúil i ndáil leis an tseirbhís sin tugtha chun críche agus tá foireann eacnamaithe an IGEES cheana féin i mbun anailíse agus forbartha i ndáil le beartas roinnt Ranna Rialtais.

Cuireadh Líonra Meastóireachta na Seirbhíse Poiblí, lena mbaineann státseirbhísigh agus lucht saineolais as ollscoileanna agus forais taighde eile, ar bun sa bhliain 2012. Tá fóram ar fáil leis dóibh siúd a bhíonn i mbun anailíse ar chúrsaí polasaí an lón taithí agus saineolais atá acu a chur i gcomhar agus soirbhiú do shruthlú an eolais idir an tseirbhís phoiblí agus lucht saineolais seachtrach.

Rialtas Oscailte

Athbhunú agus Leathnú maidir le Saoráil Faisnéise
Táthar amach go maith san obair ar an mBille a dhréachtadh chun forálacha maidir le Saoráil Faisnéise a thabhairt isteach in athuair, chun na bacainní suntasacha a tugadh isteach sa bhliain 2003 a ghlanadh as an mbealach agus chun gach comhlacht poiblí, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, an Garda Síochána agus Banc Ceannais na hÉireann san áireamh, a thabhairt faoina scáth. Tá Scéim Ghinearálta an Bhille curtha faoi bhráid Choiste Airgeadais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Oireachtais lena scrúdú agus beidh moltaí an Choiste ina lón eolais agus treorach maidir le dréachtadh an Bhille. Tá dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí maidir leis an reachtaíocht is gá chun cosaint a thabhairt do sceithirí rialú a dhéanamh ar bhrústocaireacht.

Ceapacháin Ardleibhéil sa Státseirbhís
Cinntítear leis na bearta athchóirithe a tugadh isteach sa bhliain 2011 go dtagann iarrthóirí ar phost sinsearach sa Státseirbhís ó réimse leathan san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon agus go ndéantar a roghnú de réir tuillteanais ar bhealach neamhspleách. Tá méadú suntasach tagtha dá thoradh sin, ó 4 faoin gcéad go dtí 18 faoin gcéad, ar na ceapacháin i bpoist sinsearacha ón earnáil phríobháideach. Tá ardú freisin ar an leibhéal gluaisteachta i ngráid sinsearacha laistigh den Státseirbhís agus laghdú 40 faoin gcéad ón mbliain 2010 i leith ar na ceapacháin i bpoist sinsearacha a tharlaíonn taobh istigh den Roinn chéanna.

Mar chuid den tSeirbhís Phoiblí Shinsearach nuabhunaithe, dréachtaíodh prótacal faoi ghluaisteacht ag leibhéal Leas-Rúnaí agus Rúnaí Cúnta d'fhonn poist sinsearacha nua á líonadh le hiarrthóirí ón ngrád céanna a chur chun cinn. Tá sin á chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach faoi láthair agus ba de réir an phrótacail a líonadh suas le aon trian de na poist ar leibhéal an Rúnaí Cúnta i rith na bliana 2012.

Diomailt

Seirbhísí i gComhar a chur ar Bun
Laghdófar le *PeoplePoint*, an tIonad Seirbhísí Acmhainní Daonna i gComhar nua don Státseirbhís, ar dhúbailt oibre i gcúrsaí HR ar fud na státseirbhíse agus meastar go dtabharfar sábháil €12.5 mhilliún in aghaidh na bliana i gcrích leis, chomh maith le feabhas ó thaobh éifeachtachta, leanúnachais agus déanamh seirbhíse. Beidh Seirbhís i gComhar maidir le Pinsin á chóiriú mar chuid dílis den tSeirbhís Acmhainní Daonna i gComhar chomh maith. Meastar go dtarlóidh an chéad aistriú go dtí an tIonad Seirbhísí i gComhar nua, i ndáil le seacht gcinn de Ranna Rialtais agus de chomhlachtaí móra stáit, ag deireadh mí Márta 2013.

Tá dul chun cinn suntasach déanta chomh maith maidir le bonn seasmhach a chur faoin ICT ar fud na Seirbhíse Poiblí, líonra ardluais i gcomhar don Rialtas san áireamh chomh maith le leas níos mó as ionaid sonraí i gcomhar.

Laghdú ar Líon na gComhlachtaí Stáit
Tá dul chun cinn suntasach déanta i ndáil leis an 48 beart cuíchóirithe a sonraíodh i bPlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus a bhaineann le níos mó ná 100 comhlacht éagsúil. Tá mórchuid mhór na mbeart sin tugtha i gcrích go hiomlán nó reachtaíocht ina leith á thabhairt isteach agus tugtar breis sonraí ina leith in Aguisín 2. Tharla 46 athbhreithniú criticiúil i rith na bliana 2012 ar bhearta cuíchóirithe eile a d'fhéadfaí a dhéanamh – agus moladh leanacht ar aghaidh lena raibh beartaithe i gcás 24 acu sin. Tá i gceist go mbeadh na bearta nua sin tugtha i bhfeidhm go hiomlán ag na Ranna Rialtais faoi dheireadh na bliana 2013.

Seachadadh Seirbhíse Seachtraí
Táthar tosaithe ar bheartaíocht neamhlárnach a shonrú agus a scrúdú i ndáil lena oiriúnacht maidir leis an tseirbhís a chur ar fáil go seachtrach agus tá pleananna mionsonraithe bunaithe ar bhuntáistí curtha i dtoll a chéile maidir le hearnálacha leathanréimseacha Sláinte, Dlí agus Cirt agus Rialtais Áitiúil. Táthar tosaithe ar an gcéim tairisceana maidir le roinnt conarthaí, a measadh a bheith oiriúnach chuige, seirbhísí pá-rolla Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte ina measc, chomh maith leis an ionad glaonna i ndáil leis an gcáin réadmhaoine nua a mbeidh 400 post nua á gcruthú lena aghaidh.

“Rogha agus Cead Cainte” ag Lucht Úsáide Seirbhísí

Fixyourstreet.ie
D'éirigh go maith le tionscadal píolótach fixyourstreet.ie anuraidh agus tá leathnú déanta ar an láithreán gréasáin anois go mbaineann leis an tír ar fad. Ligeann an tseirbhís do dhaoine tuairisc a thabhairt go héasca don Chomhairle áitiúil ar ábhar buartha maidir le graffiti, locht

ar bhóithre, dumpáil mhídhleathach agus eile. Faoi láthair, bíonn freagra ó oifigeach sa Chomhairle lena mbaineann an cheist taobh istigh de 1.8 lá de thuairisc a chur faoi bhráid, agus freagra taobh istigh d'aon lá amháin i ndáil le níos mó ná 60 faoin gcéad de na cásanna. Glacadh go dtí seo le níos mó ná 7,700 tuairisc ar fixyourstreet.ie i ndáil le sé cinn de chatagóirí: Locht ar Bhóthar nó Cosán (30%), Bruscar agus Dumpáil Mhídhleathach (27%), Soilse Sráide (18%), Cúram do Chrainn agus Réimsí Féir (13%), Graffiti (7%), Sceitheadh Uisce agus Draenáil (5%).

Cumhacht don Státseirbhís

Soghluaisteacht sa tSeirbhís Phoiblí
Tá scéim phíolótach dhá bhliain seolta maidir le malartú lucht foirne idir an státseirbhís agus an earnáil phríobháideach, d'fhonn cur leis an gcumarsáid agus leis an gcomhoibriú.

Aon Phointe amháin Caidrimh maidir le Seirbhísí Rialtais
Tá teacht ar tuairim is 400 seirbhís phoiblí, ó thaobh eolais agus idirbheartaíochta, trí thairseach lárnach idirlín an Rialtais ag www.gov.ie.

Soirbhítear do theacht níos furasta ar sheirbhísí an Rialtais leis an gCárta Seirbhísí Poiblí nua agus beidh sé in úsáid in am tráth ag comhlachtaí poiblí éagsúla chun daoine a shonrú ag an bpointe seirbhíse. Tá níos mó ná 111,800 Cárta Seirbhíse Poiblí nua eisithe go dtí seo.

4. Cothroime

Na Príomhbhuaicphointí

Seirbhísí Sláinte

- Foilsíodh an léarchlár *Future Health* ina leagtar amach bearta athchóirithe d'fhonn Árachas Sláinte Uilechoiteann
- Moltaí beartais maidir le córas Airgead le hOthar a fhoilsiú
- Tús a chur le scéim nua chothromú fiontair sa bhliain 2013
- Rinne an tAonad Fónaimh Speisialta dul chun cinn breise maidir le sealanna ar thralaithe agus liostaí feithimh a ghiorrú
- Reachtaíocht lena gcuirfear deireadh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Margadh nua lena laghdaítear costas bhille cógas leighis faoi €400 milliún in imeacht 3 bliana
- Comhaontú nua le dochtúirí comhairleacha in ospidéil chun feabhas a chur ar na seirbhísí sláinte
- Straitéis Násiúnta Cúramóirí nua a fhoilsiú

Cúrsaí Meabhairshláinte agus Míchumais

- €35 milliún saincheaptha le seirbhísí meabhairshláinte ar leibhéal an phobail a thabhairt chun cinn
- 246 post nua maidir le cúrsaí meabhairshláinte a líonadh agus breis earcaíochta ar siúl
- Méadú le buiséad na hOifige Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc
- Foilsíodh Creat Cur i bhFeidhm maidir leis an athchóiriú ar Sheirbhísí Míchumais
- Cuireadh fóram maidir le cúrsaí Míchumais ar bun sa bhliain 2012 d'fhonn cur leis an gcomhairle a dhéantar le geallsealbhóirí

Cúrsaí Bonneagair

- An tAonad Fiobróise Cistí nua 34 leaba in Ospidéal Naomh Uinseann a oscailt
- Roghnaíodh láithreán Ospidéal San Séamas don Ospidéal Náisiúnta Leanaí nua
- Córas leathanbhanda 100Mb a curtha ar fáil don 200 scoil iarbhunscoile ar ghéire call leis iontu
- Cuireadh 23,000 ionad scoile buan ar fáil i rith na bliana 2012, obair mhór fhoirgníochta ar 53 scoil san áireamh
- An obair thógála ar siúl maidir le hIonad Coinneála Náisiúnta nua do Leanaí

Cruachás Fiachais, Tithíocht agus Dlúthpháirtíocht Shóisialta

- Coiste Comh-Aireachta nua chun dul chun cinn maidir le riaráistí morgáiste bhrú ar aghaidh
- Ritheadh reacht cuimsitheach nua faoi chásanna dócmhainneachta
- Cuireadh seirbhís nua maidir le cúrsaí dócmhainneachta ar siúl chomh maith le seirbhísí eolais agus comhairle
- Clár nua réadmhaoine maidir le ceannachán ionad cónaithe
- Laghdú 37% ar líon na n-ionad forbraíocht tithíochta neamhchríochnaithe ón mbliain 2010
- €1 billiún de chaiteachas ag NAMA maidir leis an obair thógála ar árais neamhchríochnaithe a thabhairt chun críche
- Scéim nua dhreasacht cánach chun cuidiú leis an athbheochan ar limistéir uirbeacha
- Seoladh ráiteas beartais nua faoi easpa dídine
- Aistríodh 5,000 teaghlach go dtí scéim chóiríocht fhadtéarmach ar cíos
- Ciste €2.5 milliún maidir le Cur Chuige de réir Limistéir maidir le Bochtaineacht Leanaí
- Cumhacht bhreise a thabhairt do chigirí Leasa Shóisialaigh d'fhonn déileáil le calaois

Cúrsaí Oideachais

- Athchóiriú mór ar maidir le hoiliúint múinteoirí a thabhairt i bhfeidhm
- Tosaíodh ar phleananna forbartha agus measúnachta nua do scoileanna i rith na bliana 2012
- Suirbhé ar phátrúnacht scoileanna tugtha chun críche i 43 limistéar

- Seoladh athchóiriú nua ar an Teastas Sóisearach i rith na bliana 2012
- Tagann na forais tríú leibhéal poiblí ar fad faoi scáth scrúdú an Ombudsman anois
- Chuidigh athruithe nua le méadú 35% ar líon na ndaltaí a chuaigh faoin scrúdú ardleibhéil matamaitce sa bhliain 2012 a thabhairt i gcrích
- Cuireadh leis an am a chaitear ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta i ngach bunscoil i rith na bliana 2012
- Plean Gníomhaíochta nua den chuimsitheacht faoi Bhulaíocht

Cúrsaí Dlí agus Cirt

- Ní chuirtear daoine sé bliana déag d'aois go Foras Naomh Pádraig níos mó
- Tús curtha le clár nua seirbhíse don phobal faoi mhaoirseacht
- Tús curtha le hathbhreithniú straitéiseach maidir le beartas pianbhreithe
- Cinneadh ar 25,000 iarratas ar shaoránacht i rith na bliana 2012
- 35 searmanas saoránachta
- Bearta nua lena scaoiltear Gardaí i mbun dualgais phóilíneachta líne tosaigh

4. Cothroime

An Cur i bhFeidhm

Athchóiriú na Seirbhíse Sláinte

Athchóiriú ar an tSeirbhís Sláinte agus Árachas Sláinte Uilechoiteann
Leagtar amach in *Future Health: A Strategic Framework for Reform of the Health Service 2012-2015* a foilsíodh i mí na Samhna 2012 na bearta móra athchóirithe maidir le cúram sláinte atá le tabhairt isteach faoin mbliain 2015, mar bhonn mórthábhachta faoi Árachas Sláinte Uilechoiteann a sheoladh sa bhliain 2016. Leagtar amach go mionsonraithe 48 beart atá le cur i bhfeidhm, de réir thráthlínte faoi leith, in imeacht na dtrí bliana seo romhainn, faoi mhaoirseacht Oifig Bainistíochta Cláir nua sa Roinn Sláinte.

Tá an Rialtas dúthrachtach maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar an gcóras ina gcuirtear cúram sláinte ar fáil ionas gur mó den chúram a chuirtear ar fáil sa phobal féin, agus trí athchóiriú a dhéanamh ar an gcaoi a n-íoctar ar an gcúram sláinte trí Árachas Sláinte Uilechoiteann, is féidir linn an costas a ísliú a ghabhann leis an toradh sláinte is fearr don saoránach a thabhairt i gcrích agus deireadh a chur leis an gcóras sláinte éagothrom, éagóir, neamhéifeachtach dé-aicmeach.

I measc bhearta na céad chéime atá le tabhairt i gcrích i rith na bliana 2013, tá athrú ar chúrsaí rialachais, Grúpaí Ospidéil a chur ar bun, athchóiriú ar mhargadh an árachais sláinte phríobháidigh, Creat Sláinte agus Barr Maitheasa a chur ar bun, córas maoiniúcháin Airgead le hOthar a thabhairt chun cinn agus Páipéar Bán faoi Árachas Sláinte Uilechoiteann a fhoilsiú.

Cothromú Fiontair sa Mhargadh Árachais
Ritheadh reachtaíocht nua atá mar bhonn faoi Scéim Cothromúcháin Fiontair bhuan ar cuireadh tús léi an 1 Eanáir 2013 agus atá aontaithe ag an AE. Tugtar cosaint leis an scéim don chóras ráta pobail atá againn trínar féidir le daoine is sine agus is breoite árachas sláinte a cheannach ar an bpraghas céanna le custaiméir is óige agus is folláine.

An tAonad Fónaimh Speisialta
I rith na bliana 2012, bhí feabhas suntasach ó thaobh spriocanna maidir le teacht ar sheirbhís ospidéil de thoradh ar chláir á gcur i bhfeidhm ag an Aonad Fónaimh Speisialta. Faoi mhí na Nollag 2012, bhí:

- 20,352 níos lú othar ag feitheamh ar thralaithe – ísliú 23.6 faoin gcéad ón mbliain 2011

- 3,620 níos lú duine fásta níos faide ná 9 mí ag feitheamh le máinliacht mar othar cónaitheach nó mar othar lae – laghdú 98 faoin gcéad ón mbliain 2011.
- 1,670 níos lú leanaí 20 seachtaine ag fanacht le feitheamh le máinliacht mar othar cónaitheach nó mar othar lae, anuas ó 1,759 i mí na Nollag 2011 – laghdú 95 faoin gcéad ón mbliain 2011
- 4,554 níos lú othar níos aide ná 13 seachtaine ag feitheamh le gnáthbheart ionscópachta – laghdú 99 faoin gcéad ón mbliain 2011

Cúram Príomhúil

Tá ciste €20 milliún leithdháilte faoi Phlean Seirbhíse Náisiúnta 2013 Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ionas gur féidir níos mó ná 250 ball foirne nua don chúram príomhúil a fhostú. Tá i gceist go mbeadh na hAltraí Sláinte Poiblí, na hAltraí Ginearálta Cláraithe, na Teiripeoirí Saothair, na Fisiteiripeoirí agus na Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga fostaithe roimh dheireadh na bliana 2013.

Cúram Dochtúra Teaghlaigh Saor in Aisce a chur ar fáil do Dhaoine faoi Bhreoiteacht Ainsealach

Táthar amach go mór san obair ar an mBille Sláinte (Leasú) lena ndéanfar soláthar do chúram dochtúra teaghlaigh saor in aisce a bheith ar fáil do dhaoine a n-ordaítear breoiteacht ainsealach a bheith ag gabháil dóibh agus déanfar a rith mar acht i rith na bliana 2013.

Siceolaithe agus Comhairleoirí a Earcú ar Mheithle Meabhairshláinte Pobail

Faoi dheireadh mí Feabhra 2013, bhí 246 post as an 414 post atá ceadaithe chun treisiú le Meithle Meabhairshláinte Pobail, líonta agus súil go mbeadh mórchuid fhuílleach na bpost líonta faoi dheireadh mí Márta 2013. Fógraíodh le Buiséad na bliana 2013 go raibh €35 milliún á chur ar fáil d'fhorbairt leanúnach ar na seirbhísí meabhairshláinte, 470 ball foirne breise a earcú san áireamh.

Cúram Ospidéil Uilechoiteann

Páipéar Bán maidir le hÁrachas Sláinte Uilechoiteann a Mhaoiniú

Tháinig an Grúpa Cur i bhFeidhm maidir le hÁrachas Sláinte Uilechoiteann (UHI) le chéile sé huaire sa bhliain 2012 agus cuireadh comhairle i ndáil leis an obair ar bheartais maidir le 'Airgead le hOthar', Grúpaí Ospidéil agus leagan amach ginearálta an chóras UHI. Tá ullmhúchán á dhéanamh do Pháipéar Bán maidir le hÁrachas Sláinte Uilechoiteann ina leagfar amach sonraí faoin gcóras UHI chomh maith leis na costais mheasta agus sásraí maoiniúcháin a bhaineann le UHI a thabhairt isteach. Foilsíodh cáipéis réamhráiteach faoi UHI i mí Feabhra 2013 ina leagtar amach an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus na

bearta móra oibre agus na tionscadail a bhfuiltear le tabhairt fúthú i rith na bliana 2013 agus as sin amach.

Na hOspidéil

Grúpaí Ospidéil

Ar cheann de na céimeanna mórthábhachta maidir le UHI a thabhairt i bhfeidhm, tá na hospidéil a eagrú ina ngrúpaí ar bhonn riaracháin d'fhonn an bealach a réiteach chun iontaobhais ospidéil neamhspleácha gan bheann ar bhrabús a thabhairt i gcrích. Bunaíodh Bord Straitéiseach sa bhliain 2012 chun tuarascáil a ullmhú ar mholtaí faoi na Grúpaí Ospidéil, socruithe rialachais, creata bainistíochta mar atá faoi láthair agus an ceangal le forais léinn. Tar éis próiseas cuimsitheach comhairliúcháin, tá an Tuarascáil faoi Ghrúpaí Ospidéil a Bhunú le foilsiú go gairid.

Airgead le hOthar

Foilsíodh moltaí maidir le beartas 'Airgead le hOthar' i mí Feabhra 2013, a bhfuil de chuspóir leis athrú go dtí córas cóir cothrom i ndáil le hacmhainní a dháileadh agus cur leis an éifeachtacht agus leis an bhfollasacht ina leith. Táthar ag tabhairt faoi phróiseas comhairliúcháin le geallsealbhóirí a leanfaidh scáilmhaoiniú Airgead le hOthar a chur i bhfeidhm é i rith na bliana 2013, sula dtugtar na socruithe nua isteach de réir a chéile ón mbliain 2004 ar aghaidh.

Córas Ceadúnais Náisiúnta d'Ospidéil

Seoladh *Standards for Safer Better Healthcare* go foirmeálta i mí Meitheamh 2012 agus tá creat náisiúnta ar fáil leo maidir le dea-rialachas, sábháilteacht othar agus caighdeán cúraim. Tá na caighdeáin náisiúnta seo i bhfeidhm maidir le gach seirbhís chúram sláinte (ach amháin cúrsaí meabhairshláinte) arna cur ar fáil nó arna maoiniú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá an bealach á réiteach leis na caighdeáin sin, a ndéanann HIQA monatóireacht ina leith, do chóras nua ceadúnúcháin a thabharfar isteach maidir leis na hospidéil uile sa bhliain 2015.

Cúram do Dhaoine Scothaosta agus Cúram Pobail

Seoladh Samhail Cúraim nua do Shainseirbhísí Seanliachta i mí na Nollag 2012, atá dírithe ar fheabhas mór a chur ar an tslí a dtugtar cúram do dhaoine scothaosta san ospidéal. Áirítear ar an tsamhail nua Sainfhoirne Seanliachta in ospidéil, sainbhardaí seanliachta tiomanta d'othair chónaitheacha agus saoráidí athshlánúcháin d'othair chónaitheacha.

Cúram do Dhaoine Scothaosta

Leanadh le tiomantas an Rialtais tacú le daoine scothaosta fanacht ina dtithe agus ina bpobal féin in 2012 agus leithdháileadh os cionn €400 milliún ar sheirbhísí pobalbhunaithe

do dhaoine scothaosta. Áirítear air sin €192 milliún a caitheadh ar Chúnamh Baile agus €134 milliún a caitheadh ar phacáistí Chúram Baile. Faigheann tuairim is 100,000 duine scothaosta tacaíocht phobalbhunaithe de chineál éigin gach bliain, lena n-áirítear os cionn 10 milliún uair an chloig de chúnamh baile, pacáistí cúraim baile, Béilí faoi Shlí agus tacaíochtaí faoisimh nó lae.

Áirítear ar na bearta a tugadh isteach in 2012 le feabhas a chur ar shlándáil agus ar cháilíocht na seirbhísí tacaíochta bhaile do dhaoine scothaosta Treoirlínte Náisiúnta an HSE maidir le Feidhmiú Caighdeánaithe an Phacáiste Cúraim Baile agus Creat Fála do Sheirbhísí Cúraim Baile le riachtanais cáilíochta agus scagtha a bhaineann le hoiliúint foirne, rialú ar ionfhabhtú agus leibhéil mhaoirseachta.

Fair Deal a Leathnú
Cuireadh tús in 2012 le hathbhreithniú ar an gcóras Fair Deal maidir le cúram i dtithe altranais. Baineadh úsáid as próiseas comhchomhairle phoiblí mar fhaisnéis don athbhreithniú agus táthar ag súil go mbeidh sé tugtha chun críche in 2013.

Rialú Costas

Bille Drugaí níos Ísle
Rinne an tionscal cógaisíochta agus an Stát comhaontú trí bliana nua maidir le praghas drugaí i mí Deireadh Fómhair 2012, agus leis sin cuirfear laghdú €400 milliún ar chostas na leigheasanna reatha sna trí bliana amach romhainn. Chomh maith le praghsanna laghdaithe a chur ar fáil do thomhaltóirí, éascaíonn sé rochtain níos fearr ar dhrugaí ceannródaíocha nua do riochtaí áirithe.

Foilsíodh reachtaíocht a éileoidh ar chógaiseoirí malairt roghanna aicmeacha, níos saoire a chur ar fáil d'othair.

Tá *Clár Bainistithe Leigheasanna* bunaithe ag an HSE chun sraith beart a fhorbairt a bheidh dírithe ar dhochtúirí teaghlaigh agus ar Lianna Comhairleacha, chun cleachtais ordaithe oideas níos éifeachtaí a chur chun cinn.

Comhairleoirí Ospidéil
Ó mhí Deireadh Fómhair 2012 ar aghaidh, tosóidh comhairleoirí nua amach ar ráta pá ag leibhéal iontrála 30 faoin gcéad níos ísle ná an ráta a íocadh roimhe seo le comhairleoirí ar iontrálaithe nua iad.

Tá comhaontú déanta le comhairleoirí ospidéil ar sholúbthachtaí agus ar chleachtais oibre nua, rud a thabharfaidh deis níos mó seirbhísí comhairleoireachta a chur ar fáil trí uainchláir 24/7 a leagan amach agus a chuirfidh ar chumas na n-ospidéal cóireáil a chur níos tapúla ar othair.

Fáil Liachta
Tá coigilteas €124 milliún seachadta ag an HSE go dtí seo trí shamhail fála náisiúnta amháin a fheidhmiú.

Riarachán Sláinte

Deireadh a chur le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Ullmhaítear leis an mBille um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2012, d'athruithe ollmhóra i leagan amach na seirbhíse sláinte, lena n-áirítear deireadh a chur le Bord an HSE agus struchtúr rialachais nua a bhunú, lena n-áirítear stiúrthóireacht náisiúnta nua a leagfar amach le go mbeidh an HSE níos cuntasaí don Aire Sláinte.

Forbairtí Caipitiúla i réimse na Sláinte

Caiteachas Caipitiúil ag a mbeidh Tosaíocht
Déanfar beagnach €2 bhilliún ón Státchiste a infheistiú sa tréimhse 2012-2016, chun tacú le trí thionscadal náisiúnta ardtosaíochta: Ospidéal Náisiúnta na Leanaí, athsholáthar ar an Ospidéal Lárnach Mearbhaill agus an tionscadal Náisiúnta d'Oinceolaíocht Radaíochta.

Áiríodh i bpacáiste spreagtha an Rialtais, a fógraíodh i mí Iúil 2012, €115 milliún breise chun fiche ionad cúraim príomha a thógáil, agus é sin le déanamh trí chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí. Tabharfar dámhadh tairiscintí chun críche faoi dheireadh Márta 2013.

Cúram Fiobróise Cistí
Osclaíodh aonad fiobróise cistí nua ina bhfuil 34 leaba in Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann i Lúnasa 2012. Cuireadh aonad ainmnithe cúraim lae agus cónaitheach ar fáil leis sin d'othair a bhfuil fiobróis chisteach orthu. Tá saoráidí leithlise cothrom le dáta ann freisin.

I ndiaidh idirbheartaíochta leis an gcuideachta cógaisíochta *Kalydeco,* tá leigheas nuálach nua chun Fiobróis Chisteach a chóireáil, curtha ar fáil d'othair in Éirinn ar phraghas níos ísle don Státchiste.

Ospidéal Náisiúnta na Leanaí
Ó roghnaíodh Campas Ospidéal San Séamas i mBaile Átha Cliath mar láithreán d'Ospidéal Náisiúnta na Leanaí nua, tá socruithe rialachais nua á gcur ar bun chun an chéad chéim eile den tionscadal a bhrú chun cinn. Déanfar athstruchtúrú ar Bhord Forbartha an Ospidéil Náisiúnta Phéidiatraicigh lena chur ar a chumas díriú ar an ospidéal nua a thógáil agus air sin amháin. Táthar le tús a chur leis an tógáil in 2015. Déanfaidh Grúpa Ospidéal Leanaí, faoi

chathaoirleacht an Dr. Jim Browne, Uachtarán Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, pleanáil ag an am céanna le seirbhísí a aistriú chuig an ospidéal nua nuair a thabharfar chun críche é in 2018.

Meabhair-Shláinte

Seirbhísí Meabhair-Shláinte Pobail

Faoi dheireadh Feabhra 2013, líonadh 246 post as an 414 a bhí ceadaithe chun Foirne Meabhair-Shláinte Pobail a threisiu agus táthar ag súil go líonfar an chuid eile díobh faoi dheireadh Márta 2013. Fógraíodh €35 milliún breise i mBuiséad 2013 le forbairt leanúnach a dhéanamh ar sheirbhísí Meabhair-Shláinte, lena n-áirítear os cionn 470 ball foirne breise a earcú.

Oiliúint ar Mheabhairshláinte do Dhochtúirí Teaghlaigh a Fheabhsú

- Tá clár oiliúna scileanna-bhunaithe maidir le féinmharú a chosc forbartha ag Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann agus ag an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc. Is do liachleachtóirí, foireann cleachtais agus foirne cúraim príomha an clár sin.
- Cuireadh tús in 2012 le cúrsa sainchoimisiúnaithe d'fhoireann cúraim príomhúil ar Chur Chuigí Foireann-Bhunaithe ar Mheabhairshláinte i gCúram Príomhúil. In Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a bhí an cúrsa ar siúl agus tá sé leathnaithe ó shin go Sligeach.

***Reach Out:* An Straitéis Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc, a chur i bhfeidhm**

Tháinig méadú ar an mbuiséad don Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc (NOSP) ó €4.1 milliún in 2011 go €8.1 milliún in 2013. Áiríodh ar fhorbairtí i gcur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc le linn 2012:

- *Suicide Prevention in the Community* – uirlis phraiticiúil le treoirlínte dea-chleachtais chun tacú le grúpaí pobail aghaidh a thabhairt ar fhéinmharú – a fhoilsiú.
- *National Quality Standards for the Provision of Suicide Bereavement Services* – le comhleanúnachas agus cáilíocht na seirbhísí tacaíochta méala um fhéinmharú ar fud na tíre a chinntiú – a fhoilsiú.
- Scaipeadh treoirlínte nua ar mheabhairshláinte agus ar fhéinmharú a chosc ar scoileanna iarbhunscoile ar fud na tíre.
- Rinneadh clár oiliúna um fhéinmharú a chosc do bhaill foirne i Seirbhís Phríosúin na hÉireann a leathnú amach chuig gach príosún in 2012.

Institiúidí Síciatracha Neamhoiriúnacha a Dhúnadh i bhFabhar Cúraim Phobalbunaithe

Faoi dheireadh 2012 bhí líon iomlán de chúig ospidéal déag síciatrach neamhoiriúnacha dúnta ar fad nó dúnta ó thaobh othair nua a ghlacadh isteach.

Cuireann an Creat Feidhmithe don Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, a foilsíodh in 2012, sásra ar bun chun tacú le daoine aistriú ó chúram institiúide go dtí maireachtáil níos neamhspleáiche. Tosóidh sin in 2013 agus beidh mar aidhm leis 4,877 duine a aistriú sna seacht mbliana amach romhainn.

Deireadh a chur leis an gCleachtas Leanaí a Lonnú i mBardaí Síciatracha d'Aosaigh
Mar thoradh ar ardú ar an líon leapacha i saoráidí cónaitheacha do leanaí agus d'ógánaigh tháinig ísliú ar an líon leanaí agus ógánach a glacadh isteach in aonaid d'aosaigh ó 65 faoin gcéad in 2008 go 25 faoin gcéad in 2012.

An tAcht Meabhair-Shláinte a Athbhreithniú
I ndiaidh phróiseas comhairliúcháin phoiblí leathan, foilsíodh Tuarascáil Eatramhach ón nGrúpa Stiúrtha a bunaíodh chun an tAcht Meabhair-Shláinte a athbhreithniú, i Meitheamh 2012. Táthar ag súil go bhfoilseoidh an Grúpa Saineolais, a ceapadh chun an dara céim shuntasach den athbhreithniú a dhéanamh, a thuarascáil in 2013, agus go dtabharfaidh sé aghaidh ar na príomhshaincheisteanna agus moltaí a leagadh amach san Athbhreithniú Eatramhach.

Tosaíochtaí Eile i Réimse na Sláinte

An Straitéis Náisiúnta um Néaltrú
I ndiaidh phróiseas comhairliúcháin phoiblí rathúil in 2012, críochnófar an Straitéis Náisiúnta um Néaltrú i rith 2013. Cuirfidh an straitéis le feasacht, cinnteoidh sí diagnóis agus idirghabháil luath, agus feabhsóidh sí seirbhísí pobalbhunaithe do dhaoine a mhaireann leis an riocht sin.

An Straitéis Náisiúnta do Chúramóirí
Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta do Chúramóirí i mí Iúil 2012 agus leagtar amach inti na gníomhartha a rachfar ina mbun lena chinntiú go dtabharfar tacaíocht do chúramóirí a bhfreagrachtaí cúraim a bhainistiú go muiníneach. Tá socruithe monatóireachta agus feidhmithe soiléire ar bun agus tugtar tuairiscí ar an dul chun cinn don Choiste Comh-Aireachta ar Bheartas Sóisialta. Ceapadh 14 ball foirne sealadach breise i rith 2012 chun an riaráiste iarratas agus achomharc maidir le Liúntas Cúramóra an Leasa Shóisialaigh a ghlanadh.

Bitheitic

Bunaíodh an Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Bhitheitic i Márta 2012 agus tá mar chúram aige comhairle a chur ar an Rialtas maidir leis na himpleachtaí sóisialta agus eitice a bhaineann le forbairtí eolaíochta i leigheas an duine agus i gcúram sláinte. Cuirfidh an

Coiste cúnamh agus moltaí ar fáil i dtreo beartas cúraim sláinte agus an reachtaíocht ghaolmhar a fhorbairt.

An Grúpa Saineolais ar an mBreithiúnas A, B agus C v Éire
I ndiaidh tuarascáil an tSainghrúpa ar an mBreithiúnas A, B agus C v Éire, a foilsíodh i Samhain 2012, a bhreithniú, chinn an Rialtas gur chóir reachtaíocht le rialacháin a fheidhmiú laistigh de pharaméadair Airteagal 40.3.3° den Bhunreacht, mar a léirmhínigh an Chúirt Uachtarach sa chás X.

Cúram agus Oideachas Luathóige

Cúram agus Oideachas Luathóige
Cuireadh Maoiniú Caipitil €6 mhilliún ar fáil chun saoráidí chúram leanaí a chothabháil in 2012, lena chinntiú go leanfaidh saoráidí orthu ag cur cúram agus oideachas ar ardchaighdeán ar fáil do leanaí.

Cuireadh maoiniú ar fáil i mBuiséad 2013 chun an bhliain réamhscoile saor in aisce uilíoch a choimeád agus a chosaint, rud a bheidh chun leasa os cionn 65,000 leanbh ar chostas €175 milliún.

Scoileanna a Chumhachtú chun Caighdeáin a Fheabhsú

Oiliúint Múinteoirí a Leasú
Cuireadh tús i Meán Fómhair 2012 leis an mBaitsiléir san Oideachas leasaithe agus leathnaithe do mhúinteoirí bunscoile. Ceadaítear leis do tréimhsí socrúcháin scoile níos faide agus cuirtear béim níos mó ar na príomh-thosaíochtaí straitéiseacha de litearthacht agus uimhearthacht, ICT agus uilechuimsitheacht.

Tá plean feidhmithe á fhorbairt le héifeacht a thabhairt do mholtaí ó phainéal athbhreithnithe idirnáisiúnta chun sé ionad oideachais nua a bhunú, chun na naoi gcoláistí múinteoireachta Stát-mhaoinithe dhéag atá ann cheana féin a athsholáthar.

Pleananna Forbartha agus Measúnachta do Scoileanna agus do Mhúinteoirí
Tugadh isteach samhail féin-mheastóireachta nua do scoileanna i ngach bunscoil agus iar-bhunscoil ó Mheán Fómhair 2012 ar aghaidh, bunaithe ar Threoirlínte Féinmheasúnachta Scoile (SSE) nua. Éilítear ar scoileanna measúnacht a dhéanamh ar a gcuid oibre i roinnt réimsí agus plean feabhsaithe trí bliana a cheapadh do ghnéithe cleachtais a aithnítear a dteastaíonn forbairt uathu. Cuirfear achoimre ar an tuarascáil SSE agus ar phlean feabhsaithe scoileanna ar fáil do phobail scoileanna, lena chinntiú go mbeidh eolas ar fheidhmíocht agus forbairt scoileanna ar fáil go réidh ag tuismitheoirí.

An Túslíne a Chosaint

Seirbhísí Túslíne san Oideachas a Chosaint

Tá athruithe suntasacha ar chleachtais oibre curtha ar bun ag an Earnáil Oideachais as a leanann coigiltis mhóra a chabhraíonn leis na seirbhísí túslíne a chosaint, lena n-áirítear:

- 2 mhilliún uair an chloig breise in aghaidh na bliana á sheachadadh ag múinteoirí
- Athimlonnú ar os cionn 500 múinteoir buan breise in 2012
- Foireann acadúil agus léachtóireachta ag seachadadh 250,000 uair an chloig breise in aghaidh na bliana
- 760,000 uair an chloig breise in aghaidh na bliana á seachadadh ag Cúntóirí Riachtanas Speisialta

Torthaí a Fheabhsú

An Teastas Sóisearach a Athchóiriú

Seoladh creat oibre nua don Teastas Sóisearach i mí Deireadh Fómhair 2012 chun aghaidh a thabhairt ar róphlódú sa churaclam agus ar fhoghlaim de ghlanmheabhair agus cuirfidh sé taithí foghlama níos gníomhaí ar fáil do mhic léinn. Cuirfidh na hathchóirithe deireadh leis an Scrúdú Teastais Sóisearaigh traidisiúnta ag deireadh an timthrialla agus cuirfear samhail measúnaithe scoil-bhunaithe ina áit.

Matamaitic agus Eolaíocht ag an Dara Leibhéal

Mar chuid den iarracht chun feabhas a chur ar chaighdeáin san oideachas matamaitice, leithdháileadh os cionn €2 mhilliún in 2012 chun Dioplóma Gairmiúil i Múineadh Matamaitice a chur ar fáil, le béim faoi leith ar an gcuraclam Tionscadal Mata. Cuireadh tús leis an gcúrsa i Meán Fómhair 2012 nuair a glacadh 390 mac léinn isteach. Leathadh na cúig snáithe den churaclam Tionscadal Mata amach chuig gach scoil dara leibhéal i Meán Fómhair 2012.

Córas Pointí bónais do Mhatamaitic

Chuir institiúidí tríú leibhéal córas pointí bónais i bhfeidhm in 2012 do mhic léinn a dhéanann matamaitic ardleibhéal san Ardteistiméireacht. Feidhmeoidh an córas ar bhonn trialach ar feadh ceithre bliana. Chuir an córas pointí bónais, i gcomhar le Tionscadal Mata, le hardú 35 faoin gcéad ar an líon mac léinn a thug faoin bpáipéar ardleibhéil in 2012, i gcomparáid le 2011.

Litearthacht a bheith mar Aidhm Náisiúnta

An Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta
Tá dul chun cinn maith déanta maidir leis na gníomhartha atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta a chur i bhfeidhm. Tá mar aidhm leis an straitéis a chinntiú go mbeidh na scileanna litearthachta agus uimhearthachta riachtanacha ag gach leanbh ag fágáil na scoile dóibh. Áirítear ar an Dul Chun Cinn go dtí seo:

- Láithreán gréasáin nua le hacmhainní do thuismitheoirí chun tacú le foghlaim a gcuid leanaí (www.helpmykidlearn.ie).
- 'Pas Oideachais' nua do mhic léinn atá ag aistriú go dtí an dara leibhéal, ó Mheán Fómhair 2012 ar aghaidh, chun scoileanna a chur ar an eolas maidir le leanaí a bhféadfadh tacaíocht bhreise a bheith ag teastáil uathu.
- Tá tástáil chaighdeánaithe i léitheoireacht agus in uimhearthachta leathnaithe go dtí trí phointe i rith na tréimhse bunscoile - i rang 2, 4 agus 6.

Oiliúint agus Tacaíocht do Mhúinteoirí i Múineadh Litearthachta
Tá ranna ar litearthacht agus ar uimhearthacht ar bun anois sa Chlár Ionduchtúcháin Náisiúnta do Mhúinteoirí. Ceapadh foireann de naoi gcomhairleoir litearthachta agus uimhearthachta dhéag chun tacú le múinteoirí agus le scoileanna sa réimse seo. Tá cúrsaí curtha ar fáil anois do na príomhoidí agus leas-phríomhoidí go léir atá ag fónamh faoi láthair ar mhúineadh éifeachtach litearthachta agus uimhearthachta agus ar úsáid a bhaint as measúnú chun tacú le foghlaim mac léinn a phleanáil.

Cur leis an Méid Ama a Chaitear ag Múineadh Litearthachta i Scoileanna
Ó 2012 ar aghaidh, éilítear ar gach bunscoil an méid ama a chaitear ar scileanna litearthachta a ardú go dtí ocht n-uair a chloig go leith in aghaidh na seachtaine, agus an méid ama a chaitear ar uimhearthacht a ardú go dtí breis agus ceithre uair a chloig.

Scoileanna 21ú hAois

An Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas
Rinneadh an Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas a chumasc go foirmiúil leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí i Meitheamh 2012, agus sannadh post sinsearach a dhéileálann le cúrsaí curaclaim chuig an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Meastar leis an leagan amach nua go mbeidh lánpháirtiú níos mó i gceist maidir le ICT i múineadh agus i bhfoghlaim, i mbeartas agus i gcleachtas araon.

Leathanbhanda i Scoileanna
Sa chéad chéim den leathadh amach náisiúnta de leathanbhanda 100Mb in 2012, nascadh beagnach dhá chéad scoil iarbhunscoile sna ceantair is measa a bhí ó thaobh luas mall agus nascacht íseal. Áirítear air sin gach scoil dara leibhéal i gcontaetha an Chabháin, an Chláir,

Dhún na nGall, na Gaillimhe, Laoise, Liatroma, an Longfoirt, Lú, Mhaigh Eo, Muineacháin, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Shligigh agus na hIarmhí.

Scoileanna a Thógáil don Todhchaí

Tosaíocht a Thabhairt do Thionscadail Tógála Scoileanna
Tugadh 53 tionscadal ar scála mór chun críche in 2012 agus cuireadh leis sin 16,412 áit scoile bhuana ar fáil. Cuireadh 6,677 áit scoile bhuana bhreise ar fáil freisin faoin Scéim Cóiríochta Bhreise déabhlóidithe.

Tá pleananna san áireamh i bpacáiste spreagtha an Rialtais, a fógraíodh i mí Iúil 2012, chun dul ar aghaidh le dhá bheartán eile de thionscadail scoile mar chuid den phróiseas Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí. Baineann an chéad cheann a fógraíodh le 5 scoil iarbhunscoile a sheachadadh, ag cur cóiríocht do 3,100 dalta ar fáil, agus bunscoil amháin le 16 seomra ranga a sheachadadh.

Cuireann Meabhrán Tuisceana nua, a síníodh in 2012, comhpháirtíocht idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus údaráis áitiúla ar bhonn foirmiúil, leis na suíomhanna is oiriúnaí do scoileanna nua a fháil go tapa agus go réidh i réimsí ina bhfuil ardú tapa ag teacht ar líon na ndaltaí.

Seomraí Réamhdhéanta a Athsholáthar
Faoin Tionscnamh maidir le Seomraí Réamhdhéanta a Athsholáthar a fógraíodh i Márta 2012, íocadh €15.6 milliún in 2012 le 100 scoil chun cóiríocht bhuan a chur in áit seomraí réamhdhéanta.

Cothroime a Sholáthar i réimse an Oideachais

Daltaí ó Cheantair faoi Mhíbhuntáiste
Leithdháileadh tuairim is €750 milliún in 2012 le maoiniú a thabhairt do bhearta chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais ar fud 860 scoil DEIS, a mbíonn tionchar aige ar 165,350 dalta.

Mar chuid den scéim aonair nua sparánachtaí do mhic léinn Ardteistiméireachta ó scoileanna DEIS, cuireadh ocht sparánacht bhreise ar fáil in 2012, dírithe ar mhic léinn ó scoileanna DEIS a bhfuil mar aidhm acu dul i mbun cúrsaí tríú leibhéal san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic.

Leanaí le riachtanais speisialta
Caitheadh €1.3 billiún ar thacaíochtaí do leanaí le riachtanais speisialta in 2012, chun soláthar a dhéanamh do:

- Suas le 10,575 post do Chúntóirí Riachtanas Speisialta
- 9,950 post do mhúinteoirí acmhainne/mhúinteoirí tacaíochta foghlama
- 1,100 múinteoir i scoileanna speisialta
- Iompar Scoile Speisialta do 8,500 dalta faoi mhíchumais
- Ranganna luathidirghabhála agus tacaíochtaí eile do leanaí le huathachas

Iarradh ar an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta comhairle chuimsitheach maidir le beartas a thabhairt in 2013 ar an tslí is fearr a bhféadfadh an córas oideachais tacú le leanaí le riachtanais speisialta. Beidh sin mar threoir do phlean a ullmhú ar conas is féidir gnéithe de EPSEN a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tosaíocht a thabhairt do leanaí le riachtanais speisialta rochtain a fháil ar phlean oideachais aonair.

Dul i nGleic le Bulaíocht

I ndiaidh an Fhóraim Frithbhulaíochta tiomanta a tionóladh i mBealtaine 2012, seoladh Plean Gnímh ar Bhulaíocht i mí Eanáir ag a raibh buiséad tiomanta de €500,000 chun tacú le cur i bhfeidhm gníomhartha chun cabhrú le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i mbunscoileanna agus i scoileanna dara leibhéal. Seoladh dhá thionscnamh i Feabhra 2013 atá dírithe ar dhul i ngleic le cibearbhulaíocht agus ar meon daoine ina leith a athrú, is iad sin an feachtas frith-cibearbhulaíochta *Watch Your Space* agus an Clár Iar-Bhunscoile Gardaí, *Connect with Respect.*

Pátrúnacht

An Fóram ar Phátrúnacht agus Iolrachas

Foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh don Fhóram ar Phátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bunscoile in Aibreán 2012. Moltar sa tuarascáil éagsúlacht pátrúnachta a bhaint amach tríd an stoc reatha scoileanna a úsáid, bunaithe ar éileamh ó thuismitheoirí, i gceantair ina mbíonn an daonra cobhsaí. Maidir le pobail a bhfreastalaíonn scoil 'aonair' amháin orthu, agus nach féidir pátrúnacht a aistriú iontu, déantar moltaí sa tuarascáil a dhíríonn ar a chinntiú go mbeidh scoileanna den sórt sin chomh uilechuimsitheach agus is féidir agus go bhfreastalóidh siad ar dhaltaí a bhfuil córais chreidimh éagsúla acu.

Suirbhéanna ar Rogha Tuismitheoirí

Ag leanúint as moltaí an Fhóraim ar Phátrúnacht, tá tús curtha le próiseas as a leanfaidh deireadh a chur le pátrúnacht scoileanna i gceantair ina mbíonn an daonra cobhsaí. Tá suirbhéanna déanta in ocht gceantar is tríocha ar fud na tíre lena fháil amach ar fearr le tuismitheoirí rogha pátrúin scoile níos leithne ná mar atá ar fáil dóibh faoi láthair. Sa chás go léiríonn na suirbhéanna éileamh ar mhalairt rogha pátrúnachta, breithneofar roghanna chun ath-struchtúrú a chur ar scoileanna, rud a thabharfadh deis cóiríocht a chur ar fáil do sholáthraí eile.

Athchóiriú Tríú Leibhéal

Oideachas Tríú Leibhéal a Athchóiriú
Tá sraith doiciméad eisithe ag an Údarás um Ard-Oideachas (HEA) a bheidh mar fhaisnéis don chaidreamh idir an HEA agus institiúidí ard-oideachais, as a leanfaidh comhairle a chur ar an Aire maidir le struchtúrú córas faoi Aibreán 2013.

Áirítear ar phríomh-fhorbairtí eile Fóram Náisiúnta chun Cur le Múineadh agus Foghlaim ag an tríú leibhéal, a bunaíodh i Samhain 2012. Díríonn an Fóram ar cur le taithí foghlama gach mac léinn.

Athlonnú DIT chuig Gráinseach Ghormáin
Mar chuid de phacáiste spreagtha an Rialtais 2012, tá €180 milliún coinnithe siar chun na 39 láithreán atá ag DIT faoi láthair a chomhdhlúthú i saoráid oideachais amháin ag Gráinseach Ghormáin**.** Cuirfidh an chéad 1000 mac léinn tús lena gcuid staidéar ann i Meán Fómhair 2014, agus freastalóidh an Campas aontaithe nua ar os cionn 20,000 mac léinn agus ball foirne ar deireadh. Déanfaidh an síneadh beartaithe ar an Luas ó Fhaiche Stiabhna go Droichead Broome freastal ar an gcampas.

Cúraimí an Ombudsman i leith Institiúidí Tríú Leibhéal a Leathnú
Áirítear ar chúraimí nua-leathnaithe Oifig an Ombudsman, faoin Acht Ombudsman (Leasú) 2012, gach institiúid oideachais tríú leibhéal a mhaoinítear go poiblí.

Na hÚdaráis Chreidiúnúcháin a Chumasc
Bunaíodh foras nua; Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann go foirmiúil in 2012, a tháinig in áit Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, FETAC, HETAC agus Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann.

Tithíocht agus Morgáistí Tochsail

Dul i nGleic le Riaráistí Morgáiste
Bhunaigh an Rialtas Coiste Comh-Aireachta ar leith ar riaráistí morgáiste in 2012 chun dul chun cinn a thiomáint ar a n-áirítear:

- reachtaíocht fhairsing nua ar dhócmhainneacht agus ullmhúchán mór do sheirbhís dhócmhainneachta nua;
- dianchaidreamh idir Banc Ceannais na hÉireann agus iasachtóirí agus raon roghanna chun iasachtaí a réiteach agus a leasú a leathadh amach, le príomhtháscairí feidhmíochta nua ar bun chun dul chun cinn a thomhas;

- leathadh amach na scéime nua Morgáiste chuig Cíos, a thugann deis do theaghlaigh fanacht ina n-áit chónaithe trí úinéireacht a aistriú chuig comhlacht tithíochta údaraithe;
- tá seirbhís faisnéise teileafóin agus ar líne nua ar bun, chomh maith le seirbhís ghairmiúil comhairleoireachta airgeadais saor in aisce d'iasachtaithe a bhfuil morgáistí tochsail acu.

Athchóiriú ar Fhéimheacht Phearsanta

Rinne An tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta athchóiriú cuimsitheach ar dhlí dócmhainneachta agus féimheachta na hÉireann, agus déanann soláthar do roghanna nua níos solúbtha chun aghaidh a thabhairt ar fhiachas pearsanta, riaráistí morgáiste san áireamh. Déanann an creat reachtúil nua foráil do thrí phróiseas réitigh fiachais neamhbhreithiúnacha nua :

- Tabharfaidh an Fógra um Fhaoiseamh Fiachais deis fiachas neamhurraithe incháilithe, suas le €20,000 a dhíscríobh, faoi réir tréimhse maoirseachta trí bliana;
- Déanann an Socrú Socraíochta Fiachais soláthar do chomhaontú ar shocraíocht fiachas neamhurraithe, gan teorainn i gceist, thar thréimhse cúig bliana de ghnáth;
- Cumasóidh an Socrú Dócmhainneachta Pearsanta comhaontú ar shocraíocht fiachas urraithe suas le €3 milliún agus fiachas neamhurraithe gan teorainn, thar thréimhse sé bliana de ghnáth.

Tá Seirbhís nua Dócmhainneachta na hÉireann le seoladh sa chéad ráithe de 2013, chun seirbhísí eolais a chur ar fáil don phobal agus chun bainistiú a dhéanamh ar na próisis is gá leis na nósanna imeachta socraíochta fiachais neamhbhreithiúnacha a oibriú go héifeachtach. Tá Stiúrthóir Ainmnithe na seirbhíse ag maoirsiú na socruithe, lena n-áirítear foireann nua agus ath-imlonnaithe a earcú, áitreabh nua a fheistiú, córas IT nua a fhorbairt, agus creat rialála iomchuí do chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta agus treoirlínte do nósanna imeachta dócmhainneachta.

An tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS)

Faoin Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012, feidhmeoidh MABS mar idirghabhálaí údaraithe chun críche iarratais ar Fhógraí um Fhaoiseamh Fiachais a phróiseáil.

Tá raon beart tugtha isteach tríd an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh freisin, chun cabhrú le daoine a bhfuil deacrachtaí acu a morgáiste a íoc. Tá siad á maoiniú go hiomlán ag na bainc. Tugann an keepingyourhome.ie agus an Líne Chabhrach um Riaráistí Morgáiste eolas agus treoir do shealbhóirí morgáiste a bhfuil deacrachtaí acu. Ó Mheán Fómhair seo

caite tá painéal cuntasóirí ag cur comhairle airgeadais neamhspleách ar fáil do shealbhóirí morgáiste a bhfuil moltaí réitigh fadtéarmacha á dtairiscint ag a iasachtóirí dóibh.

Scáileastáit
Amhail deireadh 2012, bhí laghdú tagtha ar an líon forbairtí neamhchríochnaithe go dtí 1,770 – sin laghdú 37 faoin gcéad ón 2,874 a aithníodh in 2012. Áirítear ar roinnt de na bearta a bhrú an Coiste Náisiúnta Comhordúcháin chun cinn:

- Cód Cleachtais do Gheallsealbhóirí agus Treoirleabhar d'Eastáit Neamhchríochnaithe a Bhainistiú agus a Réiteach, ina leagtar amach deachleachtais atá le glacadh ag gach geallsealbhóir.
- Maoiniú €3.88 milliún á chur ar fáil d'Údaráis Áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna sábháilteachta práinneacha i bhforbairtí neamhchríochnaithe.

D'fhógair NAMA pleananna i mBealtaine 2012 maidir le ar a laghad €2 bhilliún a infheistiú chun obair foirgníochta ar *fhorbairtí neamhchríochnaithe ar a phunann* a thabhairt chun críche agus chun láithreáin úrnua a fhorbairt. Bhí infheistíochtaí €1.7 bhilliún ceadaithe ag NAMA faoi dheireadh 2012, agus bhí os cionn €1 bhilliún den mhéid sin tarraingthe anuas.

Tithíocht Shóisialta

Soláthar Tithíochta Sóisialta a Mhéadú
Bhí aschur tithíochta sóisialta níos mó ná 6,000 in 2012, agus tá 5,000 eile le cur ar fáil in 2013. Bunaíodh NAMA Asset Residential Property Services Ltd chun dlús a chur faoi mhaoin fholamh a fháil do thithíocht shóisialta agus táthar ag súil le méadú suntasach i líon maoine NAMA a roghnófar agus a sheachadfar i gcomhair tithíochta sóisialta in 2013.

Athnuachan Uirbeach
Is scéim dreasachta cánach é an *Living City Initiative* píolótach nua, a fógraíodh i mí Feabhra 2013 do Chathair Phort Láirge agus do Chathair Luimnigh, chun ceantair uirbeacha a athbheochan, trí athchóiriú na bhfoirgneamh Seoirseach stairiúil d'úsáid chónaithe agus mhiondíola a chur chun cinn.

Leanann an clár athghiniúna náisiúnta de bheith ag dul chun cinn, leis na chéad tithe nua á seachadadh do chónaitheoirí i Maigh Rois, Luimneach i mí Feabhra 2013.

Daoine gan Dídean

An Straitéis do Dhaoine gan Dídean a Athbhreithniú agus a Thabhairt Cothrom le Dáta
Tar éis athbhreithniú ar an Straitéis do Dhaoine gan Dídean, d'fhoilsigh an Rialtas ráiteas beartas maidir le daoine gan dídean i mí Feabhra 2013. Tacaíonn sé le cur chuige tithíocht-

bhunaithe a fhorbairt, ag leagan béim ar sholáthar tapa cóiríochta cuí le tacaíochtaí ar an bpríomhréiteach chun deireadh a chur le heaspa dídine fadtréimhseach faoi 2016. Bunaíodh grúpa maoirseachta tiomanta chun beartas a chomhordú agus lena chinntiú go mbainfear na cuspóirí amach.

Tithíocht

Maoirseacht a Dhéanamh ar na Cleachtais a Ghabhann le hIasachtú Morgáiste na nInstitiúidí Creidmheasa

Déanfaidh an Bille um Thuairisciú Creidmheasa 2012, atá faoi bhráid an Oireachtais i láthair na huaire, foráil do bhunú cláir chreidmheasa nua chun tacú le cinntí iasachta níos eolasaí agus chun uirlis thábhachtach a chur ar fáil le haghaidh maoirseacht a dhéanamh ar bhaincéireacht. Beidh an clár á gcur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais le caighdeáin tuairiscithe éigeantacha agus seiceálacha creidmheasa éigeantacha agus rialuithe cuí maidir le rochtain ar an bhfaisnéis chun gnólachtaí agus tomhaltóirí a chosaint.

Bunachar Sonraí Náisiúnta maidir le Praghas Tithíochta

Soláthraíonn An Clár Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe nua, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2012, faisnéis chruinn agus cothrom le dáta don chéad uair maidir le maoin chónaithe a ceannaíodh in Éirinn ó mhí Eanáir 2010 i leith.

Dlí agus Ceart agus Athchóiriú Dlí

Dlí Frith-Éilithe a Athchóiriú

Foilsíodh scéim ghinearálta an Bhille um Cheartas Coiriúil (Éilliú) in 2012 agus cuireadh faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart, Comhionannas agus Cosaint lena bhreithniú, sula ndearnadh é a dhréachtú go foirmiúil. Nuair a achtófar í, leasóidh agus láidróidh an reachtaíocht an dlí a dhéanann coir d'éilliú.

Athchóiriú Dlí Choiriúil

Stop a chur le Fóin Póca a mbealach a dhéanamh isteach i bPríosúin

Tá úsáid á mbaint anois as scanóirí agus meaisíní x-ghathaithe mar na cinn a mbaintear úsáid astu in aerfoirt ag an mbealach isteach chuig gach príosún dúnta. Tá na bearta slándála sin thar a bheith éifeachtach maidir le smuigléireacht isteach sna príosúin a sheachaint, mar a léirítear i laghdú ar líon na bhfón póca a urghabhadh ó phríosúnaigh, síos 16% in 2012 go dtí 1,150.

Clár Tástála Drugaí ar Thaobh an Bhóthair a thabhairt isteach
Cheadaigh an Rialtas dréachtú an Bhille um Thrácht ar Bhóithre, a dhéanfaidh foráil do thabhairt isteach tástáil ar thaobh an bhóthair le haghaidh tiománaithe a bhfuil amhras ann go bhfuil siad faoi thionchar drugaí.

Ciorrú Ball Giniúna Baineann a Thoirmeasc
Cuireadh tús leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Baineann) 2012 i mí Mheán Fómhair agus cuirtear cosc ar an gcleachtas a bhaineann le Ball Giniúna Baineann a Chiorrú in Éirinn, lena bhforáiltear pionós suas go 14 bliana príosúin ar dhuine a chiontú.

Póilíneacht Láidir agus Éifeachtach

Gardaí a scaoileadh ó Dhualgais Riaracháin
Mar thoradh ar thionscadal píolótach an-rathúil a rinneadh in 2012 inar sheachaid foireann shibhialach seirbhísí inimirce in aerfort Bhaile Átha Cliath, tá pleananna idir lámha lena leathnú amach in iomlán, rud a scaoilfidh líon suntasach Gardaí chuig dualgais póilíneachta túslíne i ndeireadh thiar.

Is éard a bheidh mar thoradh ar chomhdhlúthú líonra Stáisiún na nGardaí go mbeidh 61,000 uair an chloig patróil bhreise ar fáil in 2013 ionas go mbeidh an líon is mó is féidir Gardaí ag dul i mbun póilíneachta túslíne i measc an phobail.

Cuirfear uainchlár Gardaí nua i bhfeidhm agus is éard a bheidh mar thoradh air sin ná go mbeidh níos mó Gardaí ar dualgas le linn tréimhsí a mbíonn éileamh níos mó ar phóilíneacht agus níos lú le linn amanna níos ciúine.

Córas Bainistithe Cáis sna Cúirteanna a Fheabhsú
Tá roinnt tionscadal tugtha isteach chun éifeachtacht sna cúirteanna a fheabhsú agus leis an am a chaitheann Gardaí sna cúirteanna gan gá a laghdú, lena n-áirítear:

- nós imeachta réamhthrialach píolótach sa Chúirt Chuarda, atá dírithe ar dheireadh a chur le moilleanna i gcásanna;
- iarradh go ndéanfadh na cúirteanna éisteachtaí a sceidealú ar laethanta a bhfuil Gardaí ar dhualgas uainchláir;
- Gardaí a scaoileadh saor ó dhualgas i ndiaidh dóibh fianaise a thabhairt;
- úsáid a bhaint as áiseanna físchomhdhála i ngach príosún agus sna príomhthithe cúirte, ionas gur féidir an gá a bhíonn le príosúnaigh a aistriú chun trialach a laghdú

Smuigléireacht a Chomhrac
Leanann na Coimisinéirí Ioncaim le smuigléireacht ag calafoirt mhóra, feadh an líne chósta agus ag aerfoirt bheaga a chomhrac trí úsáid éifeachtach acmhainní riosca-bhunaithe agus

faoi stiúir faisnéise a mhéadú. Tá clár scanóra x-ghathaithe na gCoimisinéirí Ioncaim comhdhéanta de dhá scanóir x-ghathaithe soghluaiste agus scanadh soghluaiste i veain a coimisiúnaíodh le déanaí, a úsáidtear chun dul i ngleic le smuigléireacht. Tá 9,780 scanadh déanta le dhá bhliain anuas, as a d'eascair 40 urghabháil arbh fhiú os cionn €36.6 milliún iad in iomlán. Bhain dhá urghabháil is fiche de na hurghábhálacha sin le táirgí tobac aindleathacha, ar fiú os cionn €33 mhilliún iad. Tháinig méadú suntasach ar na pionóis a bhain le smuigléireacht tobac in 2010.

Pianbhreith agus Athchóiriú an Chórais Choiriúil

Cigire na bPríosún
Tháinig nósanna imeachta láidre nua chun gearáin ó phríosúnaigh a imscrúdú i bhfeidhm i mí na Samhna 2012, lena n-áirítear gearáin arna imscrúdú ag imscrúdaitheoirí neamhspleácha seachtracha agus chun maoirseacht ar an bpróiseas a thabhairt do Chigire na bPríosún ón tús.

Bainistiú Ciontóra Comhtháite
Ó seoladh é i mí na Bealtaine 2012, scaoileadh 388 ciontóir íosriosca amach go sealadach agus go luath ar an gClár Filleadh Pobail in éiric ar sheirbhís phobail mhaoirsithe.

Dlíthe Pianbhreithe Éigeantacha a Athbhreithniú
Tá athbhreithniú straitéiseach ar bheartas pionósach i bhfeidhm agus tabharfaidh an grúpa athbhreithnithe tuairisc le linn 2013. Ionchorpróidh an t-athbhreithniú scrúdú agus anailís ar gach gné de bheartas pionósach lena n-áirítear cosc, pianbhreith éigeantach, beartas pionósach ginearálta, roghanna eile seachas coimeád, cóiríocht agus córais, tacaíocht d'athimeascadh agus athshlánú agus saincheist na mbanpríosúnach.

Bonneagar na bPríosún a Uasghrádú
Tháinig bloc cóiríochta nua i bhfeidhm i bPríosún an Láir Tíre ag deireadh 2012, ag cur 300 spás breise ar fáil le sláintíocht sa chillín, chomh maith le áiseanna oibre, traenála agus oideachais nua. Táthar i mbun clár athchóirithe i bPríosún Mhuinseo, chun sláintíocht sa chillín a chur ar fáil ar fud an phríosúin. Tugadh athchóiriú sciatháin C chun críche in 2012 agus tá tús curtha anois ar sciathán B.

Tá cead faighte chun tús a chur in 2013 le príosún nua agus nua-aimseartha le 250 spás a thógáil i gCorcaigh, a thiocfaidh in áit na saoráidí as-dáta atá ann cheana agus a chuirfidh sláintíocht sa chillín ar fáil do na príosúnaigh go léir. Tá pleananna i bhfeidhm chun athfhorbairt ollmhór a dhéanamh i bpríosún Luimnigh.

Institiúid Naomh Pádraig
Ó mhí Iúil 2012 ní chuirtear buachaillí 16 bliana d'aois isteach in Institiúid Naomh Pádraig a thuilleadh. Déantar buachaillí 16 bliana d'aois a athchuirtear faoi choimeád nó a chuirtear faoi phianbhreith a choinneáil sna saoráidí do leanaí i mBaile an Oibricigh. Tá cead faighte chun Saoráid Náisiúnta Coinneála Leanaí nua a thógáil ar champas Bhaile an Oibricigh agus tá leithdháileadh €20.4 mhilliún i maoiniú caipitil déanta don tionscadal in 2013. Is éard a bheidh mar thoradh ar an tionscadal sin ná go mbeidh cumas leordhóthanach ann an múnla coinneála do chúram leanaí a leathnú do gach duine ó faoi bhun 18 mbliana faoi lár 2014 agus go gcuirfear deireadh leis an gcleachtas buachaillí 17 mbliana déag d'aois a chur isteach in Institiúid Naomh Pádraig.

I mí an Mheithimh 2012, leathnaíodh réimse freagrachtaí an Ombudsman do Leanaí chun gach buachaill faoi bhun 18 mbliana d'aois in Institiúid Naomh Pádraig a chlúdach, d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad á gcoinneáil agus an méid aird agus is féidir a thabhairt ar a gcearta agus ar a riachtanas mar leanaí.

Drugaí

An Straitéis Náisiúnta Mí-úsáid Drugaí a Chur i bhFeidhm
Ag eascairt ó na moltaí i dtuarascáil Ghrúpa Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta Mí-Úsáid Drugaí, tá tograí á gcur i bhfeidhm faoi láthair lena mbreithniú ag an Rialtas go luath in 2013.

Straitéisí Mí-Úsáide Drugaí agus Alcóil a Chomhtháthú ag Leibhéal Áitiúil
Tá athchóirithe á dtabhairt isteach, ag eascairt ón athbhreithniú ar Thascfhórsaí Drugaí a tugadh chun críche in 2012, agus tá sé beartaithe na Tascfhórsaí a fheistiú ar bhealach níos fearr chun freagra a thabhairt ar an bpatrún reatha a bhaineann le mí-úsáid substaintí. Áirítear orthu sin a réimse freagrachtaí a leathnú chun andúil alcóil, bearta chun comhordú agus ionadaíocht a fheabhsú agus athbhreithniú ar theorainneacha na dTascfhórsaí a thabhairt san áireamh.

Cuirfidh an Ciste Tionscnamh Drugaí os cionn €28 milliún ar fáil do Thascfhórsaí Drugaí in 2013 chun tacú le tionscnaimh drugaí phobal-bhunaithe.

Sreabhadh Drugaí isteach sna Príosúin a Laghdú
Tá raon tionscnamh slándála tugtha isteach i bpríosúin dhúnta, lena n-áirítear scanóirí x-ghathaithe, rialú agus monatóireacht níos dlúithe ar chuairteanna chuig príosúin, scagadh slándála mar a bhaintear úsáid as in aerfoirt a dhéanamh ar gach ball foirne agus gach cuairteoir, agus níos mó cuardach randamach ar chóiríocht na bpríosúnach. D'éirigh thar barr leis na tionscnaimh sin maidir le hinfhaighteacht drugaí sna príosúin, agus tháinig laghdú 28 faoin gcéad ar urghabhálacha drugaí idir 2010 agus 2012.

Cuntasacht don Bhuiséad Andúile
Casann an Fóram Maoirseachta ar Dhrugaí gach ráithe le gach Roinn agus Gníomhaireacht chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na ngníomhartha sa Straitéis Náisiúnta Drugaí, agus chun aghaidh a thabhairt ar aon deacrachtaí oibríochtúla a d'fhéadfadh titim amach. Foilseofar tuarascáil go luath in 2013 ar chur i bhfeidhm ghníomhartha na straitéise in 2012. B'ionann caiteachas a luadh le Cláir Drugaí ar feadh gach Roinn agus Gníomhaireacht agus thart ar €245 mhilliún in 2012.

Athchóiriú Dlí, Cúirteanna agus na Breithiúna

Cúirteanna Teaghlaigh agus Cúirt Achomhairc Shibhialta a Chruthú
Tá togra maidir le leasú ar an mBunreacht (faoi réir ag reifreann ón bpobal) ceadaithe, i bprionsabal, chun cead a thabhairt Cúirt Achomhairc Shibhialta agus struchtúr Cúirte Teaghlaigh nua ar leithligh a bhunú. Tá tús curtha le hobair chun na tograí sin a fhorbairt tuilleadh agus táthar ag súil go reáchtálfar an reifreann éigeantach i bhFómhair 2013.

Socraíochtaí Struchtúrtha a thabhairt isteach
Tá tús curtha le hullmhúchán ar Chinn an Bhille um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), a thabharfaidh cumhachtaí nua do na cúirteanna orduithe íocaíochta tréimhsiúla a dhéanamh chun leasa daoine ar bhain gortuithe tromchúiseacha dóibh mar gheall ar fhaillí daoine eile. Leis an scéim beifear in ann cúiteamh a íoc i dtráthchodanna rialta i gcaitheamh saol an duine gortaithe, chun costas leanúnach a gcúram a chlúdach agus lena chinntiú go bhfuil an cúiteamh sin leordhóthanach agus riachtanach.

Dlí Teaghlaigh a Athchóiriú agus a Nuachóiriú
Tá reachtaíocht a ullmhú chun imeachtaí cúirte i ndlí teaghlaigh agus i gcásanna cúraim leanaí a dhéanamh níos trédhearcaí. Leasóidh an reachtaíocht an riail *in camera* le go mbeidh rochtain ag an bpreas ar na cúirteanna in imeachtaí dlí teaghlaigh agus cúraim leanaí.

Athchóiriú an Dlí
Tá an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí ag forbairt clár oibre faoi láthair don chéad Chlár d'Athchóiriú Dlí eile. Tagann sé sna sála ar phróiseas leathan comhairliúcháin le sochaí shibhialta agus phoiblí lena n-áirítear comhlachtaí pobail, rialtais agus poiblí.

Pasanna, Saoránacht, Inimirce agus Tearmann

Iarratais ar Shaoránacht

Cinneadh os cionn 25,000 iarratas in 2012, i gcomparáid le 16,000 in 2011 agus níos lú ná 8,000 in 2010. Lean rathúlacht na searmanas saoránachta ar aghaidh in 2012, agus bronnadh saoránacht ar bheagnach 20,000 duine ag tríocha cúig searmanas.

Comhionannas agus Uilechuimsitheacht Shóisialta

Dul i nGleic leis Bochtaine

Tugadh athbhreithniú ar an Sprioc Náisiúnta Bochtaine chun críche in 2012 agus glacadh Sprioc Náisiúnta Sóisialta nua maidir le Laghdú Bochtaine, agus é mar chuspóir aige bochtaine chomhleanúnach a laghdú go dtí 4 faoin gcéad faoi 2016 agus 2 faoin gcéad nó níos lú faoi 2020. Tá ullmhúcháin don chéad tuarascáil monatóireachta ar bun.

Cur chuige Ceantar-Bhunaithe Nua chun dul i ngleic le Bochtaine Leanaí

Tá €2.5 mhilliún leithroinnte chun tionscnamh nua maidir le Cur Chuige Ceantar-Bhunaithe ar Bhochtaine Leanaí a mhaoiniú in 2013. Tógfaidh an tionscnamh sin ar obair an Chláir Coisc agus Idirghabhála Luath, a léiríonn torthaí suntasacha feabhais do leanaí agus do theaghlaigh, agus leanfar leis an obair sin. Leathnófar líon na láithreacha ó trí cinn go dtí sé cinn ar an laghad i rith 2013. Beidh tionchar ag foghlaim agus ag torthaí ó na tionscadail atá ann cheana ar dhearadh an Chur Chuige Ceantar-Bhunaithe nua seo, a thabharfaidh aghaidh ar na príomhthéamaí seo a leanas - forbairt leanaí, míbhuntáiste oideachasúil, sláinte, folláine agus tuismitheoireacht.

Deireadh a chur le Sáinneacha Bochtaineachta

Deireadh a chur le Sáinneacha Bochtaineachta

Leanann athchóiriú an chórais Leasa Shóisialaigh de bheith ag cur deireadh le sáinneacha bochtaineachta agus ag cinntiú go n-íocann obair faighteoirí leasa shóisialaigh:

- Tá obair shuntasach déanta chun tús a chur le haistriú in 2012 na ndaoine a bhfuil riachtanais fadtréimhseacha tithíochta acu ó fhorlíonadh cíosa chuig a n-údarás áitiúil áit a íocfaidh siad cíos dhifreálach ríofa ar bhonn a n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh nó a bpá.
- Tá athchóiriú ar íocaíochtaí Teaghlaigh Tuismitheora Aonair ar siúl, ag tosú le laghdú in aois cháilitheach leanaí, a bheidh i bhfeidhm ó mhí Iúil 2013.
- Bhí foráil i mbuiséad 2013 do €14 mhilliún chun 6,000 áit cúraim leanaí fhóirdheonaithe a sholáthar chun tacú le daoine dul i mbun fostaíochta.

Cur Chuige Neamhfhulaingthe ar Chalaois Leasa Shóisialaigh

Calaois Leasa Shóisialaigh a Laghdú

Cumasóidh leathnú amach Intreo, an tseirbhís fostaíochta agus tacaíochta chomhtháite nua, cur chuige níos comhtháite maidir le rialú calaoise a bhaint amach, trí fhaisnéis a roinnt. Feabhsóidh an cur chuige cinnteoireachta agus cás bainistithe comhtháite nua le feabhas a chur ar rialú ar fud scéimeanna.

Tugadh isteach an Cárta Seirbhísí Poiblí (PSC) nua, a bhfuil céannacht ghrianghraif air, in 2012 agus tá os cionn 111,800 cárta nua eisithe go dtí seo. Ceadóidh an cárta sainaithint agus fíordheimhniú níos fearr a dhéanamh i gcás daoine aonair, rud a chabhróidh le héilimh chalaoiseacha a bhraith.

Dámhadh cumhachtaí nua ar Chigirí Leasa Shóisialaigh in 2012 chun calaois a chosc agus a bhraith, chun ceisteanna a chur thiarnaí talún, chun seiceálacha céannachta maidir le héilimh leasa shóisialaigh a iarraidh, agus chun calaois agus mí-úsáid leasa shóisialaigh a bhraith agus a chomhrac ag calafoirt agus aerfoirt. Tá stop curtha le os cionn caoga éileamh mar thoradh ar na cumhachtaí sin, le coigiltis rialaithe de thart ar €450,000.

Forálann an tAcht Leasa Shóisialaigh 2012 d'aisghabháil níos tapa na ró-íocaíochtaí leasa shóisialaigh trí asbhaintí seachtainiúla suas le 15 faoin gcéad a bhaint as íocaíocht leasa shóisialaigh duine.

Luach Níos Fearr ar Airgead a Fháil

Spleáchas ar Fhorlíonadh Cíosa a Laghdú

D'aistrigh údaráis áitiúla thart ar 5,000 faighteoir fadtéarmach a raibh Forlíonadh Cíosa á fháil acu chuig Scéim Cóiríochta Cíosa i rith 2012.

Ag teacht leis an Ráiteas Beartas Tithíochta nua, chomhaontaigh an Rialtas go n-aistreofar freagracht as faighteoirí forlíonta cíosa fadtéarmacha ar bhonn céimnitheach ón Roinn Coimirce Sóisialaí chuig údaráis tithíochta faoi Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) nua. Déanfar an socrú nua forásach seo a ríomh bunaithe ar chumas cíos a íoc. Cuirfidh sé deireadh le bacainní fostaíochta agus tabharfar forlíonadh cíosa ar ais chuig an bpríomhchuspóir a bhí aige, eadhon mar thacaíocht ioncaim ghearrthéarmach. Tá obair shuntasach déanta le gur féidir tús a chur leis na chéad aistrithe in 2013, iad ag leathnú amach go ginearálta ó 2014.

Comhionannas

Comhionannas agus Cearta Daonna

Foilsíodh dréacht-chinn an Bhille um an Choimisiún Comhionannais agus Cearta Daonna nua in 2012, chun an Coimisiún um Chearta an Duine agus an tÚdarás Comhionannais a chomhnascadh. Ceanglóidh an reachtaíocht sin ar chomhlachtaí poiblí a mbreithniú maidir le saincheisteanna cearta daonna agus comhionannais, atá ábhartha dá gcuid oibre, ina bpleananna straitéise agus tuairisc a dhéanamh orthu ina dTuarascálacha Bliantúla.

Dul i nGleic le Bulaíocht Homafóbach
Tionóladh Fóram Frith-Bhulaíochta ollmhór an 18 Bealtaine 2012 an tráth céanna leis an Lá Idirnáisiúnta in aghaidh Homafóibe, agus ba é an téama a bhí ann ná bulaíocht hómafóbach. Tá tiomantas sa Phlean Gnímh nua maidir le Bulaíocht tacaíocht a chur ar fáil do Sheachtain Feasachta *Stand Up!* in aghaidh Bulaíochta arna eagrú ag Seirbhísí Óige BeLonG To.

Daoine faoi Mhíchumais

Plean Feidhmithe maidir leis an Straitéis Náisiúnta Míchumais
Bunaíodh Grúpa Feidhmithe, lena n-áirítear roinnt daoine faoi mhíchumais, chun plean feidhmithe a fhorbairt don Straitéis Náisiúnta Míchumais, ar a n-áireofar gníomhartha ar leith, amlínte agus spriocanna a chuirfear i bhfeidhm thar tréimhse trí bliana. Tá obair ar an bplean go mór chun cinn agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe in 2013.

Bunaíodh Fóram Míchumais in 2012 chun comhairliúchán níos fearr le geallsealbhóirí a éascú agus léargas an úsáideora deiridh a ghabháil.

Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas ar na Seirbhísí Míchumais
Ag eascairt as an Athbhreithniú Luach ar Airgead agus Beartais den Chlár Seirbhísí Míchumais, tá creat feidhmithe ardleibhéil le haghaidh na moltaí san athbhreithniú foilsithe. Leagann an creat amach athrú bunúsach sa chur chuige maidir le rialachas, maoiniú agus fócas an Chláir Seirbhísí Míchumais, trí aistriú ó sheachadadh seirbhísí grúpa-bhunaithe i dtreo múnla tacaíochtaí a bheadh dírithe ar dhaoine agus tacaíochtaí arna roghnú ag an duine aonair. Gluaisfidh na hathruithe sin, a gcuirfear tús leo in 2013, an earnáil i dtreo bainistíocht níos éifeachtaí, níos trédhearcaí agus níos freagraí na n-acmhainní suntasacha atá ann cheana a chaitear ar sheirbhísí sláinte agus pearsanta do dhaoine faoi mhíchumas.

Caighdeáin Náisiúnta maidir le Seirbhísí Cónaitheacha do Dhaoine faoi Mhíchumas
Tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí, tá *Caighdeáin Náisiúnta maidir le hIonaid Chónaithe do Dhaoine faoi Mhíchumais* forbartha ag HIQA. Foilseofar na caighdeáin go luath agus tá obair ar siúl maidir le córas nua rialála a chur i bhfeidhm. Beidh feidhm aige sin maidir le gach suíomh cónaithe ina gcónaíonn daoine faoi mhíchumas, cibé an bhfuil siad á n-oibriú ag comhlachtaí nó eagraíochtaí poiblí, príobháideacha nó deonacha.

Teanga Chomharthaíochta na hÉireann
Thionóil an tÚdarás Náisiúnta Míchumais cruinniú comhchéime le hionadaithe ón bpobal bodhar, agus ó na Ranna Rialtais ábhartha, i mí na Bealtaine 2012, d'fhonn gníomhaíochtaí féideartha a aithint chun aitheantas Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a chur chun cinn agus lena gcur san áireamh i bPlean Feidhmithe na Straitéise Náisiúnta Míchumais.

An Dlí maidir le hInniúlacht Meabhrach a Athchóiriú
Déanfaidh an *Assisted Decision-Making Capacity Bill*, a fhoilseofar go luath, athchóiriú ar an dlí i ndáil le daoine soghonta, a bhfuil tionchar ag míchumas intleachta nó tinneas meabhrach ar a gcumas cinntí tábhachtacha a dhéanamh. Nuair a achtófar í, déanfaidh an reachtaíocht nuachóiriú ar na dlíthe inniúlachta agus tabharfar reachtaíocht na hÉireann sa réimse seo i gcomhréir le smaointeoireacht reatha agus creataí reachtaíochta nua-aimseartha ar fud an domhain. Tiocfaidh an Bille in áit an chórais coimrithe cúirte le creat reachtaíochta nua, a aistreoidh an fócas i dtreo cinnteoireachta cuidithe seachas cinnteoireacht ionadaíoch.

5. Dul Chun Cinn

Na Príomhbhuaicphointí

Leanaí

- Cosaint ag cearta leanaí sa Bhunreacht anois
- Dlíthe nua i bhfeidhm a neartaíonn cosaint do leanaí
- Ath-imlonnú 25 ball foirne nua go dtí aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána
- Ullmhúcháin do bhunú na Gníomhaireachta Nua um Thacaíocht Teaghlaigh agus Leanaí

Cumarsáid, Fuinneamh agus an Comhshaol

- Aistriú rathúil go teilifís dhigiteach agus €450 milliún cruinnithe de thoradh cheant speictrim
- Prótacal Maoine Intleachtúla Náisiúnta nua a chuidíonn chun smaointe a thráchtálú agus jabanna a chruthú trí thaighde
- Foilsíodh beartas nua náisiúnta bainistithe dramhaíola na hÉireann
- Seoladh ionad ilfhreastail nua d'eolas pleanála www.myplan.ie
- Daingniú Coinbhinsiún Aarhus
- Cinn Bhille um Ghníomh Aeráide nua foilsithe le haghaidh chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara

Talmhaíocht agus Iascaigh

- Sáraíonn onnmhairí talmhaíochta iomlána €9 billiún don chéad uair
- *Plean Saibhris Aigéin* nua chun comhordú mara a uasmhéadú
- Seoladh tionscnaimh inbhuanaithe nua *Origin Green*
- Osclaíodh Scéim Roghanna Agra-Chomhshaoil d'iontrálaithe nua
- Dul chun cinn déanta ar 90 faoin gcéad de ghníomhartha Fómhair 2020
- Éire ina ceannródaí maidir le cosc céimnithe an AE ar dhumpáil éisc
- Sruthlíniú ar chóras ceadúnais dobharshaothraithe

Cultúr, Spórt agus Iompar

- Cead tugtha do thógáil nascóir Luas/líne Dhroichead Broome a chosnóidh €368 milliún
- Tháinig mór-leasuithe san earnáil tacsaí i bhfeidhm in Eanáir 2013
- Dáileadh €850 milliún chun uasghrádú a dhéanamh ar líonra príomhbhealaigh agus mótarbhealaigh náisiúnta
- Leathnú suntasach ar scéim Rothar Bhaile Átha Cliath
- Cuireann maoiniú caipitil spóirt nua €31 mhilliún ar fáil do thionscadail spóirt
- Ghin tionscnamh nua daonchairdis breis agus €1 mhilliún i maoiniú breise do na healaíona
- Reachtaíocht nua i bhfeidhm ag tacú leis an nGaeilge

Idirnáisiúnta

- Treisíonn Comhráiteas 2012 ón Taoiseach agus ó Phríomh-Aire na Breataine caidreamh na Breataine - na hÉireann
- Fóram Parlaiminte Thuaidh Theas bunaithe chun síocháin agus comhoibriú a chur chun cinn
- Tionóladh 31 cruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas in 2012 a chuir comhoibriú eacnamaíoch chun cinn
- Caidreamh eacnamaíoch leis an tSín treisithe i ndiaidh cuairt stairiúil an Leas-Uachtaráin Xi Jinping agus an mhisin trádála chuig an tSín faoi cheannas an Taoisigh
- Tús rathúil le hUachtaránacht na hÉireann ar an AE
- Scór ard bainte amach ag Éire maidir le reachtaíocht AE a thrasuí
- Gabhadh de mhórthionscnamh taidhleoireachta chun tacú le hathchaibidlíocht ar an idirbheart faoin nóta gealltanais
- Toghadh Éire chuig Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine
- D'éirigh go maith le cathaoirleacht na hÉireann ar an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip

5. Dul Chun Cinn

Cur Chun Feidhme

Leanaí, Teaghlaigh agus Daoine Scothaosta

Reifreann na Leanaí
Is céim shuntasach chun cinn é rith an Reifrinn ar Leanaí i gcosaint chearta leanaí, aghaidh á tabhairt ar shaincheisteanna mar uchtú, idirghabháil chun a sábháilteacht agus a leas a chosaint, agus an ceart a thabhairt do leanaí a dtuairimí a thabhairt ina n-imeachtaí cosanta féin.

An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus Leanaí
Tá tuarascáil an Tascfhórsa ó Iúil 2012 mar fhaisnéis ag dréachtadh reachtaíochta chun an Ghníomhaireacht nua a bhunú. Ag an am céanna, tá ullmhúcháin oibríochta mhionsonraithe ar bun chun aistriú seirbhísí agus foirne ón HSE, ón mBord Náisiúnta Leasa Oideachais agus ón nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a éascú. Beidh foireann de bhreis ar 4,000 ag an nGníomhaireacht agus buiséad de bhreis ar €550 mhilliún. Tabharfaidh sí príomhsheirbhísí do leanaí agus do theaghlaigh le chéile agus is ionann é agus ceann de na leasuithe is suntasaí ar an tseirbhís phoiblí atá ar bun.

Cosaint Leanaí a Fheabhsú
Tá sraith reachtaíochta curtha chun cinn ag an Rialtas le cosaint leanaí a fheabhsú tuilleadh. Tháinig an tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Aosaigh Shoghonta a Choimeád Siar) 2012 i bhfeidhm i Lúnasa 2012 agus fágann gur cion é faisnéis faoi chionta tromchúiseacha a dhéantar in aghaidh linbh nó aosaigh shoghonta a choimeád siar.

Fágann an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Aosaigh Shoghonta 2012 go bhfuil sé éigeantach go mbeadh grinnfhiosrúchán déanta ag na Gardaí ar dhaoine atá ag obair le leanaí nó le haosaigh shoghonta. Tá ath-imlonnú déanta anois ar fhiche is a cúig ball foirne breise go dtí Lárionad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána chun a chinntiú go bhfuil foireann a dhóthain aige le freastal ar líon méadaithe na n-iarratas, ag éirí as an reachtaíocht seo.

Tarchuireadh Cinn Bhille nua, le bonn reachtúil a chur faoi Threoirlínte maidir le Tús Áite do Leanaí, chuig Coiste an Oireachtais ar Leanaí in Aibreán 2012 a bheidh mar fhaisnéis ag na tograí reachtaíochta deiridh.

Faoi Chaighdeáin Náisiúnta Nua um Chosaint agus Leasa Leanaí, tá seirbhísí túslíne do leanaí agus do theaghlaigh faoi réir iniúchta neamhspleáigh don chéad uair. Cinnteoidh na caighdeáin, a bhfuil éifeacht dhlíthiúil acu, go bhfuil cúram agus cosaint leordhóthanach á gcur ar fáil ag seirbhísí do leanaí soghonta, agus go bhfuil treoracha Tús Áite do Leanaí maidir le déileáil le himní leasa agus mí-úsáide á lánfheidhmiú.

Mar a mhol Tuarascáil Uí Riain, tá leacht cuimhneacháin d'íospartaigh mí-úsáide institiúide coimisiúnaithe agus cuirfear suas é lámh leis an nGairdín Cuimhneacháin i mBaile Átha Cliath.

Dlí Teaghlaigh a Leasú agus a Nuachóiriú

Tá reachtaíocht á hullmhú chun imeachtaí cúirte i gcásanna dlí teaghlaigh agus cúraim leanaí a dhéanamh níos trédhearcaí, an riail *in camera* á leasú chun rochtain ar na cúirteanna a cheadú don phreas. Ina theannta sin, bunaíodh tionscadal i Samhain 2012 a dhéanfaidh taighde ar éisteachtaí cúraim leanaí sna cúirteanna le bheith mar fhaisnéis ag beartas amach anseo agus le feasacht an phobail ar chosaint leanaí agus ar phróiseas na gcúirteanna a ardú.

An Dlí maidir le hUchtú a Leasú

Foilsíodh an dréachtBhille Uchtála (Leasú) i Meán Fómhair 2012 i gcomhthéacs Reifreann na Leanaí. Tabharfaidh an Bille cinnteacht do na cúinsí in ar féidir uchtú a bhreithniú, go háirithe do leanaí atá ina gcónaí faoi chúram altrama ar feadh tréimhse suntasaí mar gheall ar theip sheasmhach, thromchúiseach tuismitheora.

Na hEalaíona, Cultúr agus Spórt

Maoiniú daonchairdiúil do na hEalaíona

Rinneadh píolótú ar Thionscnamh Giarála Daonchairdiúla i 2012 chun spreagadh a thabhairt d'urraíocht daonchairdiúil agus do mhaoiniú dearlaice na n-ealaíon ó fhoinsí príobháideacha. Ghin infheistíocht €202,000 an Stáit maoiniú breise iomlán de bhreis agus €1 mhilliún do na healaíona i 2012.

Tá sé d'aidhm ag tionscnamh RAISE, a seoladh i nDeireadh Fómhair 2012, acmhainn san earnáil seo a neartú chun caidreamh téarmach a chothú leis an earnáil phríobháideach agus urraíocht agus maoiniú a chinntiú. Tá an Chomhairle Ealaíon tar éis tacaíocht ghairmiúil duine le duine a chur ar fáil don ocht eagraíocht a roghnaíodh ar feadh dhá bhliain, trí chlár tiomsaithe airgid ar leith a phleanáil agus a chur i bhfeidhm.

Maoiniú do Spórt

Cuireadh maoiniú nua de bheagnach €31 mhilliún ar fáil do thionscadail spóirt ar fud na tíre, sa chéad bhabhta de mhaoiniú caipitil spóirt le ceithre bliana.

Tugadh faomhadh do dheontais bhreise €2.6 mhilliún a cheadóidh do fiche is a dó comhlacht spóirt náisiúnta trealamh nua a cheannach chun cuidiú le rannpháirtíocht i spórt a threisiú.

Gnóthaí Eachtracha, Cúnamh Forbartha Coigríche, (ODA) agus Cosaint

A Chinntiú go gCuidíonn ár Líonra Taidhleoireachta chun ár gCáil a Athnuachan
Tionscnaíodh mórthionscnamh taidhleoireachta chun iarrachtaí athchaibidlíocht a dhéanamh ar an nóta gealltanais a chur chun cinn, rud a rinneadh i bhFeabhra 2013.

I rith 2012 stiúir Éire, mar Chathaoirleach in Oifig, an Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip go rathúil, a raibh an chomhdháil ardleibhéil ba mhó riamh d'Airí Eachtracha a tionóladh i mBaile Átha Cliath mar thoradh air.

I ndiaidh don tseirbhís taidhleoireachta agus d'Airí Rialtais feachtas forleathan a chur ar siúl, d'éirigh le hÉirinn a bheith tofa chuig Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine. Neartaíonn sé seo cáil na hÉireann mar thacadóir láidir ar son cearta an duine go hidirnáisiúnta.

Athbhreithniú á dhéanamh ar an bPáipéar Bán ar Chúnamh Forbartha Coigríche
Rinneadh athbhreithniú ar an bPáipéar Bán ar Chúnamh Éireann i 2012, chun scrúdú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag ár gclár cúnaimh, chun measúnú a dhéanamh ar an gcomhthéacs athraithe anseo sa mbaile agus ar fud an domhain, agus chun tosaíochtaí amach anseo a leagan amach. Tar éis próisis chomhairliúcháin rathúil, tá beartas nua ar ról na hÉireann sa bhforbairt idirnáisiúnta tugtha chun críche agus cuirfear faoi bhráid an Rialtais go luath é lena fhaomhadh.

Tuaisceart Éireann

Cur chun feidhme Comhaontuithe Aoine an Chéasta agus Chill Rímhinn
Tá an Rialtas ag obair go leanúnach chun tacú le próiseas na síochána agus tá creat cuimsitheach nua bunaithe do chaidreamh na Breataine – na hÉireann, a fhorbraíonn comhoibriú slándála, polaitiúla agus eacnamaíochta. Anuraidh, bronnadh deontais ar bhreis agus 130 eagraíocht phobail trí na Cistí Athmhuintearais agus Frithsheicteachais chun cúis an athmhuintearais a chur chun cinn.

Cuireann bunú an Fhóraim Pharlaiminte Thuaidh/Theas in 2012, a bhaintear go cothrom as comhaltaí de Chomhthionól Thuaisceart Éireann agus comhaltaí an Oireachtais, ardán foirmiúil ar fáil do rannpháirtíocht agus do chomhoibriú breise.

Mar chuid den aistriú digiteach, cuireadh TG4, RTÉ 1 & 2 agus Raidió na Gaeltachta ar fáil don chéad uair ar Freeview i dTuaisceart Éireann rud a fhágann go bhfuil craoladh i nGaeilge níos inrochtana i dTuaisceart Éireann mar a fhoráiltear dó le Comhaontú Aoine an Chéasta.

Comhar Eacnamaíoch Níos Mó
Tionóladh tríocha is a haon chruinniú earnála den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas i 2012. Ba é seo an líon ba mhó ó foirmíodh í agus chuidigh sé le comhar eacnamaíoch a chur chun cinn agus le díriú ar chruthú jabanna lena n-áirítear:

- Obair an Tascfhórsa um Théarnamh Turasóireachta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist an mheatha ar chuairteoirí ón mBreatain Mhór le blianta beaga anuas;
- Méadú de bhreis agus 50 faoin gcéad i maoiniú Taighde agus Forbartha ón Eoraip do thionscadail Thuaidh/Theas ó Shamhain 2011 go Iúil 2012;
- Tabhairt isteach dhá chlár nua de chuid Idir-Thrádáil Éireann, *Challenge* agus *Elevate*, a thacaíonn le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus micrifhiontair, chun fás agus forbairt trí nuáil agus onnmhairiú.

Chuir an Comhráiteas a d'eisigh an Taoiseach agus an Príomh-Aire David Cameron i Márta 2012 tús le dianchlár oibre dírithe ar chaidreamh na Breataine – na hÉireann a threisiú do na deich mbliana romhainn. Áirítear anseo ullmhúchán comhthuarascála a fhoilseofar i Márta, a dhéanfaidh measúnú ar chaidreamh eacnamaíoch idir an Bhreatain agus Éire agus a aithneoidh deiseanna do chomhoibriú níos dlúithe.

Éire san Eoraip

Uachtaránacht na hÉireann ar an AE a Sheachadadh
Tar éis seoladh rathúil ar chlár Uachtaránachta na hÉireann – "Ar mhaithe le Cobhsaíocht, Poist agus Fás" – tá dul chun cinn á dhéanamh cheana ar sheachadadh na bpríomhchuspóirí seo.
Tá Uachtaránacht na hÉireann ar thús cadhnaíochta anois thar ceann na mBallstát agus toiliú Pharlaimint na hEorpa á lorg don chomhaontú a dtáinig ceannairí AE air ar Bhuiséad 2014-2020.

Tá Uachtaránacht na hÉireann ag cur tograí chun cinn go tapa ar Aontas Baincéireachta agus ar bhearta rialachais eacnamaíochta feabhsaithe agus tá reachtaíocht thábhachtach bainte amach cheana acu sa réimse seo.

Ar roinnt de na príomhthosaíochtaí atá aitheanta ag an Rialtas chun fás agus cruthú jabanna a spreagadh áirítear dul chun cinn a dhéanamh ar thograí dírithe ar an Margadh Aonair agus ar an Margadh Aonair Digiteach a threisiú, tacaíocht fheabhsaithe do thaighde agus do nuáil ar fud an AE, agus comhaontuithe trádála nua le tríú tíortha. Ar na mórghníomhartha tábhachtacha atá bainte amach cheana áirítear Ráthaíocht Óige agus an Chúirt Phaitinne Aontaithe.

Leanfaidh Éire uirthi ag obair ar mhaithe le haontú ar na cláir a sheachadann ar chuspóirí beartais AE lena n-áirítear Horizon 2020 i réimse na taighde, leasú ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CAP) agus ar an gComhbheartas Iascaigh, Comhtháthú, Erasmus agus an Clár COSME d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide.
Leanfaidh an Rialtas air le linn a hUachtaránachta ag cur príomhtheachtaireachtaí faoi théarnamh eacnamaíoch na hÉireann in iúl do phobal idirnáisiúnta leathan chun cáil na hÉireann a threisiú.

Cuireann láithreán gréasáin nua, www.eu2013.ie, faisnéis cothrom le dáta agus tuairisciú ar Uachtaránacht na hÉireann ar fáil do shaoránaigh mar aon le mórimeachtaí atá ar fáil le breathnú orthu via sruth beo.

Reachtaíocht an AE a Thrasuí
Tá monatóireacht á déanamh ag coiste idir-rannach nuabhunaithe ar Rannpháirtíocht Eorpach ar dhul chun cinn na hÉireann i dtrasuí ar reachtaíocht an AE ina dlí baile agus ar chinntiú go gcomhlíonfaimid Treoracha an AE. Don chéad uair, agus trasuí déanta ar na treoracha go léir in am cuí, tá Éire tar éis an scór is airde is féidir d'easnamh trasuite nialasach a bhaint amach i Scórchlár Margaidh Inmheánaigh Choimisiún an AE, í ar an dara Ballstát de chuid an AE a bhain é seo amach.

Ról na hÉireann i gComhar Gnóthaí Baile agus Breithiúnacha AE a Fheabhsú
Forálann an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla, atá ag feidhmiú ó Aibreán 2012, do mhalartú leictreonach faisnéise um thaifid choiriúla idir na Ballstáit.

An Ghaeilge agus an Ghaeltacht

An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge
Forálann Acht na Gaeltachta 2012 do shainmhíniú nua ar an nGaeltacht bunaithe ar chritéir teangeolaíochta seachas ceantair gheografacha, agus pleanáil teanga ag leibhéal an phobail lárnach ann. Forálann an tAcht freisin d'aitheantas ar thábhacht ceantar uirbeach níos lú ina n-úsáidtear an Ghaeilge go forleathan i measc an phobail.

Cuireadh tús leis an gClár Tacaíochta Teanga do Teaghlaigh in Aibreán 2012 chun an Ghaeilge a threisiú mar theanga pobail agus teaghlaigh sa Ghaeltacht trí thacú le teaghlaigh Ghaeltachta a bpáistí a thógáil trí Ghaeilge.

Curaclam na Gaeilge a Leasú
Ardaíodh na marcanna do scrúdú béil Gaeilge na hArdteistiméireachta ó 25% go 40% de na marcanna foriomlána ó Ardteistiméireacht 2012. Tugadh tosaíocht do phríomhréimsí le gníomh a dhéanamh, lena n-áirítear soláthar curaclam níos fearr don Ghaeilge i scoileanna príomhshrutha agus scoileanna trí mheán na Gaeilge. Déanfaidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta athbhreithniú ar churaclam na Gaeilge ag leibhéil iar-bhunscoile agus bunscoile.

Athrú Aeráide

Athrú Aeráide
Tugann an Creat Náisiúnta Oiriúnaithe um Athrú Aeráide, a foilsíodh i Nollaig 2012, creat beartais isteach chun a chinntiú go gcuirtear bearta oiriúnaithe i gcrích ar fud earnálacha difriúla agus leibhéil rialtais chun leochaileacht na hÉireann do thionchair dhiúltacha athrú aeráide a bhainistiú agus a laghdú.

Eisíodh Cinn Bhille um Fhorbairt Ísealcharbóin agus um Ghníomh Aeráide le breithniú ag páirtithe leasmhara agus Comhchoiste an Oireachtais um Chomhshaol, Chúltúr agus Ghaeltacht. Cuirfidh an reachtaíocht bheartaithe oibleagáid reachtúil ar an Rialtas pleananna a ghlacadh agus a chur i ngníomh a chumasaíonn an Stát aistriú go geilleagar ísealcharbóin, athléimneach ó thaobh aeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de sa tréimhse go 2050. Beidh tuarascáil an Chomhchoiste, agus an anailís bheartais le gairid ón Rúnaíocht don Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta ina bpríomh-ionchuir a ndéanfaidh an Rialtas a bhreithniú agus seasamh beartais náisiúnta ar an aistriú go todhchaí ísealcharbóin a ghlacadh agus tabhairt isteach reachtaíochta aeráide á thabhairt chun críche níos deireanaí i 2013.

Thug Buiséad 2013 tuilleadh bearta isteach a bhí ceaptha aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa, lena n-áirítear leathnú na cánach carbóin go breoslaí soladacha, agus tuilleadh athstruchtúraithe ar Cháin Chláraithe Feithiclí agus ar Mhótarcháin.

Fuinneamh

Tógadh roinnt céimeanna suntasacha i dtreo forbairt earnála onnmhairithe fuinnimh idir Éire agus an Bhreatain, leis an gcumas na mílte post a chruthú in Éirinn. Tháinig an tIdirnascaire Thoir-Thiar, a cheanglaíonn eangach chumhachta na hÉireann agus na Breataine, i bhfeidhm anuraidh. Síníodh Meabhrán Tuisceana idir Rialtais na hÉireann agus

na Breataine in Eanáir, céim eatramhach i dtreo Lán-Chomhaontú Idir-rialtasach a bhfuil coinne leis go luath i 2014.

Ceadúnú Urthrá níos Éifeachtúla
Rinneadh obair shuntasach chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht ceadúnaithe urthrá, roinnt bearta á bhforbairt lena n-áirítear treoirlínte, nósanna imeachta feidhmithe caighdeánacha, beartú tosaíochta, agus próiseas comhairliúcháin réamhiarratais. Tugadh rialacháin isteach freisin a chuireann teorainn ama (4-8 seachtain) ar chomhairliúcháin le comhlachtaí forordaithe.

Druileáil amach ón gCósta
Tá tús curtha le próiseas soláthair do mhórshuirbhé den chineál is nua-aimseartha a chuirfidh leis an dtuiscint ar acmhainn pheitriliam amach ó chósta na hÉireann agus a thabharfaidh spreagadh d'iarrachtaí infheistíocht taiscéalaíochta shoghluaiste idirnáisiúnta a mhealladh go hÉirinn.

Rialáil

Rialálaithe a Chuíchóiriú
Agus mórathruithe ar thírdhreach eacnamaíoch na hÉireann á gcur san áireamh tá gá athmheasúnú agus athfhrámáil a dhéanamh ar ról rialálaithe mar chuid lárnach de théarnamh eacnamaíochta na hÉireann agus chun leas an tomhaltóra a chosaint. Sa chomhthéacs seo tá an Rialtas tar éis príomhchúram i leith na bhfeidhmeanna éagsúla sa réimse rialála a shannadh ar roinnt Ranna beartais chun fócas earnála níos géire agus cumas seachadta níos mó a sholáthar. Tá Forfás tar éis staidéar a thabhairt chun críche freisin ar líon réimsí a aithint ina bhféadfadh athruithe ar a bhfeidhmiú fíorthionchar dearfach a bheith acu ar iomaíochas costais. Cuideoidh moltaí an athbhreithnithe chun an clár rialála eacnamaíoch níos leithne a chur ar an eolas, lena n-áirítear ullmhú Ráitis Rialtais Nua ar Rialáil Eacnamaíoch, ar phríomhtháirge inseachadta é sa Phlean Gnímh do Jabanna 2013.

Beartas Dramhaíola Inbhuanaithe

Beartas Dramhaíola Náisiúnta Nua
Tá sé d'aidhm ag beartas bainistithe dramhaíola nua an Rialtais, a seoladh in Iúil 2012, méid na dramhaíola a chuirimid ar fáil a íoslaghdú, deireadh a chur le líonadh talún agus dramhaíl mar acmhainn chun táirgí nua agus fuinneamh in-athnuaite a chur ar fáil a uasmhéadú.

Tá an chéad chéim de chur i bhfeidhm an bheartais curtha i gcrích anois le luacháil gach ceann de na deich bPlean Bainistithe Dramhaíola Réigiúnacha. Déanfar struchtúr na dtrí Réigiún Pleanála Dramhaíola nua a dheimhniú go luath i 2013 agus cuirfear an t-ardán don chéad chéim eile den chur i bhfeidhm ar fáil. Tá athbhreithniú ar struchtúir fhorfheidhmithe

dramhaíola ar siúl agus tá tús curtha freisin leis an obair ar dhearadh réimis nua chun bailiú dramhaíola a cheadú.

Cáilíocht an Chomhshaoil a Fheabhsú

Coinbhinsiún Aarhus a Dhaingniú
Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún Aarhus, a leagann síos sraith rialacha bunúsacha chun rannpháirtíocht saoránach i gcúrsaí comhshaoil a spreagadh agus forfheidhmiú dlí comhshaoil a fheabhsú, i Meitheamh 2012.

Móin

Baint Mhóna
D'fhág obair na Comhairle Tailte Móna agus an Scéim Chúitimh tacaíochta gur staon suas le 70 faoin gcéad de bhainteoirí móna ó bhaint ar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta i rith 2012. Go dtí seo, eisíodh beagnach €3.5 mhilliún tríd an Scéim Chúitimh fheabhsaithe, trí 2,148 íocaíocht chúitimh.

Cumarsáid

An tAistriú Digiteach
Tugadh an t-aistriú digiteach teilifíse chun críche go rathúil i nDeireadh Fómhair 2012 tar éis mórfheachtais faisnéise phoiblí. Bhí toradh díbhinne €450 milliún don Státchiste ar an gceant speictrim dá éis, a thionól ComReg i Samhain, agus €405 milliún breise le híoc ar bhonn céimnithe thar na blianta atá le teacht.

Prótacal Maoine Intleachtúla Náisiúnta Nua a Fhorbairt
Foilsíodh an Prótacal Maoine Intleachtúla (IP) Náisiúnta nua i 2012 le go mbeadh sé níos éasca jabanna a thráchtálú agus a chruthú ó smaointe a forbraíodh trí thaighde a raibh maoiniú poiblí aige.

Seirbhís Phoist Uilíoch a Choinneáil
Ba é an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011 an chéim dheiridh in oscailt an mhargaidh poist d'iomaíocht iomlán. Cinntíonn an tAcht freisin soláthar seirbhíse poist ar gach lá oibre chuig gach seoladh ar fud na tíre, an tseirbhís uilíoch seo á ráthú ar feadh dhá bhliain déag agus leibhéil níos láidre cosanta tomhaltóra á sholáthar, lena n-áirítear modhanna sásaimh agus caidhp praghais ar na seirbhísí is coitianta a úsáidtear.

Iompar

Infheistíocht i Seirbhísí Comaitéara Ard-Acmhainne
Cuirfear tús i 2013 leis an réamhobair ar thógáil an tionscadail €368 milliún Líne Luas Traschathrach, a nascfaidh an dá líne Luas atá ann cheana idir Faiche Stiabhna agus Sráid Uí Chonaill agus a leathnóidh an tseirbhís go Droichead Broome.

Le pacáiste spreagtha an Rialtais, a fógraíodh in Iúil 2012, tugadh buiséad don chlár bóithre agus leithdháileadh €850 milliún do nuachóirithe riachtanacha ar an líonra príomhbhealaí agus mótarbhealaí. Fágfaidh sé seo gur féidir tús a chur leis an obair ar roinnt príomhthionscadal, lena n-áirítear an nasc An Gort-Tuaim agus seachbhóthar Ghuaire-Inis Córthaidh/Ros Mhic Triúin.

Nuachóiriú ar Rialáil Tacsaithe
Tháinig raon leasuithe i bhfeidhm ó Eanáir 2013 le gairmiúlacht níos mó, cosaint tomhaltóra agus freagracht a thabhairt don earnáil tacsaí.
Cuideoidh an Bille um Rialáil Tacsaithe, a foilsíodh i 2012, le forfheidhmiú rialachán tacsaithe a fheabhsú agus forálfaidh sé do dhícháiliú éigeantach daoine a chiontaítear i gcionta sonraithe.

Rothaíocht agus Taisteal Inbhuanaithe
Chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair maoiniú €2.6 mhilliún ar fáil do leathnú scéim Rothar Bhaile Átha Cliath, a fhágfaidh go mbeidh 1000 rothar nua ar fáil in 2013 ag 66 stáisiún nua ar fud chathair Bhaile Átha Cliath, ó na Dugthailte go Stáisiún Heuston.

Leanfar le hinfheistíocht shuntasach i dtaisteal inbhuanaithe faoi chlár cúig bhliana €65 mhilliún a aontaíodh in 2012, lena n-áirítear:

- 334 ciliméadar de rotharbhealach nua atá le tógáil ar fud na tíre as seo go ceann dhá bhliain
- €23 milliún chun cur ar chumas údarás áitiúla áiseanna do rothaithe agus do choisithe a shuiteáil agus a nuachóiriú ar fud trí bhaile.

Muirir Aerfoirt
Mhéadaigh líon na bpaisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath 2 faoin gcéad go 19.1 mhilliún in 2012, sa dara bliain fáis as a chéile. De thoradh an leathnaithe seo tá Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (DAA) tar éis aisíoc €1.5 milliún i muirir aerfoirt a íoc le fiche is a cúig aerlíne. Íocadh an aisíoc faoi Scéim Dreasachta Fáis an DAA atá dírithe ar airlínte a spreagadh chun a ngnó a choinneáil agus a fhás in Éirinn.

Talmhaíocht

Fómhar Bia 2020

Thuairisc *Garspriocanna na Rathúlachta 2012* dul chun cinn i bhfeidhmiú Fómhar Bia 2020, agus léirigh go raibh gníomh tosaithe nó curtha chun cinn go mór ar 90 faoin gcéad de na moltaí. Dhírigh an tuarascáil aird freisin ar an earnáil agraibhia agus iascaigh ar cheann de chlocha coirnéil téarnaimh onnmhairithe náisiúnta í, agus méadú beagnach 2 faoin gcéad tagtha ar luach onnmhairí agraibhia in 2012 a sháraigh €9 billiún don chéad uair.

Ar phríomhthoradh Fómhar Bia 2020 tá seoladh Origin Green i 2012, an chéad chaighdeán inbhuanaithe forleitheadach ar domhan.

An Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta a Leathnú

Cuireadh maoiniú €20 milliún ar fáil chun ceadú don Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta (AEOS) oscailt d'iontrálaithe nua. Seoladh AEOS 3 i Meán Fómhair 2012 agus tógann sé ar rathúlacht AEOS 1&2 agus ar an Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe i seachadadh ioncaim bhliantúil d'fheirmeoirí in éiric feirmeoireacht a dhéanamh go hardchaighdeáin comhshaoil.

Pobail ar an gCósta, Iascaigh agus Muirthimpeallacht

An Comhbheartas Iascaigh

Ghlac ár gcomhpháirtithe AE le comhréiteach a chuir Éire chun cinn ag an gComhairle Iascaigh i Meitheamh 2012, a chinntigh go mbeidh cosc anois ar bhonn céimnithe ar an gcleachtas na milliúin tonna éisc marbh gan iarraidh a chaitheamh ar ais san uisce. Tacóidh an comhaontú le todhchaí níos sláine do thionscal iascaigh na hÉireann agus ag an am céanna cuirfidh sé cur chuige níos inbhuanaithe do bhainistiú stoc éisc chun cinn.

Dobharshaothrú

D'fhág sruthlíniú an chórais cheadúnais dobharshaothraithe go ndearnadh 115 cinneadh chun ceadúnais a dheonú nó a athnuachan in 2012, i gcomparáid le 6 cinneadh in 2011.

Comhordú níos fearr i Seachadadh Beartais Mhuirí

Tá sé d'aidhm ag *Ár Saibhreas Muirí a Ghabháil – Plean Muirí Comhtháite d'Éirinn,* a foilsíodh in Iúil 2012, comhordú muirí a uasmhéadú agus leas a bhaint as ár n-acmhainní aigéin. Tá sé ag iarraidh na cúinsí cearta a chruthú le hinfheistíocht a spreagadh agus fás a chumasú, trí phlean a dhúblódh luach saibhreas aigéin na hÉireann faoi 2030, le linn dó ár dtimpeallacht mhuirí a chosaint chomh maith. Tá an Grúpa Comhordaithe Muirí ag brú feidhmiú an phlean seo ar aghaidh agus tá tuairisciú ráithiúil á dhéanamh ar ghníomhartha thar ranna ábhartha agus gníomhaireachtaí gaolmhara uile.

Pleanáil

Pleanáil Chomhordaithe níos fearr

Tharla roinnt forbairtí in 2012 chun cuidiú le pleanáil níos fearr:

- Foilsiú *Ár dTodhchaí Inbhuanaithe – Creat d'Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn* chun réimsí agus meicníochtaí beartais a aithint agus a chur in ord tosaíochta áit a gcuirfidh cur chuige forbartha inbhuanaithe leis an luach.
- Soláthraíonn leasuithe nua Rialtais Áitiúil do chruthú Comhthionól Réigiúnacha nua a dhréachtfaidh Straitéisí Eacnamaíochta agus Spásúla Réigiúnacha sa todhchaí chun feidhmiú mar dhroichead idir pleananna náisiúnta agus áitiúla.
- Comhairliúchán poiblí a reáchtáladh ar dhréacht-threoirlínte d'údaráis phleanála in ullmhú agus i gcur i bhfeidhm Pleananna Ceantair Áitiúil.
- Seoladh córas faisnéise pleanála saor in aisce nua ar fáil don phobal. Cuireann myplan.ie faisnéis ar fáil atá ábhartha don phleanáil lena n-áirítear torthaí daonáirimh, mapáil tuillte, faisnéis chriosaithe, suíomhanna oidhreachta agus patrúin forbartha tithíochta. Déanfaidh an suíomh ní hamháin leas saoránach ach cuideoidh sé le comhordú feabhsaithe idir údaráis áitiúla agus seachadadh níos fearr seirbhísí poiblí.

6. Tiomantais faoi Athbhreithniú

Pacáiste Sochair Teaghlaigh a chur amach ar Thairiscint
Tá comhairle dhlíthiúil faighte ag an Rialtas ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, ón gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh agus ón Údarás Iomaíochta, a léiríonn nach bhfuil sé indéanta an Pacáiste Sochair Teaghlaigh a chur ar thairiscint. Lorgófar an luach is fearr ar airgead i gcónaí ó chuideachtaí fóntas poiblí, ag cur leis gcoigilteas bliantúil de €17 milliún a fuarthas ó Eircom in 2011.

Córas Tairiscintí Iomaíocha do Sheirbhísí Bailiúcháin Dramhaíola Áitiúla
Tá sé beartaithe ag an Rialtas, bunaithe ar chomhairliúchán poiblí fairsing, ar chomhairle ón Údarás Iomaíochta agus ar thoradh Anailíse Tionchair Rialála, an struchtúr margaidh reatha do bhailiúchán dramhaíola teaghlaigh a choinneáil agus córas rialála treisithe i bhfeidhm.

Aguisín 1
Reachtaíocht Rialtais a achtaíodh ó Mhárta 2012

An tAcht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2012
An tAcht Sláinte (Soláthar Seirbhísí Lia-Chleachtóirí Ginearálta) 2012
An tAcht um Chomhaontuithe Bretton Woods (Leasú) (Uimh. 2) 2012
An tAcht um Shaoráid Iasachta an Limistéir Euro (Leasú) 2012
An tAcht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas (Leasú) 2012
An tAcht um Thiúchán Fachtóra Téachta agus Táirgí Bitheolaíochta eile 2012
An tAcht Airgeadais 2012
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Baineann) 2012
An tAcht um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais) 2012
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2012
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaíochta Shealadach) 2012
An tAcht Oideachais (Leasú) 2012
An tAcht um Rialáil Leictreachais (Tobhach Ioncaim Carbóin) (Leasú) 2012
An tAcht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála) 2012
An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2012
An tAcht Iomaíochta (Leasú) 2012
An tAcht um an Tríochadú Leasú ar an mBunreacht (An Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialacha san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta) 2012
An tAcht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2012
Acht na gComhphobal Eorpach (Leasú) 2012
An tAcht um an Sásra Cobhsaíochta Eorpach 2012
Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2012
An tAcht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2012
An tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa 2012
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Shoghonta a Choimeád Siar) 2012
An tAcht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2) 2012
An tAcht um Chleachtadh Tréidliachta (Leasú) 2012
An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Barántais Chuardaigh) 2012
An tAcht um Barántas Gabhála Eorpach (Feidhm maidir le Tríú Tíortha agus Leasú) agus Eiseachadadh (Leasú) 2012
An tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012
An tAcht um an gCiste Iasachta do Mhionfhiontair 2012
An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú) 2012
Acht na Gaeltachta 2012

An tAcht um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe 2012
An tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta) 2012
An tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012
An tAcht Ombudsman (Leasú) 2012
An tAcht um Fhreagracht Bhuiséadach 2012
An tAcht um Chomhar Creidmheasa agus Comhar le Rialálaithe Coigríche 2012
An tAcht um Stádas Comhionann (Leasú) 2012
An tAcht Leithreasa 2012
An tAcht Leasa Shóisialaigh 2012
An tAcht um Chosaint Shibhialta 2012
An tAcht um Chlárú Sibhialta (Leasú) 2012
An tAcht um Europol 2012
An tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012
An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (Leasú) 2012
An tAcht Árachais Sláinte (Leasú) 2012
An tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012
An tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012
An tAcht Iompair (Iasachtaí Chóras Iompair Éireann agus Fochuideachtaí) 2012
An tAcht um Shaoráid Iasachta an Limistéir Euro (Leasú) 2013
An tAcht fá Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc 2013
An tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) (Uimh. 2) 2013

Aguisín 2
Cuíchóiriú Comhlachtaí Stáit

Cuíchóirithe a cuireadh i bhfeidhm go hiomlán lena mbaineann 21 comhlacht

Roinn	Comhlacht agus Gníomh	Stádas
Oideachas agus Scileanna	Cónascadh Dámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna, Comhairle Dámhachtainí Oiliúna agus Ardoideachais agus Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann agus feidhmeanna Bhord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann á n-ionchorprú	Tugtha chun críche Samhain 2012 Bunaíodh Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann mar ghníomhaireacht chomhtháite nua in áit na 4 Chomhlacht
	Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht agus Comhairle na nDaonnachtaí agus na hEolaíochta Sóisialta a chumasc i gcomhairle chomhdhlúite amháin faoin Údarás um Ard-Oideachas.	An cumasc tugtha chun críche i Márta 2012
Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil	An Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil agus an Bord Seirbhísí Bainistithe Rialtais Áitiúil a chumasc	Tugtha chun críche i Lúnasa 2012.
	2 Ghníomhaireacht Athnuachana i Luimneach a chumasc le hÚdaráis Áitiúla	Tugtha chun críche in Iúil 2012.
	An Comhairle Leabharlanna a ionchorprú i gcomhlacht poiblí atá ann cheana	Tugtha chun críche in Eanáir 2013 – ionchorpraithe i nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
	Comhar le comhtháthú sa Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta.	Tugtha chun críche in Eanáir 2012
	An Chomhpháirtíocht Tithíochta In-Acmhainne, an Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta agus an tIonad do Thaighde Tithíochta a chumasc i gcomhlacht nua	Tugtha chun críche i Lúnasa 2012 – bunaíodh an Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe
	Bord na gCuntas Díomhaoin a scor	Tugtha chun críche i Nollaig 2012
Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú	An Coimisiún ar Cheapacháin Seirbhíse Poiblí a chumasc leis an Ombudsman	Tugtha chun críche i nDeireadh Fómhair 2012
Sláinte	An Chomhairle Náisiúnta um Fhorbairt Ghairmiúil an Altranais agus an Chnáimhseachais curtha isteach sa Bhord Altranais.	Tugtha chun críche i Nollaig 2011
Iompar, Turasóireacht agus Spórt	Údarás Turasóireachta Réigiún Bhaile Átha Cliath - cumasc a d'fhéadfadh a bheith ann le Fáilte Ireland	Tugtha chun críche in Eanáir 2012.
Cosaint	An Bord Cosanta Sibhialta a ionchorprú sa Roinn	Tugtha chun críche i Nollaig 2012
Dlí agus Ceart agus Comhionannas	Aistriú na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh go dtí an Bord um Chúnamh Dlíthiúil	Tugtha chun críche i Samhain 2011

Cuíchóirithe agus athruithe riaracháin nó reachtacha ar bun thar 82 comhlacht

Roinn	Comhlacht agus Gníomh	Stádas
Oideachas agus Scileanna	Lion na gCoistí Gairmoideachais a laghdú ó 33 go 16	Tá Bille cumasaithe os comhair na Dála faoi láthair
Poist, Fiontar agus Nuálaíocht	Institiúidí caidreamh tionsclaíoch/ cearta fostaithe a chuíchóiriú (an Chúirt Oibreachais, an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta, an Binse Achomhairc Fostaíochta, an Binse Comhionannais)	Rinneadh dul chun cinn suntasach go dtí seo ar bhonn riaracháin ó thaobh an tsamhail nua dhá stór a thógáil le linn dréachtadh na reachtaíochta a bhfuil faomhadh go ginearálta aice ón Rialtas
	An tÚdarás Iomaíochta agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí a chónascadh	Faomhadh faighte ó dhréacht-Chinn an Bhille agus é i gClár Reachtaíochta Earraigh an Rialtais
	An raon do chónascadh Forfás leis an Roinn Post, Fiontair & Nuálaíochta a bhunú	Tá maoirseacht á déanamh ag Grúpa Feidhmithe a chuimsíonn bainistíocht shinsearach ón Roinn, Forfás agus D/PER, ar an tionscadal comhtháite.
	Athbhreithniú ar 35 Bhord Fiontair Cathrach agus Contae	Tá an bille leis an struchtúr CEB a dhíscaoileadh agus feidhmeanna a aistriú go Fiontar Éireann i gClár Reachtaíochta Earraigh an Rialtais.
Dlí agus Ceart agus Comhionannas	An tÚdarás Comhionannais a chónascadh leis an gCoimisiún um Chearta an Duine le Coimisiún nua a chur ar bun	Tá an beart á chur chun cinn faoi láthair ar bhonn riaracháin go n-achtófar an reachtaíocht atá riachtanach – faomhadh faighte ag Dréacht-Chinn Bhille
Ealaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht	Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Gailearaí Ealaíne Crawford & Dánlann Náisiúnta na hÉireann a chónascadh	Creat do Chomhoibriú agus do Sheirbhísí Feabhsaithe aontaithe.
	An Chartlann Náisiúnta agus Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a chónascadh leis an Leabharlann Náisiúnta & seirbhísí á roinnt leis an Ard-Mhúsaem	Forbairt déanta ar shamhail nua seirbhísí roinnte agus rialachais a gcuirfear i bhfeidhm ar bhonn riaracháin go dtí go n-achtófar reachtaíocht chumasúcháin
	Feidhmeanna an Choimisinéara Teanga a nascadh le hoifig an Ombudsman.	Tá coinne leis na tograí reachtaíochta riachtanacha chun é seo a chur chun cinn sa chéad ráithe 2013
Iompar, Turasóireacht agus	An NRA a chónascadh leis an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród	Cuirfear Scéim Ghinearálta an Bhille faoi bhráid an Rialtais sa

Spórt		chéad ráithe 2013
	Nascadh Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt le Comhairle Spóirt na hÉireann	Dréacht-Scéim Ghinearálta an Bhille le cur faoi bhráid an Rialtais sa chéad ráithe de 2013.
	Athbhreithniú ar Ról Fhorbairt na Sionainne (Turasóireacht) agus nascadh a d'fhéadfadh a bheith ann le Fáilte Ireland	Tograí don chumasc faofa ag an Rialtas agus cuirfear i bhfeidhm iad faoin dara ráithe 2013
Cumarsáid, Fuinneamh & Acmhainní Nádúrtha	Údarás Forbartha an Mhoil Dhigitigh a nascadh le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	An nascadh curtha i bhfeidhm ar bhonn riaracháin go dtí go n-achtófar reachtaíocht
Leanaí agus Gnóthaí Óige	Feidhmeanna cúl-oifige an Ombudsman do Leanaí le nascadh leis an gCoimisinéir Faisnéise	Samhail seirbhísí roinnte le cur i bhfeidhm.
	Gníomhaireacht Tacaíochta Teaghlaigh a chónascadh le Gníomhaireacht Tacaíochta Teaghlaigh agus Leanaí nua	Tá cuid mhór de dhréachtadh na reachtaíochta riachtanaí déanta
Sláinte	Boird na Radharceolaithe a nascadh le Comhairle Ghairmithe Chúram Sóisialta agus Sláinte	Tá an togra seo á chur chun cinn ag Grúpa Oibre.